Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Uiscebhealaí Éireann
Waterways Ireland Watterweys Airlann

2018

Uiscebhealaí Éireann
Waterways Ireland Watterweys Airlann

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2018

Arna leagan faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an
dá Theach den Oireachtas de réir
an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe)
(Tuaisceart Éireann)
1999, Sceideal 1, Iarscríbhinn 2, Cuid 7,
Mír 1.3 agus Mír 2.6, ag Uiscebhealaí Éireann

An Clár Ábhar

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 2

Iarscríbhinn a ghabhann leis an Réamhrá 4

Cuid 1

Ról Uiscebhealaí Éireann 6

Ár Straitéis 7

Ár nEochairtháscairí Feidhmíochta 8

Comhoibriú 13

Cuid 2

Ár bhFeidhmíocht Straitéiseach

Conairí Uiscebhealaí den Scoth a Chothabháil 15

Ár gComhshaol agus ár nOidhreacht a Chosaint 18

Rannpháirtíocht an Phobail a Mhéadú agus Deiseanna a Chur ar Fáil 20

Canáil Uladh 23

Glasbhealach Chanáil Uladh 23

Oideachas & Oidhreacht 24

Comhdháil Canálacha an Domhain 24

Cur lenár nIoncam 25

Rialachas Corparáideach 25

Cuid 3

Aguisín 1 Struchtúr Eagrúcháin Uiscebhealaí Éireann 27

Aguisín 2 Ár bhFoireann agus Sonraí Teagmhála 28

Cuid 4

Cuntais don bhliain dar críoch an Nollaig 2018 29

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba mhór an phribhléid dom an ról a ghlacadh mar an dara Príomhfheidhmeannach ar Uiscebhealaí Éireann, agus beidh mé ag éirí as an bpost sin i ndeireadh mhí Eanáir 2019.

Mar eagraíocht tugaimid aire do roinnt de na hacmhainní fóillíochta taobh amuigh is luachmhaire in Éirinn, agus tá dúshlán soiléir againn mar chomhlacht uile-oileáin le léiriú gur féidir níos mó a bhaint amach do dhaoine ar fud an oileáin nuair a oibrímid le chéile seachas a mhalairt.

Bhí na cúig bliana seo caite dúshlánach, athraíodh ár bhfócas, aistríodh ár mbonn custaiméirí ó úinéirí bád, den chuid ba mhó, chuig raon custaiméirí i bhfad níos leithne agus deiseanna nua le haghaidh úsáid na n-uiscebhealaí agus méadú ag teacht ar an úsáid sin.

A bhuíoch le scileanna agus taithí ár bhfoirne oibríochtúla, agus in ainneoin laghdú mór ar mhaoiniú, bhíomar in ann freagairt ar theipeanna bonneagair, chuireamar tús le déanamh agus athchur geataí loic, agus rinneamar cothabháil ar na céadta suíomh áineasa agus taitneamhachta ar fud na n-uiscebhealaí. Laghdaíomar forchostais, ghearramar siar ar an bhfoireann ardbhainistíochta agus d'aithníomar go gcuireann foireann shéasúrach lenár n-oibriúcháin ar bhealach luachmhar agus costéifeachtach.

Thacaigh an fhoireann Oibríochta lena gcomhghleacaithe ar an bhfoireann Cigireachta agus chuir siad béim ní ba láidre ar chomhlíonadh na bhfodhlíthe agus tá fodhlíthe nua atá níos fearr againn anois.

D'éirigh go maith linn in ainneoin uisce breise, tuilte agus ansin easpa uisce a bhí againn an samhradh seo caite. Rinneamar úsáid na n-uiscebhealaí a éagsúlú trí Ghormbhealaí agus mealladh úsáideoirí nua le haghaidh siúlóidí, curachóireachta agus rothaíochta.

In 2019 cuirfear críoch a bheag nó a mhór leis an obair ar an mbealach rothaíochta easbhóthair is faide sa tír agus a leanann an Chanáil Ríoga ó Mhaigh Nuad chuig Clondara, buíochas le hiarrachtaí na bhfoirne ó ranna éagsúla ar fud na heagraíochta.

Bhíothas in ann leanúint ar aghaidh le forbairtí trí mhaoiniú tríú páirtí a mhealladh i gcomhair tionscadal ar ár n-uiscebhealaí, cuir i gcás, Clárchosán Loch na nAcraí, Droim Seanbhó, forbairt Uiscebhealach Íochtar na Banna a óstálfaidh Comórtas Garbhshlatiascaireachta na hEorpa in 2019, agus forbairt cosán tarraingthe agus áiseanna sna huiscebhealaí.

I gcroílár obair Uiscebhealaí Éireann maidir le sócmhainní nádúrtha agus tógtha na n-uiscebhealaí atá tábhachtach ó thaobh oidhreachta de a chaomhnú, d'aimsíomar bealaí nua le leas a bhaint as ár dtithe loic tréigthe, ag cur beocht agus dóchas nua sna foirgnimh seo, cuir i gcás an leas a bhaineann an pobal as iartheachín an choimeádaí loic ag Loc 1 na Canálach Ríoga agus é ina ionad gníomhaíochta faoin spéir anois. In 2018, chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú caipitil breise de €1.6 milliún ar fáil, cuireadh an maoiniú seo ar leataobh le hoibreacha deisiúcháin ríthábhachtacha a chur i gcrích ar Chora Mhílic.

D'fhorbraíomar ár Scéim Oidhreachta a bhíonn ag gabháil go díreach le raon leathan páirtithe agus pobal ar na huiscebhealaí, agus glacann na mílte duine páirt in ócáid cheiliúrtha agus chothabhála do na huiscebhealaí.

Sa bhliain 2018, cheannaigh an Comhlacht mapáil an 21ú haois ar uiscebhealaí na Sionainne le Google Streetscape; beidh an mhapáil seo ina hacmhainn ríthábhachtach don ghlúin a bhíonn ag cuardach faisnéise ar a ngutháin phóca.

D'óstáil an Comhlacht Comhdháil Canálacha an Domhain i mBaile Átha Luain i mí Mheán Fómhair, labhair 48 cainteoir ó gach cearn den domhan ag an gcomhdháil ar ar fhreastail níos mó ná 300 toscaire a chonaic an obair iontach a bhíonn idir láimhe ag Uiscebhealaí Éireann ar na huiscebhealaí.

Tháinig méadú ar líon na gclárúchán bád le 574 clárú breise agus tháinig fás ar líon na mbád freisin agus é ar 15,539 in 2018. Tháinig méadú ar líon na dturas trí loic na Sionainne ó 44,587 in 2017 chuig 45,298 in 2018.

Beidh orainn dul i ngleic le dúshláin éagsúla ar na canálacha chun dóthain acmhainní a aimsiú le deisiúchán a dhéanamh, le huisce a phumpáil, le fiailí a ghearradh agus le bruscar a bhaint ionas go mbeidh siad ar chaighdeán nach mbeidh turas orthu deacair ar an úinéir báid. Ach táim muiníneach go bhfuil an tallann agus an saineolas ag an eagraíocht le leanúint ar aghaidh ag forbairt na sócmhainní tábhachtacha seo.

Mar fhocail scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine i ngach ról agus post san eagraíocht as an obair a rinne siad agus a tacaíocht a thug siad gach lá le cinntiú go seachadann Uiscebhealaí Éireann ionchur luachmhar agus fiúntach ón infheistíocht a dhéanann an dá rialtas, ó Thuaidh agus ó Theas, sa Chomhlacht.

Tá sé de chúram ar an gComhlacht deiseanna a bhaineann leis na huiscebhealaí a sheachadadh dár bpobail, dár ndaoine óga, do phobail ghnó idir mhór agus bheag, agus deiseanna a chruthú chun gnó nua a chur ar bun agus tacú le gnóthaí atá ann cheana féin trí chuairteoirí a mhealladh chun na n-uiscebhealaí. Tá orainn an obair seo a dhéanamh fad is a chosnaímid agus a chothaímid na huiscebhealaí don chéad ghlúin eile, bíodh siad nádúrtha nó tógtha de láimh.

Dawn Livingstone
An Príomhfheidhmeannach

Iarscríbhinn a ghabhann leis an Réamhrá

Is mór an onóir é dom a bheith ar fhoireann Uiscebhealaí Éireann mar Phríomhfheidhmeannach ó lár mhí Aibreáin 2019 ar aghaidh. Tapaím an deis seo le gach dea-ghuí agus gach rath a ghuí ar an Iar-Phríomhfheidhmeannach, Dawn Livingstone, agus buíochas a ghabháil léi as na blianta seirbhíse a thug sí d'Uiscebhealaí Éireann.

Chaith mé mo chéad 30 lá sa phost seo ag casadh leis an oiread ball foirne de chuid Uiscebhealaí Éireann agus arbh fhéidir thar an achar tíreolaíochta leathan lena n-áirítear an Scairbh, Port Omna, Cora Droma Rúisc, Baile Átha Cliath agus Inis Ceithleann. Chaith mé an chuid eile den am a bhí agam sa phost seo ag foghlaim agus, níos tábhachtaí ná sin, ag dul i dteagmháil le grúpaí beaga den fhoireann ag gach suíomh.

Is léir go bhfuil an-bhród ag foireann Uiscebhealaí Éireann as an obair a dhéanann siad. Tá paisean comhroinnte againn don timpeallacht uiscebhealaí iontach atá ar coimeád againn i gcomhair na glúine seo agus na nglún amach anseo. Tá athrú ag teacht ar chúram Uiscebhealaí Éireann de réir mar a fheabhsaítear forbairt na n-uiscebhealaí inseolta le hinfheistíocht a mheallfaidh agus a spreagfaidh úsáideoirí nua thar gach déimeagrafach, cibé acu bádóirí, slatiascairí, canúálaithe, siúlóirí, reathaithe, nó imreoirí póló canú. Ar an gcaoi seo, tá an infheistíocht a fhaighimid ónár Ranna Urraithe – An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta in Éirinn agus an Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann – fíor-luachmhar go deo. Ar an gcaoi céanna, tá an t-ádh orainn go bhfuil caidrimh iontacha againn le neart údarás áitiúil agus le comhaltaí eile amhail Fáilte Éireann, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tá fianaise den spioraid comhoibríoch a roinnimid lenár gcomhpháirtithe – oibrímid uile le chéile chun acmhainní a roinnt agus le torthaí níos fearr a bhaint amach.

Tuigimid na dúshláin sheachtracha, lena n-áirítear an Breatimeacht, ach ar an mórchóir sonraítear go bhfuil cúrsaí ag feabhsú; tagann níos mó turasóirí chun oileán na hÉireann lena laethanta saoire a chaitheamh ann; agus tá fás gheilleagrach na hÉireann os cionn an mheánráta. Is tréimhse í seo ina bhfuil go leor deiseanna againn, agus ba chóir go mbeadh sé mar fhís againn luas suntasach a chur faoi fhorbairt Uiscebhealaí Éireann chun an leas is fearr a bhaint as na dea-chomharthaí seo.

Agus mar bhonn agus mar thaca leis an gconair fáis seo d'Uiscebhealaí Éireann tá an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht agus pleanáil níos fadtéarmaí. Tá punann sócmhainní éagsúla againn, agus i neart cásanna baineann saolré eacnamaíoch fada leo. Tá aga fada ag ár dtionscadail forbartha caipitil tréimhse a chuimsíonn forbairt agus pleanáil na píblíne a chaithfear a chur i gcrích sula dtosaíonn aon obair fhisiciúil. Caitheadh trí bliana a bheag nó a mhór ar phleanáil rialála; ar sholáthar an tionscadail agus ar na céimeanna ullmhúcháin don infheistíocht i Míleac a gcuirfear tús leis i mBealtaine 2019. Is gné lárnach é straitéis réamhbhreathnaitheach den fhís níos fadtéarmaí seo, agus ní mór don phlean sin tréimhse níos fada a chumhdach ná na trí bliana atá coitianta do Phlean Corparáideach. Tá orainn athrú ón meon gearrthéarmach ina ndírímid ar phleananna gnó aon bhliain amháin chuig creat pleanála gnó ilbhliantúil a ligfeadh dúinn an Comhlacht a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí.

Ar deireadh, in ainneoin na ndúshlán iomadúla atá romhainn faoi láthair agus an chorraíl dosheachanta, tá dóchas agam do thodhchaí Uiscebhealaí Éireann agus muid ag cur dlús lenár n-aistear le tacaíocht leanúnach ónár bhfoireann; ónár n-urraithe; agus ónár gcomhpháirtithe.

John McDonagh.

John McDonagh
An Príomhfheidhmeannach (Gníomhach)

Cuid 1

- Ról Uiscebhealaí Éireann
- Ár Straitéis
- Ár nEochairtháscairí Feidhmíochta
- Comhoibriú

Ról Uiscebhealaí Éireann

Cé muid féin

Comhlacht trasteorann is ea Uiscebhealaí Éireann agus tá sé ar an gceann is mó de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann an 10 Aibreán 1998. Tugadh éifeacht intíre don Chomhaontú de bharr an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, faoi seach.

Faoi dheireadh 2018 bhí 314 ball foirne fostaithe ag Uiscebhealaí Éireann i gcoibhéis lánaimseartha agus iad ag obair in oifigí agus in iostaí éagsúla gar dár gcuid uiscebhealaí intíre.

Céard a dhéanaimid

Is muidne an t-údarás loingseoireachta atá freagrach as thart ar 1,000 km d'uiscebhealaí inseolta, lena gcuimsítear iad seo a leanas:

- Uiscebhealach na Bearú
- Uiscebhealach Íochtar na Banna
- An Chanáil Ríoga
- Córas na hÉirne
- Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne
- An Chanáil Mhór
- Uiscebhealach na Sionainne

Is é an fheidhm reachtúil atá againn uiscebhealaí inseolta intíre ar leith a bhainistiú, a chothabháil, a chur chun cinn, a fhorbairt agus a athchóiriú, ar mhaithe le caitheamh aimsire den chuid is mó. Chuir an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas níos mó freagrachtaí orainn i mí Iúil 2007. Tá freagracht anois orainn as atógáil Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtair go Cluain Eois, agus i ndiaidh an athchóirithe, as bainistiú, as cothabháil agus as forbairt a dhéanamh uirthi ar mhaithe le caitheamh aimsire den chuid is mó. I mí Feabhra 2015 thug Rialtas na hÉireann ceadú maidir le cur chun cinn na chéad chéime de chlár athchóirithe Chanáil Uladh idir Loch Éirne Uachtair agus Ionad Idirnáisiúnta na nGasóg ag Caisleán Shandarsan, gar do Bhéal Tairbirt i gContae an Chabháin. D'fháiltigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas roimh an gceadú sin ina cruinniú i mí an Mheithimh 2015. Sa chruinniú céanna sin i mí an Mheithimh 2015, d'aontaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas go mbeadh Uiscebhealaí Éireann ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt Glasbhealaigh feadh chonair Chanáil Uladh i gcomhar leis na páirtithe leasmhara agus na comhairlí ábhartha.

Ar leibhéal oibriúcháin, táimid freagrach as cainéil loingseoireachta, claífoirt, lintéir, uiscerianta, cosáin tarraingthe, tailte tadhlacha, calafoirt, lamairní, seastáin iascaireachta, droichid, loic, coraí, loc-chomhlaí, tithe loca, mar aon le foirgnimh agus cartlanna. Tá ár gcláir oibre ríthábhachtach chun timpeallacht áineasa atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí, agus chun oidhreacht thionsclaíoch agus chomhshaoil na n-uiscebhealaí a chosaint ag an am céanna do na glúine amach romhainn. Ní mór cothromaíocht a aimsiú idir na dúshláin sin agus ár gcuspóir chun gníomhaíocht áineasa a mhéadú ar ár n-uiscebhealaí ar fad.

Conas a bhímid ag feidhmiú

Mar chomhlacht trasteorann, bímid ag feidhmiú faoi threoir beartais na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus an dá Rialtas, agus táimid freagrach do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais. Ar leibhéal riaracháin, bímid ag tuairisciú dár Ranna Coimircíochta, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta in Éirinn agus is í an Roinn Coimircíochta i dTuaisceart Éireann an Roinn Bonneagair. Ós rud é nach raibh Tionól Thuaisceart Éireann agus NSMC Uiscebhealaí Éireann ann i mbliana, níl an Dréachtphlean Corparáideach don chéad dá bhliain ó 2017-19 ar fáil, faoi mar a aontaíodh leis na Ranna Coimircíochta.

Faighimid deontais ó airgead a vótálann Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais. Cuireann Tionól Thuaisceart Éireann 15% den mhaoiniú reatha oibríochta ar fáil agus cuireann Rialtas na hÉireann an 85% eile ar fáil. Is léiriú é sin ar na háiteanna ina bhfuil na huiscebhealaí sa dá dhlínse faoi láthair. Faightear

maoiniú faoi choinne cláir forbartha caipitil ó cibé dlínse ina dtugtar faoi na hoibreacha.

In 2018, chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú caipitil breise de €1.6 milliún ar fáil, cuireadh an maoiniú seo ar leataobh le hoibreacha deisiúcháin ríthábhachtacha a chur i gcrích ar Chora Mhílic, táthar ag súil go gcosnóidh na hoibreacha seo níos mó ná €3 mhilliún.

Déantar ár gcuid spriocanna feidhmíochta oibriúcháin a chomhaontú leis an dá Roinn Coimircíochta, agus déanaimid tuairisc i leith na spriocanna sin gach ráithe. Déanann na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste, arb iad ceannairí Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn iad, iniúchadh seachtrach ar Chuntais Uiscebhealaí Éireann. Soláthraítear dearbhú neamhspleách leis na hiniúchtaí seachtracha sin ar rialtacht agus ar oiriúnacht chuntais Uiscebhealaí Éireann agus ar ár bpróisis maidir le caiteachas, ioncam agus sócmhainní. Tá Coiste Iniúchóireachta ag Uiscebhealaí Éireann freisin ar a bhfuil comhaltaí neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha. Is é an sainchúram atá orthu comhairle a chur ar an bPríomhfheidhmeannach ina cáil mar Oifigeach Cuntasaíochta cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm.

Bainistíocht an Ghréasáin Loingseoireachta

Is in Inis Ceithleann, Contae Fhear Manach atá ár gceanncheathrú lonnaithe, agus tá oifigí agus iostaí réigiúnacha suite ar fud an ghréasáin loingseoireachta.

Oifig Réigiúnach an Tuaiscirt, Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma

Tá Uiscebhealach Íochtar na Banna, Córas na hÉirne agus Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne i Réigiún an Tuaiscirt.

Oifig Réigiúnach an Iarthair, an Scairbh, Co. an Chláir

Tá an tSionainn agus a locha agus a craobh-aibhneacha, ó Loch Aillionn aduaidh go hInbhear na Sionainne ag Droichead na Sionainne i gCathair Luimnigh, i Réigiún an Iarthair.

Oifig Réigiúnach an Oirthir, Baile Átha Cliath

Is ann do thrí uiscebhealach i Réigiún an Oirthir, an Chanáil Ríoga, an Chanáil Mhór agus Uiscebhealach na Bearú.

Ár Straitéis

I bPlean Corparáideach 2017-2019, leagadh amach treochlár chun a chinntiú go ndéanfar uiscebhealaí intíre a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn tairbhí fóillíochta, sóisialta, sláinte agus eacnamaíocha a bharrfheabhsú.

Is é atá i gceist againn ná tuilleadh úsáide a bhaint as na seoda náisiúnta sin mar áiseanna fóillíochta ar ardchaighdeán, a bheidh ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon, agus a chruthóidh poist, gnóthais nua, a choimeádfaidh gnóthais atá ar an bhfód cheana, agus a chuirfidh le saibhreas na háite.

Tá an plean dírithe ar chothabháil a dhéanamh agus na huiscebhealaí a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Tá mórán feistis loingseoireachta ann le breis agus 200 bliain agus tá infheistíocht mhór ag teastáil. Beimid ag díriú i gcónaí ar shábháilteacht an phobail, agus ina dhiaidh sin ar rialú uisce agus infheistíocht i mbonneagar atá i riocht chriticiúil sna limistéir is mó úsáid.

I measc na gclár is tábhachtaí, déanfar cosáin tharraingthe an líonra canála a fhorbairt. Tá fís nua againn do na suíomhanna cois an 1000 km uiscebhealach inseolta: gníomhaíochtaí nua ar nós áiseanna veaineanna campála, taighde ar bhealach oilithreachta ar oidhreacht na Críostaíochta agus tuiscint níos doimhne ar oidhreacht na tíre.

Tá sé i gceist againn ceiliúradh a dhéanamh agus daoine a mhealladh chuig oidhreacht na n-uiscebhealaí agus timpeallachtaí nádúrtha agus a chinntiú go ndéanaimid na hacmhainní a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe do na glúnta atá le teacht.

Ár bhFís .....

"Uiscebhealaí beo bríomhar a chinntiú inniu agus sa todhchaí".

Ár gCuspóirí Gnó Straitéiseacha:

1. Méadú 4% ar úsáid na loingseoireachta intíre gach bliain faoin bPlean Corparáideach.
2. Clár bainistíochta agus cothabhála a chur ar fáil do na huiscebhealaí ag díriú acmhainní ar na limistéir is mó i ngátar agus is mó tairbhe.
3. Clár tosaíochta deisiúchán bonneagair a chur ar fáil ag díriú ar struchtúir i riocht criticiúil sna háiteanna is mó úsáid.
4. Comhpháirtíochtaí a chruthú i gcónaí agus infheistíocht ó thríú páirtithe a lorg chun cosáin tharraingthe na canála agus suíomhanna tábhachtacha ar na huiscebhealaí a fhorbairt d'fhonn deiseanna fóillíochta agus úsáidí do na huiscebhealaí intíre a chur ar fáil mar thaca le tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha agus sóisialta.
5. Leanúint de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt ar gach uiscebhealach leis na pobail áitiúla, grúpaí úsáideoirí uiscebhealaí agus comhlachtaí turasóireachta agus fóillíochta chun tacú le hoibriú, cothabháil, úsáid agus cur chun cinn na n-uiscebhealaí intíre.
6. Clár éifeachtúlachta agus éifeachtachta a chur i bhfeidhm chun leanúint leis an obair chun teacht ar bhealaí nua chun ár ngnó a dhéanamh agus acmhainní níos lú ar fáil dúinn.
7. Leanúint de dheiseanna a chruthú chun tuilleadh ioncaim a thuilleamh ó mhaoin uiscebhealaí intíre chun tacú le hoibriú na n-uiscebhealaí intíre.
8. Oidhreacht nádúrtha agus thógtha na n-uiscebhealaí a chaomhnú agus a fheabhsú chun na sócmhainní tábhachtacha poiblí sin don lá inniu agus do na glúnta atá le teacht.

Ár nEochairtháscairí Feidhmíochta

Leagtar amach sa tuarascáil thíos ar tháscairí feidhmíochta ár bpríomh-aschuir sheachadta in 2018.

Tag an Ghnímh	Plean Gnó 2018 Eochairtháscaire Feidhmíochta	Príomh Aschuir
Cuspóir Gnó Straitéiseach 1 **Conairí Uiscebhealaí den Scoth a Chur ar Fáil**		
1	• Clár ina dtugtar tús áite do chlár bonneagair agus cothabhála a sheachadadh, dírithe ar na limistéir is mó úsáid agus is mó tairbhe.	• Tá cláir deisiúcháin bonneagair ar bun ar fud na n-uiscebhealaí.
2	• 90% d'uiscebhealaí inseolta a choimeád oscailte i gcomhair loingseoireachta idir lár mhí Márta agus mí Dheireadh Fómhair.	• Bhí na huiscebhealaí ar oscailt agus bhíothas in ann iad a úsáid seachas leibhéal na mullaí ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór ar dúnadh iad ó mhí Iúil ar aghaidh mar thoradh ar easpa uisce agus an fás fiailí a bhaineann leis sin.
3	• Cigireachtaí a dhéanamh ar thóchair ar 50% de phríomhshócmhainní tosaíochta.	• Cuireadh 100% de na cigireachtaí ginearálta ar thóchair i gcrích. Aithníodh 32 cás ina raibh drochbhail ar an tsócmhainn, 12 chás de shócmhainn nach raibh sábháilte agus cuireadh na príomhchigireachtaí i gcrích. Rangaíodh 6% den aicme sócmhainne seo mar shócmhainní a bhí i staid bhaolach.

4	• Athfhorbairt ar chosán tarraingthe na Canálach Ríoga agus 25% den fhorbairt ar chosán tarraingthe na Canálach Móire a chur i gcrích. Tacaíocht a thabhairt d'aon cheist tag. Iarratas pleanála a chur isteach d'fhorbairt chosán tarraingthe na Bearú.	• Cuireadh an chuid idir Caladh Mhaigh Nuad agus Droichead Chambers i gcrích agus osclaíodh í ag an gCanáil Mhór. • Bealach rothaíochta idir Confaí agus Maigh Nuad (9 km), tá comhairle ó Atkins ag cur dearadh mionsonraithe agus cáipéisí le chéile le cur amach ar tairiscint; cuireadh an próiseas seo ar feitheamh mar gheall ar an athbhreithniú ar an mbealach atá á dhéanamh ag an Údarás Náisiúnta Iompair. • Uiscebhealach idir Maigh Nuad agus Fearna (10 km) curtha i gcrích a bheag nó a mhór agus osclaíodh é don phobal. • Uasghrádú ar an mbealach rothaíochta idir Collchoill agus Baile Riobaird amach anseo – tá Comhairle Contae Chill Dara ag dul ar aghaidh chuig an gcéim phleanála leis an tionscadal seo. • An Chanáil Ríoga Tuaithe – mhaoinigh an Gréasán Rothaíochta Náisiúnta an fhorbairt atá ar bun idir Droichead na Dromann agus Maigh Bhealaigh. • Cosáin Rothaíochta – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (8 km): Céim 2 Sráid an tSirriam – Newcomen, conradh le bronnadh fós Táthar ag cur críoch leis na socruithe ceadúnais le haghaidh Chéim 3 Newcomen - Bhaile Phib; tugadh cead pleanála don chuid idir Bhaile Phib agus Baile an Ásaigh, agus beifear réidh lena cur ar tairiscint go luath.
5	• Acmhainneacht éiceolaíochta maith a bhaint amach inár gcanálacha agus páirt ghníomhach a ghlacadh i gclár monatóireachta na Creat-treorach Uisce (WFD).	• Cuireadh clár monatóireachta 2018 i gcrích. Ghlac Uiscebhealaí Éireann páirt sa Chreat-Treoir Uisce (WFD) mar an príomhchomhlacht do chanálacha.
6	• Comhlíonadh na bhFodhlíthe a fhorbairt, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air i dtaca le gach uiscebhealach.	• Leanadh ar aghaidh ag cur comhlíonadh na bhfodhlíthe chun cinn agus cuireadh an riail múrála poiblí, faoi nach gceadaítear níos mó ná cúig lá a chaitheamh ag múráil, i bhfeidhm ar fud loingseoireacht na Sionainne. Rinneadh forfheidhmiú ní b'fhearr le linn 2018.
Cuspóir Gnó Straitéiseach 2 **Cáilíocht saoil agus Aistriú an Gheilleagair Áitiúil agus Uirbigh**		
7	• Táirge Gormbhealaigh ar an gCanáil Ríoga, ar uiscebhealach Éirne, ar an tSionainn agus faoi uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne a chur i gcrích agus chun cinn. Pleananna gníomhacha Gormbhealaigh a fhorbairt d'Íochtar na Banna.	• Rinneadh iniúchadh ar fhorbairt táirge Ghlasbhealach na Canálach Ríoga agus beidh sé seo mar bhonn eolais do sheachadadh an Ghlasbhealaigh mar tháirge fóillíochta in 2020. Tá Uiscebhealaí Éireann ag obair le gach údarás áitiúil agus táthar dóchasach maidir lena sheachadadh in am. • Tá Uiscebhealaí Éireann ag comhordú grúpa stiúrtha d'údaráis áitiúla ar bhealach na Canálach Móire agus cuireadh iarratas isteach faoin Straitéis Glasbhealaigh do Ghlasbhealach na Canálach Móire.

8	• Plean Gníomhaíochta do Dhuga na Canálach Móire agus do Dhuga Spencer maidir le húsáid na n-áiseanna seo a sheachadadh. Rinneadh dul chun cinn ar an lúbfhorbairt cathrach idir an 12ú loc agus an 12ú loc, an míle Duga a chur i bhfeidhm agus raon na n-imeachtaí agus na bhféilte ar na canálacha a fhorbairt	• Tá an obair ar sheachadadh na chéad trí thionscadal aontaithe mar chuid de Chomhpháirtíocht Straitéiseach Uiscebhealaí Éireann le Fáilte Éireann - forbairt Ghlasbhealach Canálach Chathair Bhaile Átha Cliath, á déanamh i rith an ama.
9	• Maoiniú a fháil agus tús a chur leis an obair ar dheisiú geata loic ar Dhuga na Canálach Móire d'fhonn críoch a chur leis an obair in Aibreán 2019. Plean straitéiseach a chur le chéile le haghaidh Bloc Cathrach 19.	• Theip ar bhealach criticiúil ar na geataí loic ag Duga na Canálach Móire agus níl siad ag obair ach le cúnamh ó mheaisíní seachtracha agus bíonn ar thumadóirí iad a shéalú arís. Cuireadh tús leis an obair chun baic lomáin agus geataí díscithe a shuiteáil, is é seo an chéad chéim sa phróiseas ullmhúcháin i gcomhair ionadaithe. • Táthar ag cur Plean Straitéiseach Foirmiúil do Bhloc Cathrach 19 le chéile faoi láthair.
10	• Cláir reatha a chothú agus a shíneadh ar mhaithe le húsáid na n-uiscebhealaí a mhéadú agus go gcuirfear an rith 10k ar an nGormbhealach, Get Going Get Rowing, Schools Active, Paddles Up, agus snámh 5k ón tolg agus cláir reatha ar fud na tíre, san áireamh sna cláir seo faoina bhfoghlaimíonn níos mó ná 1,000 duine spórt uisce nua gach bliain.	• Tacaíodh le 178 imeacht mar chuid den chlár imeachtaí in 2018, agus ghlac 36,000 duine páirt sna himeachtaí, agus 175,000 duine ann mar lucht féachana agus iad uile ag baint taitneamh as na huiscebhealaí, den chéad uair riamh i roinnt cásanna, mar thoradh ar an tacaíocht seo. • Reáchtáladh an clár Paddles Up i 6 shuíomh éagsúla in 2018, ghlac níos mó ná 1,741 duine páirt ann, agus is méadú ollmhór é sin ón 328 duine a ghlac páirt ann in 2017. • D'éirigh go hiontach leis na himeachtaí Trí-atlain in 2018 le níos mó ná 23,560 rannpháirtí thar na himeachtaí uile, is méadú suntasach é seo ar an 1,460 duine a ghlac páirt sna himeachtaí in 2017. • Chuaigh 15,860 leanbh amach ar an uisce le Rowing Ireland ag imeachtaí rámhaíochta éagsúla in 2018, is méadú é seo ar 2017 nuair a ghlac 12,600 leanbh páirt sna himeachtaí. Spreagadh Rowing Ireland le Comhpháirtíocht Straitéiseach a dhéanamh le hUiscebhealaí Éireann in 2019 mar thoradh ar an rath seo agus thug siad gné oideachais isteach ina gclár don chéad bhliain eile. • Reáchtáladh 4 imeacht snámha faoin aer ar uiscebhealaí intíre na hÉireann.
11	• Comhdháil Canálacha an Domhain 2018 a óstáladh i mBaile Átha Luain i mí Mheán Fómhair inar mealladh níos mó ná 400 toscaire, lena n-áirítear cuairteoirí agus gairmithe idirnáisiúnta, chun na háite.	• Rinne Uiscebhealaí Éireann comhóstáil ar an gComhdháil agus cuireadh fáilte roimh níos mó ná 320 toscaire ag ár n-uiscebhealaí thar na 9 lá de thurais roimh agus i ndiaidh na comhdhála.

12	• Céim 1 d'fhorbairt ar shíneadh loingseoireacht Chanáil Uladh go Caisleán Shandarsan a chur i gcrích agus a oscailt i mBealtaine 2018.	• Cuireadh na hoibreacha in Derrykerrib i gcrích. Tugadh cead pleanála do mhúrálacha ag Caisleán Shandarsan.
13	• Bliain 2 den fhorbairt Glasbhealach a sheachadadh, lena n-áirítear 22km de Ghlasbhealach thar Chanáil Uladh ó na Mullaí, Co. Mhuineacháin, go Coillidh Chanannáin, Co. Ard Mhacha a fhorbairt.	• Cuireadh an obair i gcrích de réir an chláir oibre.
Cuspóir Gnó Straitéiseach 3 **Luach Comhshaoil agus Oidhreachta a Fhuascailt.**		
14	• Bliain 3 de Phlean Oidhreachta Uiscebhealaí Éireann a sheachadadh go rathúil.	• Reáchtáladh Lá Oidhreachta Uiscebhealaí Éireann i mí na Nollag sa Mhuileann gCearr agus leantar ar aghaidh leis an dul chun cinn ar na gníomhaíochtaí a d'easraigh ó gach ceann de na Pleananna Oidhreachta.
15	• Bliain 1 den Straitéis agus Creat Bithshlándála do Speicis Ionracha a chur i bhfeidhm.	• Cuireadh moill ar an tionscadal seo mar thoradh ar líon na n-oibreacha a dteastaíonn measúnú breithmheasa uathu, ach tosaíodh ar an obair.
16	• Tugadh tacaíocht don obair atá ar bun mar chuid de Thogra Thírdhreach Loch Éirne le deiseanna a chuireann luach oidhreachta Loch Éirne chun cinn a sheachadadh.	• Bhronn Crannchur Náisiúnta na RA Deontas Oidhreachta de £3.3m ar Thogra Thírdhreach Loch Éirne. Bronnadh maoiniú tionscadail ar Uiscebhealaí Éireann le rochtain ar roinnt de na suíomhanna oidhreachta is mó atá suiteáilte ar oileáin a fheabhsú.
17	• Clár Oideachais Uiscebhealaí Éireann a chothú agus úsáid Chlár Taiscéalaithe Óga a chur chun cinn ionas go nglacfaidh 200 rannpháirtí páirt ann.	• D'fhorbair agus sheol Uiscebhealaí Éireann na tograí seo a leanas: • Clár Uiscebhealaí nua, Cabhlaigh an Dúlra agus • Clár Taiscéalaithe Oileán.
Cuspóir Gnó Straitéiseach 4 **Spriocanna a bhaint amach**		
18	• Tús a chur le hidirbhearta agus cur chun feidhme pleanála foirne.	• Tá an phleanáil foirne don tionscadal seo ar feitheamh faoi láthair.
19	• Scileanna ceardaí a fhorbairt i réimsí amhail déanamh geataí loic canálacha le heolas a aistriú chuig foireann nua de réir mar a théann baill foirne ar scoir.	• Ar bun go fóill Cuireadh an 6ú seisiún oiliúna faoi mhoirtéal aoil agus chaomhnú ar fáil do bhaill foirne a choimisiúnaigh oibreacha deisiúcháin ar struchtúir oidhreachta.

20	• Maoiniú a fháil ó thríú páirtí, agus ó thrí fhoinse ar a laghad in aghaidh na bliana, le seachadadh na n-oibreacha forbartha a éascú.	• Bronnadh maoiniú AE, ar cuireadh isteach air le comhpháirtithe san Eoraip agus le hIontaobhas na gCanálacha agus na nAibhneacha RA do thionscadal Green WIN, tionscadal ina bhfiosraítear na bealaí inár féidir na costais a bhaineann le pumpáil uisce a laghdú.
		• Bronnadh €117,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árainn le síneadh a chur ar an mballa calaidh.
		• Chuir Uiscebhealaí Éireann iarratais isteach faoi Athghiniúint Uirbeach agus Tuaithe agus faoin Scéim Forbartha le haghaidh na dtograí seo a leanas: Canáil Uladh, Cuan Thulach Mhór i gcomhar le Comhairle Contae Uíbh Fhaillí agus tionscadail ag Duga na Canálach Móire le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
		• Straitéis an Ghlasbhealaigh – rinne an Comhlacht iarratas ar son Glasbhealaigh ag Duga na Canálach Móire.
		• Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh 2018. Áiríodh na tionscadail seo a leanas i measc na dtionscadal rathúla:
		  • Gormbhealach na Sionainne, Céim 3, Loch na nAcraí go Loch Aillionn (€307,000)
		  • Béal Tairbirt go Loc 1 sa Chorrchoill, forbairt cosán tarraingthe (€500,000)
		  • Béal Tairbirt go Loc 1 sa Chorrchoill, conair caitheamh aimsire (€500,000)

21	• Togra a fhorbairt agus a sheachadadh chun coimeád taifead agus rochtain ar cháipéisí i ndáil le bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta a fheabhsú.	• Ar bun go fóill mar chuid de mholtaí Ayton i leith seachadta – cuireadh feabhas i bhfeidhm ar an mbealach ina n-úsáidtear an córas Core atá ann cheana agus tá an modúl Core nua ar Shlándáil agus Sábháilteacht ar fáil anois.
22	• Plean soláthair a sheachadadh chun luach ar airgead níos fearr a fháil i leith príomhréimsí caiteachais, agus ag laghdú na gcostas 5% dá bharr.	• Táthar i mbun pleanála ar an bplean soláthair.
23	• Aistriú iomlán chuig íocaíocht ar líne ar son bearta airgid faoi mhí na Nollag 2018.	• Cuireadh an córas píolótach d'íocaíocht gan airgead tirim le haghaidh loc i gcrích. Beidh an déchóras i bhfeidhm le haghaidh 2019.

Comhoibriú

Thug Uiscebhealaí Éireann faoina fheidhmeanna uile ag oibriú go dlúth le neart comhlachtaí poiblí, príobháideacha, pobail agus carthanachta. Tá an t-ionchur seo ríthábhachtach don fheabhas a chuirimid ar ár gcuspóirí agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach ceann dár 'gcomhpháirtithe' a chabhraigh linn na cuspóirí sin a bhaint amach.

Chuir ár Ranna Urraithe, comhlachtaí turasóireachta, comhlachtaí maoinithe, Údaráis Áitiúla agus eagraíochtaí atá maoinithe ag LEADER go mór lenár dtorthaí le haghaidh 2018. Bhí i bhfad ní ba mhó idirghabhála againn leis an earnáil phríobháideach in 2018, bíodh siad ina bpromhadóirí gníomhaíochtaí, gnóthaí a ligeann báid chúrsála ar cíos nó daoine a bhíonn ag iarraidh imeachtaí a eagrú ar ár n-uiscebhealaí. Tá tacaíocht na bpobal áitiúil ríthábhachtach chun uiscebhealach atá fuinniúil agus beo a sheachadadh agus tá ról lárnach ag na daoine sin mar aon leis na heagraíochtaí carthanacha i lánacmhainneacht na n-uiscebhealaí intíre a bhaint amach.

Cuid 2

Ár bhFeidhmíocht Straitéiseach

- Conairí Uiscebhealaí den Scoth a Chothabháil
- Ár gComhshaol agus ár nOidhreacht a Chosaint
- Rannpháirtíocht an Phobail a Mhéadú agus Deiseanna a Chur ar Fáil
- Canáil Uladh
- Glasbhealach Chanáil Uladh
- Oideachas agus Oidhreacht
- Comhdháil Canálacha an Domhain
- Cur lenár nIoncam
- Rialachas Corparáideach

Ár bhFeidhmíocht Straitéiseach

Conairí Uiscebhealaí den Scoth a Chothabháil

Tá Uiscebhealaí Éireann ag infheistiú in áiseanna den chéad scoth a chruthú ar loingseoireacht intíre na hÉireann ó bunaíodh é. Baineann siúlóirí, rothaithe, agus lucht canúnna agus bád agus daoine ar mian leo sult a bhaint as timpeallachtaí áille agus suaimhneacha na n-uiscebhealaí agus an uisce, úsáid as na háiseanna seo gach lá.

Déanann an Comhlacht bainistiú ar €1.4bn (Costas) de shócmhainní loingseoireachta; na céadta droichead, tóchar, na mílte siardraenacha, uiscerianta, carrchlóis agus suíomhanna fóillíochta. Teastaíonn iarrachtaí leanúnacha agus sainscileanna fhoirne Oibriúcháin agus Teicniúla Uiscebhealaí Éireann chun na sócmhainní seo a chothabháil, agus neart díobh níos mó ná 200 bliain d'aois. Lean Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh leis an obair chun córas bainistithe sócmhainní a chur i bhfeidhm, agus i mbliana, den chéad uair riamh, rinneadh na cigireachtaí ar thóchair ag an gCanáil Mhór agus sa Bhearú agus bhí drochbhail ar 7.6% díobh agus bhí deisiúcháin phráinneacha de dhíth orthu. I dteannta na n-oibreacha atá beartaithe, lean an Comhlacht ag freagairt do chúinsí éigeandála lena n-áirítear damáiste suntasach a rinneadh ag Uiscerian Laighean mar thoradh ar roinnt tuairteálacha in aghaidh droichid, agus damáiste ó thuilte an gheimhridh. Má tá an Comhlacht in ann fadhbanna a réiteach ar fhógra gearr, táimid ag brath ar na scileanna innealtóireachta agus baill foirne oibríochta atá againn san eagraíocht, chun oibreacha a dhearadh agus tosú ar an suíomh go tapa.

Tá ar an gComhlacht dul i ngleic le neart dúshlán maidir le feidhmiú na gcanálacha agus níltear in ann na hoibreacha a theastaíonn chun loingseoireacht canálacha a choinneáil ag feidhmiú ar ardchaighdeán a dhéanamh mar thoradh ar easpa acmhainní le dreideáil, le deisiú, le huisce a phumpáil, le fiailí a ghearradh, le bruscar a bhaint, agus le bac a chur ar úsáid bád. Ghéaraigh an easpa uisce na cúinsí seo in 2018. Cé go raibh na huiscebhealaí uile, seachas leibhéil na mullaí, ar oscailt le linn 2018, bhí turas deacair roimh úsáideoirí bád. Bhí atógáil bhruacha na canála agus coinneáil uisce feabhsaithe mar ghné bhreise den forbairt a rinneamar ar na cosáin tharraingthe. Mar sin féin, tá obair fós le déanamh againn chun na canálacha a fhorbairt ionas go mbainfear a lánacmhainneacht amach.

Beidh cuimhne againn ar 2018 mar bhliain ina raibh an geimhreadh garbh ag tús na bliana agus an samhradh tirim. Bhí tuilte móra ann ag tús na bliana. D'oibrigh foireann Uiscebhealaí Éireann go dian ag freagairt ar theipeanna bruacha agus ag bainistiú uiscí tuilte le cinntiú go raibh an pobal sábháilte agus gur tugadh cosaint do réadmhaoin agus do thalamh. Rinneadh damáiste suntasach do lamairní i Luimneach agus do lamairní i suíomhanna eile ar fud na tíre. Gné thábhachtach de chúram agus oibríocht uiscebhealaí is ea uisce a bhainistiú ar bhealaí loingseoireachta. Bhí leibhéil uisce an-íseal ar fud na n-uiscebhealaí mar thoradh ar an aimsir thar a bheith tirim a bhí ann le linn an tsamhraidh, bhain sé seo leis an líonra canálacha go háirithe. Leanann an Comhlacht ar aghaidh ag obair go dlúth le hUisce Éireann agus le Comhairle Contae na hIarmhí ar phumpáil uisce don Chanáil Ríoga. Is é Loch Uail an phríomhfhoinse uisce don Chanáil Ríoga, agus is foinse é don phríomhlíonra uisce óil chomh maith, agus oibríonn na comhlachtaí go dlúth le chéile chun freastal ar gach ceann de na riachtanais seo. Ar an drochuair, ní raibh dóthain uisce ann le loingseoireacht a chothabháil ag leibhéil na mullaí ar an gCanáil Ríoga agus ar an gCanáil Mhór agus bhí níos mó fáis fiaile uisceach ann mar thoradh ar na leibhéil uisce ísle.

D'fhreagair an Comhlacht an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i leith ceadúnú astarraingthe uisce a bhí beartaithe ag an gcéim chomhairliúcháin mar chuirfeadh sé isteach ar an soláthar nádúrtha uisce don líonra uiscebhealaí intíre.

A bhuí do thacaíocht bhreise ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, bhí Uiscebhealaí Éireann in ann ceithre bhád Conver nua i gcomhair bearradh fiailí agus bád bainteora fiailí Berkenheger amháin a cheannach agus a ghlacadh, ag cur tús le hathsholáthar na seacht bhfeithicil Wilder do bhearradh fiailí atá níos mó ná 20 bliain d'aois.

Bhí sceitheadh suntasach uisce ag Duga na Canála Móire i mí Bealtaine, ní raibh aon smacht ag Uiscebhealaí Éireann ar an sceitheadh seo. Ghéaraigh an aimsir thirim a bhí ann na leibhéil ísle agus níor ardaigh siad go hiomlán go dtí lár mhí Mheán Fómhair. Shéalaigh tumadóirí geataí an Loic Farraige chun níos mó cailliúint uisce a mhaolú, mar sin ní rabhthas in ann loingseoireacht a dhéanamh tríd an Loc Farraige le linn na tréimhse seo.

Leanadh ar aghaidh le clár tógála agus suiteála na ngeataí loic sna huiscebhealaí trí chéile in 2018. Rinneadh geataí loic nua a shuiteáil ag na suíomhanna seo a leanas; 15ú Réigiún an Oirthir 15ú Loc ag na Geataí Uachtair agus an 17ú Loc ag na Geataí Uachtair ar an gCanáil Ríoga, an 20ú Loc ag na Geataí Uachtair ar Líne na Bearú, an 3ú Loc ar na Geataí Uachtair agus an 4ú Loc ar na Geataí Doimhne ag Craobh an Náis den Chanáil Mhór. Leanadh ar aghaidh ag déanamh geataí loic don líonra canálacha i Réigiún an Oirthir ag Ceardlann sa Tulach Mhór. Úsáideadh adhmad áirithe ó na seangheataí loic ar Íochtar na Banna le suíocháin a chruthú don phobal ar chosán tarraingthe Portna.

Leanadh le athchur geataí loic ar an tSionainn agus suiteáladh geataí loic nua ag Rúscaigh agus ag Loc Victoria.

D'éirigh linn lamairní a athchur ar fud na n-uiscebhealaí arís i mbliana agus tugadh tús áite do mhúrálacha a raibh drochbhail orthu.

Feabhsaíodh neart suíomhanna, lena n-áirítear ceann ag Ceis Charraigín ar Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne áit ar athfhorbair foireann de chuid Uiscebhealaí Éireann an láthair thaitneamhachta agus cuain ar mhaithe leis na háiseanna a fheabhsú ann. Aistríodh seid oibreacha a bhfuil spás oifige/stórála ann ó Iascaigh Intíre na hÉireann, d'fhéadfaí a fhorbairt agus mol gníomhaíochta a dhéanamh as don dream a sholáthraíonn gníomhaíochtaí.

Rinne foireann bheag cigireachta patról ar na huiscebhealaí le linn na bliana chun a chinntiú go raibh na háiseanna poiblí ó Uiscebhealaí Éireann ag teacht leis na fodhlíthe atá i bhfeidhm i leith gach uiscebhealaigh. I measc na n-éachtaí ba mhó a bhaineamar amach le linn 2018, bhí forfheidhmiú ní b'fhearr ar an riail múrála poiblí, faoi nach gceadaítear níos mó ná cúig lá a chaitheamh ag múráil ar loingseoireacht na Sionainne, d'fhonn cosc a chur ar dhaoine a bhíonn ag glacadh seilbh ar chuanta i rith an tséasúir bádóireachta. Fuarthas aiseolas an-dearfach ar an togra seo ó Chumann Cíos Báid Chairtfhostaithe na hÉireann agus ó úinéirí príobháideacha bád. Lean an Comhlacht de shoithí a rinne sárú leanúnach ar fhodhlíthe a bhaint.

Leanann Uiscebhealaí Éireann ag díriú ar chomhlíonadh fodhlíthe i leith príomhréimsí ar an líonra canálacha, ba iad sin Duga na Canálach Móire agus Caladh na Sionainne le linn 2018.

Cuireann Uiscebhealaí Éireann fáilte roimh an mBille Oidhreachta a tugadh isteach sa reachtaíocht, tá cuid sa reachtaíocht seo atá bunaithe ar Fhodhlíthe na gCanálacha agus ar phríomhreachtaíocht a chur i bhfeidhm ar roinnt réimsí ina bhfuil Uiscebhealaí Éireann ag iarraidh na fodhlíthe a athrú. Chuir Uiscebhealaí Éireann leasuithe i leith na n-athruithe Fodhlíthe seo faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chun iad a bhreithniú i bhfianaise an Bhille Oidhreachta, agus déanfaimid comhairliúchán poiblí ar na hathruithe sin in 2019.

Lean Uiscebhealaí Éireann ag tacú leis an Roinn Bonneagair ag cur na n-athruithe a beartaíodh i leith Fodhlíthe Loch Éirne i gcrích ionas go mbeifear in ann iad a chur i bhfeidhm.

Ghlac Uiscebhealaí Éireann páirt i nGrúpa Oibre Comhordaithe na Gníomhaireachta Stáit um Riosca Tuilte na Sionainne arís agus thug sí tacaíocht d'Oifig na nOibreacha Poiblí chun oibreacha ar an uisce a sholáthar ag Madden's Island.

In 2018, leanadh ar aghaidh leis an obair ar dhearadh láthair iosta nua chun an bhunáit oibreacha atá i gCuan Thulach Mhór a aistriú. Tá Uiscebhealaí Éireann ag oibriú le Comhairle Contae Uíbh Fhailí chun pleananna a chruthú leis an láthair cuain stairiúil a athfhorbairt agus a bheochan ionas go mbeidh cuairteoirí in ann leas a bhaint as agus go mbeidh sé mar áis áineasa.

Cuireadh droichead nuadheartha in airde ag Iosta Thulach Mhór i Lúnasa 2018.

I ndiaidh bás tubaisteach agus óg duine d'fhoireann Uiscebhealaí Éireann ag deireadh 2017, rinneadh roghanna éagsúla a bhreithniú le seirbhís monatóireachta d'Oibrithe Aonair a thabhairt isteach, táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís seo ar fáil ar ghutháin phóca bhall foirne nó ar ghléasanna eile chun cosaint phearsanta a chur ar fáil dár mbaill foirne agus iad ag obair ar na huiscebhealaí. Cuirfear cumhdach 24/7 ar fáil faoi na roghanna seo agus beidh baill foirne ar a suaimhneas go bhfuil lárionad glaonna ar fáil dóibh má theastaíonn cabhair uathu. Déanfar forchéimniú ar an rogha deiridh go luath in 2019.

Ár gComhshaol agus ár nOidhreacht a Chosaint

Lean an Comhlacht ar aghaidh ag fiosrú bealaí úra le leas a bhaint as oidhreacht uathúil thógtha na n-uiscebhealaí. Athraíodh Tighín an Choimeádaí Loic ag Loc 1 den Chanáil Ríoga ó bhonn i rith 2018 faoin Tionscadal Eachtraíochta agus cruthaíodh spás ilfheidhmeach den chéad scoth ann. Cruthaíodh nasc iontach le muintir na háite mar chuid den Tionscadal Eachtraíochta d'fhonn daoine óga ón gceantar a spreagadh le taitneamh a bhaint as an uisce agus scéim faire comharsanachta a bhunú leis an tighín a chosaint.

Fuarthas maoiniú ón gCiste do Struchtúir atá i mBaol le tabhairt faoi oibreacha ag Teach Loic Chluain Dá Ráth, Teach Loic Omer ar struchtúr faoi chosaint é. Áirítear soláthar rindreáil nua aoil ar gach balla seachtrach agus obair ar an díon agus ar na gáitéir i measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích. Cinntíonn na hoibreacha seo go mbeidh an foirgneamh uiscedhíonach agus féadfar dul chun cinn a dhéanamh anois ar na pleananna chun an foirgneamh a úsáid mar acmhainn áineasa.

Lean Uiscebhealaí Éireann le seachadadh a Phlean Oidhreachta 2016-2020. Sa bhliain 2018, tacaíodh le 19 tionscadal tríd an Scéim Deontais Pobail a bhfuil ciste €20,000 ar fáil dó chun cuidiú le grúpaí áitiúla pobail tionscadail inbhuanaithe oidhreachta a chur i gcrích. Ghlac níos mó ná 7,700 duine páirt sna tionscadail agus bhain daoine eile leas as ardáin ar líne amhail suíomhanna gréasáin nó na meáin shóisialta. Cumhdaíodh raon leathan smaointe nuálacha agus spreagúla faoin Scéim Deontais, lena n-áirítear na meáin dhigiteacha a úsáid le taifead a dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha idir thógtha agus nádúrtha atá le fáil ar an mBearú; bailíodh na taifid oidhreachta atá ar an gcuid den Chanáil Mhór idir Tigh Mhic Neamhain agus Tulach Mhór agus cuireadh iad i láthair chun tuiscint níos iomláine a chur ar fáil ar an tírdhreach oidhreachta; rinneadh athléiriú de bháid oidhreachta ag tógáil a n-earraí chun an Mhargaidh ar an tSeanstíl ar Loch Éirne; agus daoine óga i Luimneach a athnascadh leis an oidhreacht uiscebhealaí a bhí caillte acu trí cheol. Taispeánadh na tionscadail ag Lá Oscailte Oidhreachta i mí na Nollag sa Mhuileann gCearr, Contae na hIarmhí.

Bhí Uiscebhealaí Éireann ar cheann de na sé chomhpháirtí, agus iad uile stiúrtha ag Iontaobhas na gCanálacha agus na nAibhneacha (RA), a fuair maoiniú Interreg i gcomhair tionscadal Green WIN. Is é is aidhm leis an tionscadal astaíochtaí carbóin ó bhainistíocht na n-uiscebhealaí intíre a laghdú, agus suiteálfar pumpaí "glasa" atá níos éifeachtúla ag ceithre láthair thriallacha ar fud na n-uiscebhealaí. Cuireadh tús leis an tionscadal i bhfómhar 2018 agus reáchtálfar é ar feadh 36 mí.

Rinneadh dul chun cinn ar phleananna le Bealach Oilithreach a fhorbairt feadh fhad iomlán chórais uiscebhealaí na Sionainne, na Sionainne-na hÉirne, agus na hÉirne le linn 2018.

Maidir le Córas na hÉirne, chuir Uiscebhealaí Éireann tús le comhráite leis an tSeirbhís Foraoiseachta chun deiseanna a fhiosrú le cosáin a chur ar ais agus a fhorbairt do chuairteoirí ar Crevinishaughy Island agus ar Inis Maí Samh. Fiosraíodh deiseanna le heispéireas an chuairteora a fheabhsú ar Dhaimhinis freisin.

Leanann Uiscebhealaí Éireann ag tacú leis an obair atá ar bun mar chuid de Thogra Thírdhreach Loch Éirne. Seachadfar 23 tionscadal mar chuid de chlár Thogra Thírdhreach Loch Éirne idir 2018 agus 2023.

Lean Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh ag obair le hUisce Éireann agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha

Cliath ar chaighdeán an uisce ag Duga na Canálach Móire, agus cuireadh fáilte roimh an dul chun cinn a rinneadh le linn 2018 le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le hUisce Éireann ag gealladh infheistíochta chun réiteach ar tugadh cead pleanála dó a fhorbairt agus chun staidéir timpeallachta ábhartha a dhéanamh chun dul i ngleic leis an sceitheadh a tharlaíonn ag an Duga i ndiaidh stoirmeacha.

Rannpháirtíocht an Phobail a Mhéadú agus Deiseanna a Chur ar Fáil

Le linn 2018, lean Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh ag díriú ar úsáid na n-uiscebhealaí a mhéadú chun deiseanna gnó agus poist nua a chruthú agus le cinntiú go mairfidh gnóthais reatha.

Bhí feachtas spreagúil ar siúl don earrach agus don fhómhar inar díríodh ar theaghlaigh agus ar eachtránaithe an saol mór amuigh faoin spéir a thriail mar chuid d'Fheachtas Margaíochta 2018. Ba é an príomhchuspóir a bhí leis an bhfeachtas seo tuiscint a mhéadú i leith éascaíocht, solúbthacht agus inrochtaineacht na n-eispéireas uiscebhealaí.

Seachadadh an feachtas ar an raidió, sna meáin, sna meáin dhigiteacha lena n-áirítear blaganna, sealbhú suíomhanna gréasáin, comórtais etc

Fuarthas na torthaí seo a leanas mar thoradh ar cheann de na craoltaí Faoin Spéir.

- An lucht éisteacha/féachana/léitheoireachta a ndeachthas i bhfeidhm orthu: 1,978,020
- Freastal sóisialta: 90,230
- Is é €63,038 an meánluach

Ba é an brabús a fuarthas ar an bhfeachtas sin méadú in áirithintí le báid chúrsála a fháil ar cíos. Léiríodh san aiseolas a fuarthas ón tionscal gur leathnaíodh a n-idirshéasúr, agus go bhfuair siad ní ba mhó gnó agus go raibh siad in ann ní ba mhó oibrithe séasúracha a fhostú dá bharr.

Chuir an Comhlacht le "Straitéis d'Fhorbairt Fhadtéarmach na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha" de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ar sheol an tAire Shane Ross agus an tAire Stáit, Griffin agus an tAire Stáit Moran é i mí Iúil 2018. Aithnítear sa Straitéis na buntáistí a bhaineann le forbairt na nGlasbhealaí in Éirinn, mar tháirge turasóireachta a bhfuil acmhainn shuntasach aici chun cuairteoirí ó thar lear a mhealladh, mar tháirge do phobail áitiúla i dtéarmaí buntáistí geilleagracha agus do gach cineál úsáideora agus é mar limistéar fóillíochta le haghaidh gníomhaíocht fhisiceach agus mar rud a chuireann le sláinte agus le folláine.

Seoladh 'Hidden Heartlands' branda nua de chuid Fáilte Éireann in Aibreán agus tá sé mar aidhm aige earnáil na turasóireachta mórthimpeall na Sionainne a fhorbairt. Beidh an tSionainn i gcroílár an bhranda agus tá Fáilte Éireann ag forbairt Máistirphlean don tSionainn faoi láthair i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann agus táthar ag súil go stiúrfaidh an plean seo deiseanna turasóireachta ar an uisce, ar talamh, agus i mbailte mórthimpeall na Sionainne chomh maith.

Leanadh ag cur leis an líonra Gormbhealaigh ar na huiscebhealaí intíre i rith 2018 agus seoladh Gormbhealach Loch Deirgeirt i mí Márta. Tá 160 km de chonairí céaslóireachta ar fáil mar chuid de Ghormbhealach Loch Deirgeirt, lena n-áirítear 21 turas Gormbhealaigh atá aitheanta mar thuras céaslóireachta. Comhlánaíonn raon leathan gníomhaíochtaí éagsúla ar an talamh na conairí uisce. Gheobhaidh cuairteoirí blaiseadh saibhir de chultúr, bia, oidhreacht agus fáilteachas an réigiúin, nuair a chuirtear na hacmhainní nua seo leis na bealaí siúil agus rothaíochta atá ar fáil sa réigiún, cuir i gcás an 180 km atá le fáil ar Bhealach Iarthar an Chláir, timbhealach siúlóide a thosaíonn agus a chríochnaíonn i gCill Dalua.

I measúnú iar-thionscadail, dúirt an chuid ba mhó de fhreagróirí (70%) gur éirigh go maith leis an mbrandáil do Ghormbhealach Loch Deirgeirt i leith na n-áiseanna a bhí ar fáil ann. D'fhreagair 71% de fhreagróirí gur tháinig méadú ar a ngnó ar an iomlán in 2018 i gcomparáid le 2017 agus tá 82% de fhreagróirí ag súil go méadóidh a ngnó arís in 2019. Tugtar le fios gur tháinig méadú 6.5 post sa réigiún le linn an chéad séasúr de Ghormbhealach Loch Deirgeirt a bheith ar oscailt, agus an figiúr seo bunaithe ar an líon post a taifeadadh go ginearálta.

Tá Uiscebhealaí Éireann ag forbairt cosán tarraingthe na Canálach Ríoga le roinnt blianta anuas i gcomhar leis na húdaráis áitiúla atá suiteáilte i limistéar na canála de réir mar atá maoiniú ar fáil. Rinneadh 95 km den 144 km de chonair idir Duga Spencer i mBaile Átha Cliath agus Caladh Richmond i gCluain Dá Ráth, An Longfort, a uasghrádú, agus tosófar ar thógáil 30 km breise faoi dheireadh 2018. In 2018 bhunaigh an Comhlacht Grúpa Páirtithe Leasmhara don tionscadal seo ar a bhfuil Comhairle Contae an Longfoirt, na hIarmhí, Chill Dara, Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Fáilte Éireann, go mbeidh siad in ann oibriú le chéile chun dul chun cinn a dhéanamh agus Glasbhealach na Canálach Ríoga a sheoladh in 2020. Reáchtáladh sraith ceardlann ar fhorbairt cumais le linn an tsamhraidh sa Mhuileann gCearr, i Longfort agus i Maigh Nuad le táirge an Ghlasbhealaigh a chur i láthair soláthraithe seirbhíse agus gníomhaíochta a fheidhmíonn ar an mbealach, d'fhonn iad a chur ar an eolas go mbeidís in ann leas a bhaint as na deiseanna a chruthófar mar chuid den Ghlasbhealach. Seoladh Lárionad Gníomhaíochta an Ghlasbhealaigh i gCaladh an Mhuilinn Chearr i mí Iúil 2018 agus óstáladh an chéad champa oiliúna de chuid an Chláir Forbartha d'Imreoirí Óga Póló Canú, ar ar fhreastail 75 imreoir óg, i mí Mheán Fómhair. Cuirfear tús le Rith sa Pháirc a bheidh ar siúl gach seachtain sa Mhuileann gCearr agus bunaíodh dhá chuideachta rothar ar cíos sa Mhuileann gCearr freisin.

Cuireadh tús leis an obair chun Glasbhealach na Canálach Móire, a rachaidh chomh fada le Caladh na Sionainne i gContae Uíbh Fhailí, a thógáil in 2018. Bunaíodh Grúpa Páirtithe Leasmhara don tionscadal seo agus tá Uiscebhealaí Éireann, Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Chill Dara agus Bhaile Átha Cliath Theas ar an ngrúpa sin. Ullmhaíodh iarratas ar mhaoiniú faoi Straitéis an Ghlasbhealaigh agus cuireadh isteach é i Samhain 2018.

Rinneadh dul chun cinn ar shíneadh na gconairí fóillíochta taobh le hUiscebhealach na Sionainne-na hÉirne agus fuarthas maoiniú faoi Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh chun dhá chonair idir Béal Átha Conaill agus Droichead Bellaheady feadh na Graine agus Shráidbhaile Liatroma go Coill an Chláir a fhorbairt. Fuarthas 80% den mhaoiniú faoin Scéim le 5.5 km de chonair fóillíochta breise a fhorbairt idir Béal Átha Conaill agus Droichead Bellaheady. Cuirfidh Uiscebhealaí Éireann agus Comhairle Contae an Chabháin an cistiú meaitseála ar fáil. Táthar fós i mbun oibre chun conairí a shíneadh ó Bhéal Tairbirt go Loc 1 sa Chorrchoill, agus ó Dhroichead Achaidh go Loc 4, agus an obair á maoiniú i bpáirt le comhpháirtithe tríú páirtí.

Fuair Uiscebhealaí Éireann, i gcomhar le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt Chomhairle Contae Cheatharlach, agus Chill Chainnigh maoiniú ó Spórt Éireann le cláir eachtraíochta ar Uiscebhealach na Bearú a sheachadadh. Díreofar ar dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste sa chlár chun iad a spreagadh agus a chumasú le páirt a ghlacadh i spórt ar na huiscebhealaí.

Chuir lárionaid ghníomhaíochta gníomhaíochtaí ar uisce agus talamh-bhunaithe ar fáil i gCeatharlach, sa Mhuileann gCearr agus in Inis Ceithleann i rith samhradh 2018. Mar thoradh ar an aiseolas a fuarthas in 2017, aistríodh an Limistéar Gníomhaíochta in Inis Ceithleann chuig áit atá níos feiceálaí agus níos gaire do lár an bhaile. Áiríodh cadhcáil, canúáil, seaschéaslóireacht, agus cíos bád ar feadh an lae i measc na ngníomhaíochtaí a bhí ar fáil, agus dúirt na soláthraithe gníomhaíochtaí go bhfuil ag éirí go maith leis an suíomh nua.

Lean Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh leis an obair le cead pleanála a fháil chun cosán tarraingthe na Bearú a uasghrádú agus Glasbhealach/Gormbhealach a fhorbairt fad an 114 km den uiscebhealach idir na bailte, na sráidbhailte agus na suíomhanna turasóireachta is mó feadh na habhann álainn seo. Tá deisithe struchtúrtha de dhíth ar chodanna den chosán tarraingthe chun iad a choinneáil slán. Déanfar é sin faoin bplean deisiúcháin agus déanfar an dromchla a fheabhsú ar chonairí a mbíonn sé deacair ag daoine le fadhbanna luaineachta iad a úsáid nuair a bhíonn an aimsir go dona. Cruthófar conair easbhóthair siúlóide agus rothaíochta mar chuid d'fhorbairt an chosáin tarraingthe seo, rachaidh an chonair seo ó Bhaile Átha Cliath agus d'fhéadfaí é a nascadh le Port Láirge ar deireadh.

Chomhaontaigh an Comhlacht ar chomhpháirtíocht straitéiseach le Fáilte Éireann chun tionscadail turasóireachta a mbaineann gné chaipitil leo agus a mheallfadh cuairteoirí agus a chuirfeadh lena n-eispéiris ar na huiscebhealaí agus a gconairí agus taobh leo. Áirítear na tionscadail seo a leanas i measc na gcinn a aithníodh

- Máistirphlean Turasóireachta don tSionainn, lena n-áirítear forbairt Lárionad Gníomhaíochta;
- An féidearthacht a bheadh le tionscnamh Glasbhealaí Bhaile Átha Cliath ar feadh na gcanálacha Ríoga agus Móire. Beidh an timbhealach amuigh idir an 12ú agus an 12ú níos faide ná 40 km agus beidh an timbhealach istigh a théann chomh fada le Páirc an Fhionnuisce níos faide ná 20 km;
- Máistirphlean Turasóireachta do Dhuga na Canálach Móire lena n-áirítear breathnú ar an acmhainn atá ann le Margadh ar Barr Uisce a fhorbairt, an Míle Duga a thabhairt isteach timpeall an duga amuigh agus Clárchosán a chur isteach idir an Stáisiún Traenach ag Duga na Canálach Móire agus Muileann Boland ar an duga istigh.

Cruthaítear leis an gClár Imeachtaí seo deis le rannpháirtíocht a mhéadú agus a chothú le pobail uirbeacha agus tuaithe agus le cuideachtaí atá lonnaithe feadh na n-uiscebhealaí. I bhfianaise tuarascálacha a fuarthas i ndiaidh na n-imeachtaí, tháinig 200,000 cuairteoir breise chun na n-uiscebhealaí intíre mar thoradh ar chlár imeachtaí 2018 agus chuir na daoine sin níos mó na €8.5 milliún leis an ngeilleagar tuaithe, áitiúil agus náisiúnta. Fuarthas maoiniú €68,400 mar thoradh ar dheiseanna comhpháirtíochta straitéisí agus rinneadh na himeachtaí seo a riar tríd an gcóras clár Imeachtaí chun críocha tuairiscithe agus iniúchta. Infheistíodh €138,600 sna himeachtaí eile.

Reáchtáladh 'Get Going Get Rowing Blitzit' i mí Aibreáin, inar ghlac níos mó ná 300 cailín ó mheánscoileanna ar fud Chúige Laighean páirt i nGeallta Bád Rámhaíochta ag Duga na Canálach Móire. Reáchtáladh an clár sé seachtaine seo i gcomhar le Rowing Ireland agus fuair na cailíní blaiseadh de spórt nua agus cur amach ar chonair saoil eile atá ar fáil dóibh tríd an rámhaíocht. Rinneadh dea-thuairisciú ar an togra sna meáin, i bpáipéir nuachtáin, ar RTÉ News Now agus bhí deis ag scoileanna agus ag an bpobal áitiúil a bheith rannpháirteach sa rámhaíocht.

Tháinig Geallta na Long Ard chuig Calafort Bhaile Átha Cliath le linn mhí an Mheithimh, ba é seo an chéad uair ar óstáil Baile Átha Cliath imeacht do na Longa Arda ón mbliain 2012. Díríodh ar ghníomhaíochtaí mara san imeacht, lena n-áirítear deiseanna chun foghlaim faoi sheolta, agus gníomhaíochtaí uisce i gceantair dugaí Bhaile Átha Cliath.

Chuaigh Google Trekker ar turas ar an tSionainn, ó Loch Aillionn go Ceann Léime, le linn samhradh 2018. Is é seo an chéad bhailiúchán d'íomhánna uisce a glacadh ar oileán na hÉireann riamh. Taispeántar an tírdhreach agus an oidhreacht éagsúil atá le fáil ar an uiscebhealach seo sna sonraí seo. Cuireadh iarratas isteach chun rochtain a fháil ar Chlár Iasachta Google Trekker faoi Phlean Oidhreachta Uiscebhealaí Éireann 2016-2020 agus rinne baill foirne de chuid Uiscebhealaí Éireann an obair uile. Cruthaíodh comhpháirtíocht straitéiseach le Comhairle Contae an Chláir chun íomhánna a ghlacadh d'Inbhear na Sionainne ionas go mbeifear in ann an clár seo a leathnú lasmuigh de shainchúraimí Uiscebhealaí Éireann le cinntiú go nglacfar fad iomlán na Sionainne go Ceann Léime. Tá na híomhánna Google Trekker den tSionainn beo ar Google Maps anois agus is féidir breathnú ar na híomhánna i modh amhairc ón aer agus i modh amhairc léarscáile.

Taispeánadh Íochtar na Banna ar chlár de chuid RTÉ, 'Tracks and Trails', inar shiúil an t-imreoir peile le Corcaigh, Anna Geary, a bhfuil gradam All-Star buaite aici, ó Loch nEathach go Cúil Raithin.

Tháinig méadú ar líon na bpasáistí bád ar Uiscebhealaí na Sionainne arís in 2018 chuig 45,298 pasáiste suas ó 44,587 pasáiste, le dhá bhliain anuas agus méadaíodh líon na mbád cláraithe ar chórais Chanálacha na hÉirne agus na Sionainne ó 14,965 in 2017 go 15,539 in 2018.

Canáil Uladh

In 2018 cruthaíodh loingseoireacht chun Loch Éirne a nascadh le hIonad Idirnáisiúnta na nGasóg ag Caisleán Shandarsan i gContae an Chabháin. Áirítear tógáil droichid agus sruth nua canála ag Derrykerrib, Contae Fhear Manach, i measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích, chruthaigh sé seo loingseoireacht timpeall an tseandroichid ag Derrykerrib a bhí ró-íseal le seoladh timpeall air. Fuair Comhairle Contae an Chabháin cead pleanála chun múrálacha nua a chur isteach ag Caisleán Shandarsan agus tabharfaidh Uiscebhealaí Éireann faoin obair seo in 2019.

Glasbhealach Chanáil Uladh

Leanann Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh ag stiúradh na gcomhpháirtithe chun an 22 km seo den Ghlasbhealach a fuair tacaíocht airgeadais ó INTERREG VA in 2016 a sheachadadh. Fuarthas maoiniú breise €20,000 faoi Chéim 1 de Chiste Bonneagair Áineasa Allamuigh 2018 chun conairí ar Chéim 1 de Ghlasbhealach na Canála Uladh i mBaile Mhuineacháin (a bhfuil 4.2 km de in úsáid cheana féin) a fheabhsú.

Oideachas agus Oidhreacht

Tá Clár Oideachais Uiscebhealaí Éireann faoi chúram na foirne Margaíochta agus Cumarsáide. Tá sé mar aidhm ag an gclár feasacht ar uiscebhealaí na hÉireann a mhúscailt i measc daltaí scoile agus múinteoirí, tionscnamh agus stair na n-uiscebhealaí a thuiscint agus a bheith feasach ar an acmhainn fóillíochta agus bithéagsúlacht ár n-oidhreachta uisce. Cuidíonn gníomhaíochtaí éagsúla oideachais, agus suíomh gréasáin foghlama Uiscebhealaí Éireann chun an clár oideachais a chur ar fáil.

Chomhoibrigh Uiscebhealaí Éireann 'Ná Fág Rian' leis an gclár do scoileanna, 'Taiscéalaithe na hAbhann', a sheachadadh. Fuair scoláirí atá lonnaithe feadh Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne, na Canálach Ríoga agus na Canálach Móire deis le foghlaim faoin láthair tíreolaíochta, faoin acmhainn fóillíochta agus faoin luach bithéagsúlachta a bhaineann lena n-abhainn, lena loch nó lena gcanáil áitiúil, chuaigh siad i dtaithí ar na prionsabail 'Ná Fág Rian' atá tábhachtach nuair atá siad ag baint taitneamh as a bheith amuigh faoin aer.

Ghlac leanaí scoile ar fud na n-uiscebhealaí páirt i raon leathan imeachtaí oideachais a reáchtáil an Comhlacht, lena n-áirítear Seachtain Eolaíochta Thuaisceart Éireann, Seachtain na nInnealtoirí agus Seachtain na Gaeilge.

Chruthaigh scoláirí Idirbhliana i mBaile Átha Cliath dearaidh d'iar-bháirse canála 48M agus chuir siad a dtograí i láthair ag taispeántas in Ionad Cuairteoirí Cheantar na nDugaí. Fuair na scoláirí taithí phearsanta ar an bpróiseas deartha faoi stiúir ailtirí agus chéimithe ailtireachta ar fud na tíre. D'oibrigh Foireann Cheantair Dugaí Uiscebhealaí Éireann le Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann chun an clár seo a chur ar fáil.

Comhdháil Canálacha an Domhain

Bhí Comhdháil Canálacha an Domhain ar cheann de na buaicphointí i Meán Fómhair 2018, d'óstáil Uiscebhealaí Éireann an chomhdháil i gcomhar le Cumann Uiscebhealaí Intíre na hÉireann i mBaile Átha Luain. Tagann díograiseoirí canálacha agus uiscebhealaí, gairmithe agus acadóirí ó gach cearn den domhan le chéile don chomhdháil seo gach bliain. Sheol an tAire Josepha Madigan an Chomhdháil go hoifigiúil agus chuir an tUachtarán, Mícheál D. Ó hUiginn, deireadh léi. Is é an téama a bhí leis an gcomhdháil "Athchóiriú, Athnuachan, Athshamhlú", agus taispeánadh tionscadail athchóirithe agus athshamhlaithe na hÉireann mar chuid den imeacht agus bhí deis ag an 320 toscaire a d'fhreastail uirthi cur lena n-eolas ar shaineolas agus ar theicnicí i leith bainistiú uiscebhealaí ó gach cearn den domhan. Rinne níos mó ná 40 cainteoir ón tSín, ó Cheanada, ó SAM agus ón Eoraip láithreoireachtaí ar thopaicí lena n-áirítear "Bainistíocht Athchóirithe agus Oidhreachta", "Dúshláin maidir le Bainistíocht Uisce", "Athruithe a Bhainistiú" agus "Ag Seachadadh trí Nuálaíocht". Reáchtáladh trí huaire teicniúla ar an tSionainn Uachtarach mar chuid den chomhdháil, agus tugadh cuairt ar an nGormbhealach ag Droim Seanbhó; agus áiríodh Stáisiún Cumhachta Ard na Croise ar an turas ar an tSionainn agus d'fhreastail na toscairí a bhí ar an tríú turas ar iosta Uiscebhealaí Éireann sa Tulach Mhór agus ar an láithreán mainistreach ag Cluain Mhic Nóis.

Breathnaíodh ar stair na n-uiscebhealaí intíre i dtaispeántas cartlainne Uiscebhealaí Éireann, "Reflections – The lasting legacy of the waterways", rinneadh machnamh ann ar na daoine ceannródaíocha a thóg na canálacha agus ar na huirlisí a d'úsáid siad; mar aon leis na báid agus na struchtúir uiscebhealaí cáiliúla atá fós ann inniu. Cruthaíodh macasamhlacha ceannann céanna de na huirlisí a d'úsáid na tógálaithe canálacha mar chuid den chomhdháil ag úsáid an bhunghormchló a bhí ag John MacMahon in 1814 buíochas leis an Iontaobhas Náisiúnta agus le Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí. Chuir na huirlisí seo beocht le scéal na bhfear seo a thóg córas canálacha na hÉireann níos mó ná 200 bliain ó shin.

Cur lenár nIoncam

Tá an réadmhaoin Ionnaithe ar an líonra canálacha den chuid is mó. Tá Uiscebhealaí Éireann i mbun idirbheartaíochta ar na téarmaí do dhroichead coisithe nua a thógfar ag Muileann Boland i nDuga na Canálach Móire in 2019.

Tugann an Comhlacht ceadúnais do raon leathan cuideachtaí a fheidhmíonn ar a réadmhaoin d'fhonn daoine a mhealladh le taitneamh a bhaint as timpeallacht an uiscebhealaigh. Áirítear cuideachtaí a ligeann árthaí beaga ar cíos, idir sholáthróirí a ligeann báid ar cíos ar feadh an lae, sholáthróirí a ligeann canúnna ar cíos agus cíos árthaí níos mó, agus ceadúnais do sholáthróirí ag margaí bia ar mian leo rudaí a dhíol ón áit seo.

Bainistíonn Uiscebhealaí Éireann ceadúnú agus úsáid phunann mhór maoine tuaithe atá nasctha leis na bealaí loingseoireachta, rud a dteastaíonn cothabháil rialta uathu, mar shampla ag amanna tuilte nó chun feisteas dreidireachta a stóráil.

An tsócmhainn talún is mó in Éirinn de chuid Uiscebhealaí Éireann, Bloc Cathrach 19, suíomh 1.2 heicteár atá Ionnaithe ar an Dothra agus ar Dhuga na Canálach Móire. Caithfidh Uiscebhealaí Éireann cinneadh a dhéanamh maidir leis an bplean straitéiseach don tsócmhainn seo fós.

Rialachas Corparáideach

Ina cuid oibre ar fad, tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do rialachas corparáideach ar ardchaighdeán a bhaint amach. Fuair an chuid ba mhó den fhoireann Ardbhainistíochta oiliúint le linn 2018 ina díríodh go sonrach ar Rialachas Corparáideach.

An Ardbhainistíocht

Tá na comhaltaí a luaitear in Aguisín 2 ar an bhfoireann Ardbhainistíochta. Casann an fhoireann Ardbhainistíochta le chéile ar bhonn míosúil le cúrsaí oibriúcháin, sláinte agus sábháilteachta, feidhmíocht airgeadais, saincheisteanna maidir le hacmhainní daonna agus tuairisciú ar rialachas corparáideach, cuir i gcás bainistíocht rioscaí agus pointí ón iniúchadh atá le dúnadh fós, a athbhreithniú.

Cruinnithe Faireacháin

Trí chruinnithe faireacháin (ag a mbíonn baill shinsearacha foirne as Uiscebhealaí Éireann agus ionadaithe ó na Ranna Urraíochta i láthair), téitear i gcomhairle leis na Ranna maidir le ceisteanna oibriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní don phobal nó don pharlaimint, lena n-áirítear an cineál riosca atá ann, méid an riosca agus an seans go dtarlóidh sé. Reáchtáladh ceithre chruinniú dá leithéid le linn 2018.

Coiste Iniúchóireachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire chun athbhreithniú a dhéanamh agus aontú ar obair iniúchta inmheánaigh. Rinne an Coiste gach uile tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a bhreithniú. Déanann an Coiste breith chomh maith ar Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Chomhlachta a ndearna an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann iniúchadh orthu.

Cuid 3

Aguisín 1
Struchtúr Eagrúcháin Uiscebhealaí Éireann

Aguisín 2
Ár bhFoireann agus Sonraí Teagmhála

Aguisín 1

Struchtúr Eagrúcháin Uiscebhealaí Éireann



*Coiscthe faoi láthair, le hathbhreithniú – faoi bhainistíocht an Phríomhfheidhmeannaigh

**Folamh - Déanann baill eile den Fhoireann Ardbhainistíochta bainistíocht ar an ról seo

N.B. Bogadh an fhoireann Cigireachta Loingseoireachta chuig gach cuid den loingseoireacht ina bhfuil siad ag obair, ag cur tacaíocht theicniúil agus cláir ar fáil.

Líon Foirne	Airgeadas agus Pearsanra	Forbairt Gnó	Seirbhísí Teicniúla	Oibríochtaí	Oifig PF	IOMLÁN
Gairmiúil, Teicniúil agus Riaracháin	31.54	22.91	23.26	32.41	6.27	116.39
Oibríochtaí	-	-	-	197.70	-	197.70
Iomlán	31.54	22.91	23.26	230.11	6.27	314.09

Aguisín 2

Ár bhFoireann agus Sonraí Teagmhála

Is é John McDonagh an Príomhfheidhmeannach Gníomhach.

Tugann triúr Stiúrthóirí, triúr Bainisteoirí Réigiúnacha agus foireann ghairmiúil, theicniúil, oibriúcháin agus riaracháin atá lonnaithe ar fud an ghréasáin uiscebhealaí cúnamh don Phríomhfheidhmeannach.

An Stiúrthóir Airgeadais & Pearsanra .... Diane Creevy

An Stiúrthóir Forbartha Gnó..... John Boyle

An Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla..... Folamh

Bainisteoir Réigiúnach an Oirthir ..... John McKeown

Bainisteoir Réigiúnach an Tuaiscirt..... Joe Gillespie

Bainisteoir Réigiúnach an Iarthair ..... Éanna Rowee

Uiscebhealaí Éireann
R-phost: info@waterwaysireland.org
Suíomh Gréasáin: www.waterwaysireland.org

Ceanncheathrú
2 Bóthar Shligigh
Inis Ceithleann
Contae Fhear Manach
BT74 7JY
Guthán: +44 (0)28 6632 3004
Téacs:
+44 (0)28 6634 6233

Preasoifig
Uiscebhealaí Éireann
Teach Somerview
Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma
N41 K5X7
Guthán: +353 (0)71 965 0787

Ionad Cuairteoirí
Uiscebhealaí Éireann
Cé na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2
D02 ET38
Guthán: +353 (0)1 677 7510

Réigiún an Tuaiscirt
Oifig Réigiúnach
Uiscebhealaí Éireann
Teach Somerview
Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma
N41 K5X7
Guthán: +353 (0)71 965 0787

Réigiún an Oirthir
Oifig Réigiúnach
Uiscebhealaí Éireann
Urlár 2, Bloc C
Geata Bhaile an Ásaigh
Bóthar na hUaimhe
Baile Átha Cliath 15
D15 Y3EK
Guthán: +353 (0)1 868 0148

Réigiún an Iarthair
Oifig Réigiúnach
Uiscebhealaí Éireann
Cuan na Scairbhe
Bóthar an Duga
Baile Driú
An Scairbh
Contae an Chláir
V94 H7N1
Guthán: +353 (0)61 922 033

Cuid 4
Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Réamhrá um na Cuntais 30-33

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Uiscebhealaí Éireann agus ar Fhreagrachtaí an Duine Chuntasaigh 34

Ráiteas ar Rialú Inmheánach/Ráiteas ar Rialachas 35 - 37

Tuairisc ar Íocaíochtaí don Ardbhainistíocht 38 - 42

Deimhniú na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais 43 - 45

Ráiteas Ioncaim agus Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 46

Ráiteas ar Staid an Airgeadais 47

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid 48

Ráiteas ar athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna 49 - 50

Nótaí leis na Cuntais 51 - 72

Aguisín 1: Treoir Chuntas 73

Réamhrá um na Cuntais

Faisnéis Chúlra

Bunaíodh Uiscebhealaí Éireann an 2 Nollaig 1999 faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999. Is iad na feidhmeanna atá acu bainistiú, cothabháil, forbairt agus athnuachan a dhéanamh ar chóras uiscebhealaí inseolta intíre an oileáin, le haghaidh caitheamh aimsire den chuid is mó. Baineann na cuntais sa cháipéis seo leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

Réitíodh na cuntais seo dá réir seo a leanas:

- Na socruithe airgeadais mar a leagtar amach i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 leis an Sceideal den Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus mar a leagtar amach i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 don Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 a chuireann Comhlachtaí Forfheidhmithe ar bun;
- Treoir ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón Roinn Bonneagair, de réir mar a foráladh dó i Meamram Airgeadais an Chomhlachta in 2018;
- An Treoir maidir le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla a chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais ar fáil (2017).

Athbhreithniú Gnó

Tá athbhreithniú iomlán ar ghníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann le fáil sa Tuarascáil Bhliantúil.

Torthaí don Tréimhse

Leagtar amach torthaí Uiscebhealaí Éireann go mion ar leathanach 46. Ba é an t-easnamh don tréimhse €1,696,000 (STG£1,500,000). Ba é €444,000 (STG£389,000) an t-easnamh in 2017.

Airgeadra Tuairiscithe

Is é an Euro gnáthairgeadra oibriúcháin an Chomhlachta. Is iad na luachanna Steirling na luachanna Euro arna n-aistriú ag meánráta malartaithe Bank of England don bhliain de €1.1305 (2017: €1.1413) go £1 don Ráiteas Ioncaim agus aistrítear an Ráiteas ar Staid an Airgeadais ag ráta druidte na bliana de chuid Bank of England amhail ráta ag deireadh na bliana de €1.1149 (2017: €1.127) go £1.

Sócmhainní Seasta

Leagtar amach sonraí faoi ghluaiseachtaí na sócmhainní seasta i Nóta 7 leis na Cuntais.

Thóg Uiscebhealaí Éireann punann sócmhainní ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, ina bhfuil sócmhainní bonneagair, go príomha, ar nós uiscebhealaí, canálacha, cosáin tarraingthe, tithe loic agus gnéithe gaolmhara loingseoireachta (loic, coraí, etc.). Aistríodh Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne in 1999 agus aistríodh Córas na hÉirne, an Chanáil Mhór (lena n-áirítear Uiscebhealach na Bearú), Uiscebhealach Íochtar na Banna, an Chanáil Ríoga agus Uiscebhealach na Sionainne in 2000. Rinneadh luacháil orthu i gcuntais Uiscebhealaí Éireann in 2003.

Déileáiltear ar leithligh le mórshócmhainní insonraithe nó comhpháirteanna laistigh de ghréasán nó de chóras bonneagair lena mbaineann saolréanna críochta inchinntithe agus dímheastar a luach thar a saolréanna úsáideacha geilleagracha faoi threoir na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Airgeadais.

Tá luacháil déanta ar shócmhainní oibriúcháin, lena n-áirítear talamh, struchtúir loingseoireachta agus obair idir lámha, sna cuntais. Sa chás gur deimhníodh teideal agus luach, rinneadh luacháil ar thalamh agus ar fhoirgneamh de chineál neamhoibríoch sna cuntais. Sonraítear méadú glanluachála €12,106,000 sa bhliain ar Shócmhainní Oibriúcháin agus glanlaghdú luachála €12,900,000 ar Shócmhainní Inláimhsithe i Nótaí 1.7, 7.1 agus 7.2.

Forbairtí Amach Anseo

Díreofar an fhorbairt chaipitil in 2019 den chuid is mó ar shócmhainní bonneagair ríthábhachtacha a athchóiriú lena chinntiú go gcoinneofar na huiscebhealaí ar oscailt agus go mbeidh siad ar fáil do réimse leathan úsáideoirí. Comhaontaíodh clár caipitil mionsonraithe le haghaidh 2019, lena n-áirítear coraí, lamairní agus loic mhara a athsholáthar nó a athrú.

Comhaltaí Boird

Faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus faoin Ordú um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, déanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna an Chomhlachta a fheidhmiú. Níl aon chomhaltaí boird ann.

Beartas Comhionannais

Tá Scéim Comhionannais curtha i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann i gcomhlíonadh cheanglais Alt 75 d'Acht Thuaisceart na hÉireann, 1998 agus tá siad tiomanta go hiomlán do na riachtanais chomhionannais a bhaint amach sa dá dhlínse.

Beartas i ndáil le Daoine faoi Mhíchumas

Is fostóir comhionannas deiseanna iad Uiscebhealaí Éireann agus fáiltíonn siad roimh dhaoine faoi mhíchumas mar fhostaithe. Déanaimid iarracht réamhghníomhach daoine atá faoi mhíchumas agus grúpaí ionadaíochta a thabhairt isteach agus socrúcháin oibre a chur ar fáil.

Rannpháirtíocht Fostaithe

Tagann an Fóram Caidrimh Thionsclaíoch le chéile ar bhonn ráithiúil le hionadaithe bainistíochta agus ceardchumainn chun ábhair chomhleasa a phlé. Anuas air sin, oibríonn an bhainistíocht leis na Ceardchumainn aitheanta agus buaileann sí leo go minic chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna na bhfostaithe.

Téann an bhainistíocht i gcomhairle leis an bhfoireann go rialta le linn na bliana ag cruinnithe treoraithe agus eolais anuas ar na gnáthchruinnithe Réigiúnacha, cruinnithe Roinne agus cruinnithe foirne a mbíonn an bhainistíocht agus na fostaithe páirteach iontu.

Tabhartais Charthanacha

Níor thug Uiscebhealaí Éireann aon tabhartais charthanacha le linn na tréimhse.

Cleachtas ar Íocaíochtaí Déanacha

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do bhillí d'earraí agus do sheirbhísí a fuarthas a íoc go pras de réir Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1998, de chuid na Ríochta Aontaithe, arna leasú le Late Payment of Commercial Debts Regulations 2013 – Statutory Instrument 2013 No. 395 agus leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012). Mura luaitear a mhalairt sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 lá ón tráth a fhaightear na hearraí nó seirbhísí nó ón tráth a fhaightear an sonrasc bailí nó éileamh comhchosúil, pé ceann is déanaí a fhaightear.

Le linn 2018, íocadh 98% (2017, 99%) de shonraisc laistigh de 30 lá agus tabhaíodh muirir úis €469 (2017 €173) agus tabhaíodh muirir phionóis de bharr íocaíochtaí déanacha €8,360 (2017, €6,290), agus tá siad san áireamh i ngnóthachain/caillteanais airgeadra agus in ús inioctha.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Uiscebhealaí Éireann tiomanta do thimpeallacht shábháilte oibre a chinntiú dá mbaill foirne. Rinneadh an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú in 2017 agus scaipeadh é ansin. Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta Uiscebhealaí Éireann i bhfeidhm agus tagann an Grúpa Oibre Sláinte agus Sábháilteachta, gach Grúpa Sábháilteachta Réigiúnach agus Grúpa Sábháilteachta na Ceannoifige le chéile go ráithiúil gach bliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta i ngach ceantar agus in Uiscebhealaí Éireann ar an iomlán. D'fhonn a áirithiú go bhfuil córais Sláinte agus Sábháilteachta Uiscebhealaí Éireann in úsáid agus go bhfuiltear ag comhlíonadh na reachtaíochta, tugtar faoi 13 iniúchadh inmheánacha sábháilteachta gach bliain. Coimisiúnaíodh tuairisc sheachtrach Sláinte agus Sábháilteachta in 2017 agus cuireadh na moltaí a rinneadh sa tuairisc seo i bhfeidhm diaidh ar ndiaidh in 2018.

Iniúchadh Seachtrach

Déanann Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Thuaisceart Éireann agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann iniúchadh ar chuntais Uiscebhealaí Éireann de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999. Tá na hArd-Reachtairí agus a mbaill foirne go hiomlán neamhspleách ar Uiscebhealaí Éireann. Déanann siad a dtorthaí a thuairisciú agus a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus Thithe an Oireachtais. Chosain seirbhísí iniúchta na bliana airgeadais, a luaitear mar chostas sa Ráiteas Ioncaim, €42,000 (STG£37,000). Ní dhéanann na hiniúchóirí obair neamhiniúchta i ndáil le hUiscebhealaí Éireann.

Rioscaí Bunairgid agus Neamhchinnteachtaí

Is iad na rioscaí bunairgid agus neamhchinnteachtaí atá roimh an gComhlacht maoiniú leanúnach dá ngníomhaíochtaí ó Thionól Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann. Cé go bhfuil ionchas réasúnta ann go leanfaidh an dá Rialtas ar aghaidh ag maoiniú ghníomhaíochtaí an Chomhlachta, tá méid an mhaoinithe faoi athbhreithniú seasta. Tá na leibhéil mhaoinithe don Phlean Corparáideach 2017-2019 bunaithe ar na leibhéil chéanna agus a bhí ann in 2016. I dtéarmaí réadacha, leanfar den laghdú mar go dtéann pinsin mhéadaithe agus costais fhéideartha a bhaineann leis an ráta malairte i bhfeidhm ar an airgead atá ar fáil chun na huiscebhealaí a mhaoiniú.

Tá riosca suntasach ann i ndáil leis an ráta malairte don Chomhlacht mar gheall ar rátaí malairte athraitheacha le linn thréimhse an Phlean Chorparáidigh. In 2018 tabhaíodh caillteanas malairte €18,000 mar gheall ar iarmhéid bainc steirling a mhalartú agus ráta níos fearr do phlean gnó.

Íocann Uiscebhealaí Éireann costais phinsean na foirne go léir atá ar scor ón bhuiséad oibriúcháin. In 2001 aistríodh agus ainmníodh os cionn 200 lucht foirne chuig Uiscebhealaí Éireann ó na comhlachtaí bainistíochta uiscebhealaí intíre a bhí ann roimhe sin. Tá Uiscebhealaí Éireann faoi dhliteanas a gcuid costais phinsean iomlána a íoc lena n-áirítear an tréimhse fostaíochta roimh 2001. Tá na costais phinsean suntasach agus b'ionann na costais in 2018 agus €2,800,000 (€2,200,000 in 2017). Faoin mbliain 2019, meastar go mbeidh 154 pinsinéir imithe ar scor nó incháilithe le dul ar scor i gcoinne lucht oibre de 276 ball foirne in 2018. Maoiníonn an Roinn Bonneagair na costais phinsean ar fad mar aon leis an maoiniú oibriúcháin agus cuireann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an t-airgead atá sa bhuiséad ar fáil agus tagann riachtanais bhreise ó chistí oibriúcháin.

An Breatimeacht

Mar chomhlacht trasteorann, áirítear leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht caillteanas rochtana ar mhaoiniú Eorpach do thionscadail Thuaisceart Éireann, ar foinse shuntasach de mhaoiniú forbartha é. Dá dtarlódh sé go raibh Tuaisceart Éireann lasmuigh den Mhargadh Aonair agus den Aontas Custam, d'fhéadfadh sé go mbeadh taraifí i bhfeidhm maidir le seirbhísí agus táirgí a fháil, agus mar sin, go méadódh costais oibriúcháin Uiscebhealaí Éireann. D'fhéadfadh sé go rachadh forálacha éagsúla reachtaíochta i bhfeidhm ar ghnó an Chomhlachta. D'fhéadfadh an fhéidearthacht go mbeadh seiceálacha custam ag an teorainn an t-aga taistil a mhéadú, táirgiúlacht a laghdú agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh fonn ar fhostaithe atá ag oibriú le hUiscebhealaí Éireann san am atá i láthair leanúint sa phost agus nach meallfaí oibrithe amach anseo.

Pinsin

In 2018 mar gheall ar an méadú ar ráta lascaine bhannaí corparáide na Ríochta Aontaithe faoi ráta AA agus méadú ar bhannaí corparáide limistéar an euro an 31 Nollaig 2018 mar aon leis an athrú glan ar rátaí boilscithe, an t-athrú ar thoimhdí básmhaireachta agus toimhdí tuarastail, tá brabús achtúireach le sonrú ar an scéim mar aon le méadú €1,000,000 ar dhliteanais scéime sa bhliain.

Fuarthas ranníocaíochtaí fostaithe €614,000 (2017: €612,000) agus tugadh don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus don Roinn Bonneagair iad ar bhonn 85:15.

Plean Gnó 2017 agus Plean Corparáideach 2017–2019 a fhaomhadh

Tráth ar faomhadh na cuntais seo, níor fhaomh na Ranna Coimircíochta, na Ranna Airgeadais ná an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Plean Gnó 2018 Uiscebhealaí Éireann go foirmiúil. Ní dócha go bhfaighfear faomhadh go dtí go mbeidh Tionól Thuaisceart Éireann ina shuí. Lean an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Bonneagair ag maoiniú ghníomhaíochtaí an Chomhlachta d'uireasa Plean Gnó faofa agus cuireadh maoiniú €30,987,000 i bhfeidhm le linn 2018. Fuair Uiscebhealaí Éireann maoiniú €1,600,000 mar gheall ar iarratais eile a rinne sé ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtreo tionscadail chaipitil agus chuir an Roinn Bonneagair €2,197,000 ar fáil do thionscadail chaipitil agus €95,000 do phinsin.

Chuir an Roinn Bonneagair socruithe teagmhais i bhfeidhm, a shocraigh an Roinn Airgeadais ionas go bhféadfaí maoiniú a íoc leis an gComhlacht. Baineann siad sin le dréachtcháipéis na Pleanála Gnó a fhaomhadh ina leagtar amach gníomhaíochtaí beartaithe gearrthéarmacha an Chomhlachta, mar aon leis na tairbhí agus costais lena mbaineann. Mar thoradh air sin, d'íoc an dá Roinn Coimircíochta as gach iarratas ar mhaoiniú go dáta in 2019.

D'uireasa Plean Gnó faofa le haghaidh 2018 nó Plean Corparáideach don tréimhse 2017 go 2019, tá gníomhaíochtaí Uiscebhealaí Éireann de réir Dréachtphlean Chorparáidigh 2017-2019 agus Dréachtphlean Gnó 2018 a ndearnadh na Ranna Coimircíochta breithiúnas orthu.

Imeachtaí tar éis na Tréimhse Tuairiscithe

Dada le tuairisciú

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Uiscebhealaí Éireann agus ar Fhreagrachtaí an Duine Chuntasaigh

Freagrachtaí Uiscebhealaí Éireann

Tá treoir tugtha ag na Ranna Airgeadais d'Uiscebhealaí Éireann ráiteas cuntas a chur le chéile do gach bliain dar críoch an 31 Nollaig san fhoirm agus ar an mbunús atá leagtha amach sa treoir chuntas san Aguisín a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo. Réitítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus ní mór dóibh léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid ghnóthaí an Chomhlachta ag deireadh na bliana agus ar an ioncam agus caiteachas, ar athruithe ar an gcaipiteal gnáthscaireanna agus ar shreafaí airgid sa bhliain féilire.

Tá ceangal ar Uiscebhealaí Éireann i ndáil leis na nithe seo a leanas agus na cuntais a réiteach acu:

- Breithniú a dhéanamh ar na cuntais de réir na treorach cuntas arna heisiúint ag na Ranna Coimircíochta, lena n-áirítear na ceanglais chuí chuntasaíochta agus nochta, agus na beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhleanúnach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;
- A dhearbhú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme agus aon imeacht ábhartha sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú;
- Ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh Uiscebhealaí Éireann i mbun oibríochta.

Freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh

Leagtar amach i Meamram Airgeadais an Chomhlachta freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar an Duine Cuntasach d'Uiscebhealaí Éireann lena n-áirítear freagracht as dleachtanas agus rialtacht na gcistí poiblí, agus taifid chuí a choimeád.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach / Ráiteas ar Rialachas

Raon Freagrachta

Ceapadh mé, John Mc Donagh, mar Oifigeach Cuntasaíochta ar an 15 Aibreán 2019. Cuireadh tús le scóip mo chuid freagrachta ex post facto tréimhse rialaithe airgeadais agus rialachais don bhliain 2018. Síním an Ráiteas seo tar éis breithiúnas stuama agus réasúnach a thabhairt sa tréimhse ghairid a bhí mé sa phost seo. Leagtar amach go mion sa Mheamram Airgeadais idir Uiscebhealaí Éireann agus a Ranna Coimircíochta freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta, laistigh de chreatlach gnó agus airgeadais.

Chuaigh mé i dtaithí ar ábhair agus ar chúrsaí trína mo thumadh féin in ábhair agus i gcomhráite le hardbhainistíocht Uiscebhealaí Éireann; le tuarascálacha an Iniúchta Inmheánaigh; cruinnithe treoraithe leis na ranna urraithe; agus comhráite seachtracha ó Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann. Deimhním gur reáchtáladh Cruinnithe Faireacháin foirmiúla idir ionadaithe na Ranna Urraithe agus baill shinsearacha foirne Uiscebhealaí Éireann le linn 2018. Deimhním gur fheidhmigh an Coise Iniúchóireachta de réir a shainchúraim ar feadh 2018. Deimhním gur cuireadh Clár Riosca i bhfeidhm agus gur pléadh an clár riosca ag cruinnithe bainistíochta agus ag Cruinnithe Faireacháin. Deimhním gur cuireadh ráitis ráthaíochta leathbhliantúla ó bhainisteoirí sinsearacha aonair, lena n-áirítear an Iar-Phríomhfheidhmeannach, le chéile agus gur cuireadh iad faoi bhráid na Ranna Urraithe in 2018.

Déanaim na ráitis thíos ar bhun an eolais atá agam agus mo bhreithiúnais féin san achar gairid agam sa phost seo.

Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí

Mar Príomhfheidhmeannach Gníomhach Uiscebhealaí Éireann, táim freagrach go díreach don Aire ó thuaidh agus don Aire ó theas agus don dá roinn maidir le feidhmíocht agus oibríochtaí an Chomhlachta. Ceapann na hAirí an creat beartais faoina bhfeidhmíonn Uiscebhealaí Éireann agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí. Cinneann na hAirí freisin na hacmhainní a chuirtear ar fáil don Chomhlacht agus faomhann siad an Plean Corparáideach agus an Plean Gnó. Trí chruinnithe faireacháin téim i gcomhairle leis na Ranna maidir le ceisteanna oibriúcháin a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní don phobal nó don pharlaimint, lena n-áirítear an cineál riosca atá ann, méid an riosca agus an seans go dtarlóidh sé. Dearbhaím gur reáchtáladh ceithre chruinniú faireacháin le linn 2018.

Feidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ann chun riosca teipe do chomhlíonadh beartas, aidhmeanna, agus cuspóirí Uiscebhealaí Éireann a bhainistiú seachas é a dhíbirt. Ní féidir, mar sin, ach dearbhú réasúnach a thabhairt ar a éifeachtacht seachas dearbhú cinnte.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach a dearadh chun na rioscaí maidir le baint amach beartais, aidhmeanna agus cuspóirí an chomhlachta a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta; measúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlóidh na rioscaí sin agus an tionchar a bheadh acu dá dtarlódh siad; agus bainistiú éifeachtach éifeachtúil geilleagrach a dhéanamh orthu. Tá an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm in Uiscebhealaí Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus go dtí dáta formheasa na tuarascála, na gcuntas bliantúil, agus le treoir na Ranna Airgeadais.

Cumas chun Déileáil le Rioscaí

Bhí sraith nósanna imeachta in situ le linn 2018 chun cuspóirí agus rioscaí an Chomhlachta a shainaithint agus socraíodh straitéis rialaithe do gach ceann de na rioscaí suntasacha bunaithe ar na nósanna imeachta seo. Leithdháileadh riosca úinéireachta ar bhaill foirne cuí. Feidhmíodh meon i leith rioscaí agus na próisis laistigh d'Uiscebhealaí Éireann i dtimthriall bhuan.

An Chreatlach Riosca agus Rialaithe

Aithníodh i gClár Riosca Chorparáidigh na príomhrioscaí a bhfuil nasc díreach acu le cuspóirí corparáideacha agus gnó Uiscebhealaí Éireann. Tháinig Foireann Ardbhainistíochta Uiscebhealaí Éireann le chéile uair sa mhí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Riosca Chorparáidigh. Rinne an fóram míosúil rioscaí agus athruithe nua sa timpeallacht feidhmiúcháin a bhreithniú agus cuireadh gníomhartha maolaithe riachtanacha i bhfeidhm. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca Chorparáidigh ag na cruinnithe faireacháin agus ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Mórchórais faisnéise

Úsáideann Uiscebhealaí Éireann córais Integra chun faisnéis chuntasaíochta airgeadais a sholáthar agus úsáidtear córais phárolla Core chun faisnéis phá agus tuarastal a sholáthar. Tá rialuithe próisis agus rialuithe córais sa dá chóras agus timpeall orthu chun caighdeán agus sláine na faisnéise bainistíochta a chuirtear ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus don Ardbhainistíocht a áirithiú.

Tabharfaidh Uiscebhealaí Éireann faoi athbhreithniú ar a chórais airgeadais agus TF sa dara leath den bhliain 2019, déanfar oiriúnacht don fheidhm agus slánú i bhfad na haimsire a bhreithniú mar chuid den athbhreithniú seo.

Bainistíocht Airgeadais

Tá na próisis seo a leanas i bhfeidhm ag an gComhlacht:

- Tionólann Grúpa na hArdbhainistíochta ar bhonn míosúil le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn pleananna gnó agus ar aon cheist eile.
- Tá feidhm iniúchta inmheánaigh i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann, cuireann anailís ar an riosca is ann don Chomhlacht bonn eolais le clár oibre na feidhme agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh ar an anailís seo chomh maith. Comhaontaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchóireachta ar na pleananna iniúchta inmheánaigh seo atá bunaithe ar riosca. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, a tháinig le chéile 4 huaire i rith 2018, athbhreithniú ar an bplean iniúchta agus ar thuarascálacha an Iniúchta Inmheánaigh. Deirtear sa Ráiteas Iniúchóireachta inmheánaí dearbhaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 go raibh 'córas sásúil rialaithe ar an iomlán sna réimsí a ndearnadh athbhreithniú orthu, bunaithe ar scóip na n-iniúchtaí a rinneadh le linn 2018, agus ag glacadh leis go gcuirfidh an bhainistíocht na moltaí, a tugadh le fios san iniúchadh inmheánach, i bhfeidhm go héifeachtach i ngach tuarascáil ar an iniúchadh inmheánach.' Chuir an Coiste Iniúchóireachta tuarascáil bhliantúil ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta don bhliain 2018, agus dearbhaítear leis seo gur chomhlíon an Coiste a fhreagrachtaí de réir a Chairte agus a Théarmaí Tagartha.
- Rinneadh 4 iniúchadh agus 8 n-athbhreithniú deisce ar nósanna imeachta agus ar bheartais mar chuid den Iniúchadh Inmheánach in 2018. Measadh go raibh 10 gcinn acu seo sásúil ar an iomlán agus cinneadh go raibh 2 teoranta. Baineann an 2 iniúchadh a síleadh a bhí teoranta le bainistiú rioscaí, le soláthar agus le tairiscintí a lorg. Rinneadh 3 iniúchadh agus 2 athbhreithniú deisce ar nósanna imeachta agus ar bheartais go dtí seo mar chuid den Iniúchadh Inmheánach in 2019. Measadh go raibh 3 cinn acu seo sásúil ar an iomlán agus cinneadh go raibh 2 teoranta. Baineann an 2 iniúchadh a síleadh a bhí teoranta le párolla agus liúntais agus caiteachas oibríochtúil. Ghlac an Bhainistíocht leis na moltaí uile agus chuir siad plean gníomhaíochta i bhfeidhm le dul i ngleic leis na saincheisteanna a nochtadh.
- Thug iniúchóir inmheánach na Scéime Pinsin Thuaidh/Theas barúil teoranta maidir leis na ríomhanna pinsin a ríomh Riarthóir na Scéime. Ghlac an Coiste Pinsin Thuaidh/Theas leis na moltaí uile agus chuir siad plean gníomhaíochta i bhfeidhm le dul i ngleic leis na saincheisteanna a nochtadh.
- I ndiaidh athbhreithnithe ar na rialacha a bhaineann le híocaíocht 'Airgead Tíre' agus €701,278 a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar son na gcánacha a bhí gan íoc, rinne Uiscebhealaí Éireann na rialacha inmheánacha a nuashonrú agus táthar ag obair ar na tionchair chaidrimh thionsclaíoch a eascraíonn ó na hathruithe seo.
- Déanann Uiscebhealaí Éireann monatóireacht ar chostais phinsin an Chomhlachta, agus na costais sin ag ardú maidir le baill foirne i bPoblacht na hÉireann ar aistríodh iad i mbun a seirbhíse. Tugtar tús áite do na costais seo sna cistí reatha agus cuirfidh sé tuilleadh brú ar an gcaiteachas reatha atá ar fáil de réir mar a ardaíonn na costais.
- Leantar le clárú réadmhaoine agus léasanna oidhreachta agus le hathbhreithniú orthu chomh maith.
- Cuireadh athbhreithniú seachtrach i gcrích ar an bpróiseas a mbaintear úsáid as le sócmhainní oibriúcháin an Chomhlachta a luacháil i mí na Nollag 2017. Aimsíodh san athbhreithniú go gcomhlíonann an Comhlacht FRS 102 agus rinneadh moltaí chun faisnéis agus luacháil faoi shócmhainní a fheabhsú. Faoin mbliain 2018 bhí athluacháil déanta ar roinnt struchtúr lena n-áirítear coraí, droichid, uiscerianta, tóchair, geataí agus seomraí loic, iostaí agus tithe loic agus iad bunaithe ar shuirbhéanna agus ar shaolré ionchais na sócmhainní sin agus coigeartaíodh iad de réir mar is cuí. Tá roinnt de na luachanna talún sna cuntais bunaithe ar mheastacháin seachas teorainneacha beachta. Leanann an Comhlacht ag sainscagadh sraitheanna clárúcháin maoine iarbhír agus ansin ag clárú na ngníomhas. Tá an cleachtas ag dul ar aghaidh faoi láthair feadh na gcanálacha Ríoga agus Móire. Táthar ag súil go mbeidh aon mhéadú ar luachanna talún dá bharr an-bheag mar gheall gur luachanna talmhaíochta den chuid is mó atá ag aon phíosaí beaga talún breise. De réir mar a cheadaíonn acmhainní, leanfaidh Uiscebhealaí Éireann ag cur na moltaí eile chun cinn lena n-áirítear tuilleadh suirbhéanna ar struchtúir cosúil le canálacha, múrálacha agus cuanta

chun na toisí cruinne agus bail na sócmhainní sin a léiriú mar aon le hathbhreithniú ar aicme oidhreachta na sócmhainní.

- Bainistíocht leanúnach ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus riosca.
- Cuirtear ráitis ráthaíochta ar fáil don Roinn Coimircíochta de réir mar is gá faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse.
- Déanann an Ardbhainistíocht athbhreithniú géar ar ús agus pionóis íocaíochta deireanaí.

Saincheisteanna Rialaithe Suntasacha

D'ainneoin deimhniú na gcleachtas bainistíochta de réir mar a dhéantar cur síos orthu faoin Raon Freagrachta, tá imní orm go bhfuil baol ann don eagraíocht mar thoradh ar shaincheisteanna rialaithe suntasacha. Tá an imní seo bunaithe ar

(i) iniúchadh ar liúntais phárolla a cuireadh ar fáil le linn 2018 inar sainaithníodh bearnaí sna nósanna imeachta agus rialaithe inmheánacha, baineann na bearnaí seo leis an bhfoireann oibríochtúla páirce agus iad ag déanamh éileamh ar liúntais phárolla. Sainaithníodh 26 pointe mar Thosaíocht 1 (is é is dócha go mbeidh teip shuntasach ann i leith phríomhchuspóir na heagraíochta mura gcuirfear na moltaí i bhfeidhm, agus déanfar damáiste suntasach ar cháil na heagraíochta nó bainfear mí-úsáid as cistí poiblí dá bharr) san iniúchadh;

(ii) cinneadh an Iar-Phríomhfheidhmeannaigh le Stádas na Bainistíochta Riosca a rangú mar ghné Nach nOireann i Ráiteas Dearbhaithe leathbhliantúil do 2018;

(iii) na rioscaí a bhaineann le heagraíocht nach bhfuil na hacmhainní cuí aici ag leibhéil na bainistíochta agus cumas Uiscebhealaí Éireann na bearnaí rialachais a fheabhsú agus a bhainistiú; agus

(iv) an acmhainn atá ann maidir le neamhchosaint i leith bearnaí córasacha nár sainaithníodh go fóill agus a bhaineann le hidirphlé idir córais agus rialaithe oibríochtúla páirce agus corparáideach.

D'ainneoin na himní seo, táim in ann a thuairisciú go bhfuil neart smaointeoireachta agus pleanáil straitéiseach ar bun chun dul i ngleic leis na saincheisteanna rialaithe suntasacha, mar a luadh thuas, agus maidir le forbairt acmhainne na heagraíochta agus athrú sa liúntas párolla i dtreo struchtúr íocaíochta atá níos soláimhsithe.

Review of Effectiveness

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, táim freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá scóip m'athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh teoranta mar thoradh ar an tréimhse ghairid a bhfuil an post seo agam. Lorg mé dearbhaithe trí na nósanna imeachta bainistíochta agus tuarascálacha agus barúil ar an iniúchadh inmheánach agus seachtrach a dheimhniú. Ní aithníonn na soláthróirí árachais bearna rialaithe uileghabhálach laistigh d'Uiscebhealaí Éireann. Ina theannta sin, chun tuilleadh dearbhú a chur ar fáil do na ranna urraithe, agus le tacaíocht ó bhainistíocht Uiscebhealaí Éireann, coimisiúnaíodh aonad neamhspleách laistigh den Roinn Airgeadais (TÉ) le hathbhreithniú iomlán ar rialachas airgeadais a dhéanamh. Beifear in ann réimsí imní a d'fhéadfadh teacht chun cinn a fhiosrú mar chuid den athbhreithniú seo, agus ar an mbealach sin laghdófar an baol atá ann maidir le saincheisteanna rialaithe suntasacha de réir mar a leagadh amach iad thuas faoi Shaincheisteanna Rialaithe Suntasacha. Mar thoradh air sin, tá mé sásta an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais a shíniú mar an tOifigeach Cuntasaíochta.

John McDonagh
An Príomhfheidhmeannach (Gníomhach)
4 Iúil 2019

37

Tuairisc ar Íocaíochtaí don Ardbhainistíocht

Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Réigiúnacha i gceist le foireann ardbhainistíochta Uiscebhealaí Éireann. Is é an Príomhfheidhmeannach/an Príomhfheidhmeannach (Gníomhach) an tOifigeach Cuntasaíochta, mar a d'fhaomh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus de réir an mheamraim airgeadais, tá sí freagrach as an gcomhlacht a riaradh go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Beartas maidir le luach saothair na hArdbhainistíochta

Tagann na scálaí pá don Ardbhainistíocht atá bunaithe i ndlínse Thuaisceart Éireann le scálaí pá Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Bíonn roinnt pointí pá ón íosmhéid go dtí an t-uasmhéid i gceist leis na scálaí pá do gach grád i Státseirbhís Thuaisceart Éireann, agus mar sin, bítear ag méadú i dtreo an uasmhéid.

Is scálaí pá leagáide iad scálaí pá na hArdbhainistíochta atá bunaithe i ndlínse Phoblacht na hÉireann agus cinneann an Roinn Coimircíochta iad.

Tugtar incrimintí bliantúla d'Uiscebhealaí Éireann tríd an Roinn Coimircíochta sa dá dhlínse.

Gach bliain, leagtar síos cuspóirí don ardbhainistíocht bunaithe ar an bPlean Corparáide trí bliana agus ar an bPlean Gnó bliantúil. Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithniú agus measúnú ar spriocanna aonair agus cuspóirí na hardbhainistíochta le linn na bliana ach struchtúr bainistíochta feidhmíochta an chomhlachta a úsáid. Déantar na measúnuithe sin ar fheidhmíocht a thaifeadadh agus coinnítear iad. Déanann an Coiste Faireacháin measúnú ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Conarthaí seirbhíse

Ceaptar daoine ar an bhfoireann ardbhainistíochta i gcomhréir le Beartas Earcaíochta agus Roghnúcháin Uiscebhealaí Éireann ina n-éilítear go ndéantar na ceapacháin ar bhonn tuillteanais amháin bunaithe ar inniúlacht agus ar oiriúnacht. Gheobhaidh baill den fhoireann ardbhainistíochta conradh fostaíochta nuair a cheapfar iad ina sonrófar na téarmaí agus na coinníollacha. Bíonn íocaíochtaí foirceanta i gcomhréir le téarmaí conartha. Níor íocadh íocaíochtaí cúitimh ná scaoilíocaíochtaí leis an bhfoireann ardbhainistíochta le linn 2018.

Tuarastal agus teidlíochtaí pinsean

Cuirtear sonraí ar fáil sna codanna seo a leanas ar íocaíochtaí a rinneadh le foireann ardbhainistíochta an Chomhlachta mar aon le sonraí sainleasanna pinsean.

Íocaíochtaí (lena n-áirítear tuarastal) agus teidlíochtaí pinsean na Foirne Ardbhainistíochta

	2018					2017				
Ainm	**Tuarastal**	**Sochair Phinsean (1)**	**Sochar Cohchi-neáil**	**Ío-caíocht Bónais**	**Iomlán**	**Tuarastal**	**Sochair Phinsean (1)**	**Sochar Cohchi-neáil**	**Ío-caíocht Bónais**	**Iomlán**
An Príomhfhei dhmeannach	€ 98,000	€ 16,000	€0	€0	€114,000	€97,957	€30,000	€0	€0	€127,957
Bainisteoir Réigiúnach 1	€ 99,259	€ 91,500	€0	€0	€190,759	€94,410	€25,580	€0	€0	€119,990
Bainisteoir Réigiúnach 2	€ 99,629	€ 91,500	€0	€0	€191,129	€94,410	€25,600	€0	€0	€120,010
Bainisteoir Réigiúnach 3	€ 89,610	€ 89,660	€0	€0	€179,270	€82,224	€59,770	€0	€0	€141,994
Stiúrthóir 1	€ 67,370	€ 35,050	€0	€0	€102,419	€65,309	€24,200	€0	€0	€89,509
* Stiúrthóir 2	€ 71,354	€ 34,756	€0	€0	€106,110	€20,865 €64,200 FTE	€8,560	€0	€0	€29,425
*Thosaigh sí ar an scéim Meán Fómhair 2017										
Nóta: Stiúrthóir 3 rar scor an 31 Bealtaine 2017. Stiúrthóir 4 bás le linn seirbhíse an 23 Iúil 2017. Athruithe sa ráta malartaithe - íoctar An Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóir 1 agus 2 i steirling agus athraíonn íocaíocht in euro de réir na rátaí malairte ag 2018 €1.1305 (2017 €1.1413) ar £1.										

1. (1) Ríomhtar luach na sochar pinsean a fhabhraítear le linn na bliana mar (an fíormhéadú sa phinsean méadaithe faoi 20) móide (an fíormhéadú ar chnapshuim ar bith) lúide (ranníocaíochtaí a rinne an duine). Ní bhaineann na fíormhéaduithe le méaduithe mar gheall ar bhoilsciú ná le méadú nó laghdú ar bith de bharr cearta pinsean a aistriú.

Iolraí pá

Éilítear ar an gComhlacht an gaol idir luach saothair an stiúrthóra a fhaigheann an pá is mó san eagraíocht agus airmheán an luacha saothair a fhaigheann baill foirne na heagraíochta a nochtadh.

	2018 €	2018 £	2017 €	2017 £
Meánphointe ar an mbanda don Stiúrthóir a fhaigheann an pá is mó	97,500	86,245	97,500	85,428
Airmheán an luacha saothair a fhaigheann baill foirne	41,493	36,703	40,643	35,611
Cóimheas	2.35		2.40	
Raon luach saothair na foirne	€0 to €99,630	£0 to £88,129	€3,667 to €97,957	£3,213 to £85,828

Fuair an stiúrthóir leis an bpá ba mhó in 2018 luach saothair €99,630 (2017: €97,957) (téann athruithe san airgeadra i bhfeidhm ar an malairt ó steirling go euro). B'ionann sin agus 2.35 oiread airmheán an tuarastail €41,493 (2017: €40,643) a íocadh leis na baill foirne in 2018. Is ó €0 atá raon luach saothair na foirne in 2018 mar ní fhaigheann beirt bhall foirne íocaíocht toisc go bhfuil siad ar shaoire bhreoiteachta fadtéarmach agus ar shos gairme. Ní bhfuair fostaí ar bith luach saothair ní ba mhó ná an stiúrthóir ba mhó pá in 2018 ná in 2017. Áirítear leis an luach saothair iomlán an tuarastal agus pá neamh-chomhdhlúite i ndáil le feidhmíocht. Ní áirítear leis íocaíochtaí pinsean an fhostóra ná luach aistrithe na coibhéise airgid do phinsin.

Tuarastal

Áirítear leis an 'tuarastal' an tuarastal comhlán agus aon liúntais eile chomh fada agus a cheadaítear faoi dhlí cánach na Ríochta Aontaithe/na hÉireann iad.

Sochair Chomhchineáil

Cuimsíonn luach airgeadúil na sochar comhchineáil sochair ar bith a chuireann an fostóir ar fáil a mbreathnaíonn HM Revenue and Customs/Cáin agus Custaim na hÉireann air mar luach saothair inchánach. Níor cuireadh aon sochair chomhchineáil ar fáil don fhoireann sa bhliain.

Bónais

Ní dhéanann an Comhlacht íocaíochtaí bónais leis an bhfoireann ardbhainistíochta ná leis an bhfoireann. Níor íocadh íocaíochtaí bónais le linn na bliana.

Sochair Pinsin

Ainm	Pinsean fabhraithe ag aois an phinsin an 31/12/18 agus an chnapshuim lena mbaineann	Fíormhéadú sa phinsean agus an chnapshuim bhainteach ag aois an phinsin	CETV ag 31/12/18	CETV ag 31/12/17	Méadú saothraithe in CETV
An Príomhfheidh-meannach	Pinsean: €46,000 Cnapshuim: €139,000	Pinsean: €1,000 Cnapshuim: €4,000	€1,073,000	€984,000	€89,000
Bainisteoir Réigiúnach 1	Pinsean: €46,000 Cnapshuim: €139,000	Pinsean: €4,000 Cnapshuim: €13,000	€1,096,000	€948,000	€148,000
Bainisteoir Réigiúnach 2	Pinsean: €46,000 Cnapshuim: €139,000	Pinsean: €4,000, Cnapshuim: €13,000	€1,097,000	€970,000	€127,000
Bainisteoir Réigiúnach 3	Pinsean: €32,000 Cnapshuim: €96,000	Pinsean: €4,000 Cnapshuim: €11,000	€591,000	€513,000	€78,000
Stiúrthóir 1	Pinsean: €5,000 Cnapshuim: €0	Pinsean: €2,000 Cnapshuim: €0	€56,000	€35,000	€21,000
*Stiúrthóir 2	Pinsean: €2,000 Cnapshuim: €0	Pinsean: €2,000 Cnapshuim: €0	€21,000	€4,000	€17,000
*Thosaigh sí ar an scéim Meán Fómhair 2017					
Nóta: Stiúrthóir rar scor an 31 Bealtaine 2017 Stiúrthóir 4 bás le linn seirbhíse an 23 Iúil 2017. Coimeádtar siar nochtadh.					

Socruithe Pinsean – Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Cuimsítear líon codanna sa scéim pinsean ina bhfuil struchtúir éagsúla sochair. Is iad na codanna sin:

An Phríomhchuid Tuarastail Deiridh – socrú pinsean tuarastail deiridh is ea é seo ina bhfuil sochair atá bunaithe ar chuid Chlasaiceach Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuime (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí faoin scéim. Is é breithlá 60 bliain d'aois baill an Ghnáthaois Scoir. Déantar pinsin mar íocaíocht (agus iarchur) a mhéadú ar aon dul leis an ngnáthbhoilsciú praghsanna.

An Phríomhchuid Alpha – socrú pinsean um athluacháil meántuilleamh gairme nó scéim CARE is ea é seo ina bhfuil sochair atá bunaithe ar chuid Alpha de Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean atá bunaithe ar chéatadán (2.32%) pá inphinsin in aghaidh gach bliana de bhallraíocht ghníomhach (méadaítear/laghdaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim ar aon dul leis an ngnáthbhoilsciú praghsanna) agus pinsin céilí agus leanaí faoin scéim. Is í an Ghnáthaois Scoir Aois Pinsean Stáit baill sa dlínse ábhartha, arb é sin 67, 68 nó idir 67 agus 68 bliain d'aois faoi láthair sa Ríocht Aontaithe agus 68 bliain d'aois in Éirinn. Déantar pinsin mar íocaíocht (agus iarchur) a mhéadú ar aon dul leis an ngnáthbhoilsciú praghsanna.

Na Codanna um Chearta ar Chosaint – is iad sin roinnt codanna den scéim atá bunaithe ar scéimeanna pinsean sheirbhís phoiblí na hÉireann dá raibh fostaithe na gComhlachtaí Thuaidh/Theas ina mball ag an bpointe ar ainmníodh iad agus ar aistríodh iad nuair a bunaíodh na Comhlachtaí. Is socruithe pinsean tuarastail deiridh le sochair iad na scéimeanna sin atá mar an gcéanna le scéim ábhartha earnáil phoiblí na hÉireann e.g. an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe. Faoi na scéimeanna sin soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse do bhaill neamh-chomhtháite ach á chéadú in aghaidh na bliana seirbhíse ar thuarastal suas le 3.333 uair níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach agus ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse ar thuarastal os cionn 3.333 uair níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach do bhaill chomhtháite), aisce nó cnapshuime (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) chomh maith le pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 60 bliain d'aois baill an Ghnáthaois Scoir (nó breithlá 65 bliain d'aois sa Scéim Pinsean Neamh-Ranníocach d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe). Déantar pinsin mar íocaíocht (agus iarchur) a mhéadú ar aon dul le gnáthbhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí. Is ionann an Scéim um Chosaint ar Chearta le haghaidh Uiscebhealaí Éireann is infheidhme sa Deisceart agus an Scéim Pinsean Neamh-Ranníocach d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe agus an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe. Is ionann an scéim ábhartha i dTuaisceart Éireann agus Príomhscéim Pinsean na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann. Tá sochair ag formhór bhaill na Príomhchoda sna codanna Tuarastail Deiridh agus Alpha agus beidh baill nua a rachaidh isteach sa Scéim i ndiaidh an 1 Aibreán 2015, i bhformhór na gcásanna, ina mbaill den Phríomhchuid Alpha.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe (Deloitte) an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS 102 an 31 Nollaig 2018. Rinneadh na torthaí a ullmhú i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime agus dálaí an mhargaidh agus sonraí na scéime amhail an 31 Nollaig 2018 á gcuimsiú.

Luachanna Aistrithe mar Choibhéis Airgid

Is éard atá i gceist le Luach Aistrithe mar Choibhéis Airgid (CETV) luach caipitlithe shochair na scéime pinsean atá fabhraithe ag ball ag am ar leith mar a mheasann achtúire é. Is iad na sochair ar a ndéantar luacháil sochair fhabhraithe an bhaill mar aon le pinsean teagmhasach ar bith a bheadh iníoctha do chéile ón scéim. Is íocaíocht é CETV a dhéanann scéim nó socrú pinsean a dhéantar chun sochair phinsean a fháil i scéim nó socrú pinsean eile a dhéantar nuair a fhágann ball scéim agus nuair a roghnaíonn sé na sochair a d'fhabhraigh sé sa scéim ina raibh sé a aistriú. Baineann na figiúir phinsean a léirítear leis na sochair a d'fhabhraigh duine as ballraíocht sa scéim pinsean ar an iomlán, seachas an tseirbhís a thug siad ar an leibhéal sinsearach amháin, lena mbaineann nochtadh.

Áirítear leis na figiúirí CETV luach aon sochair pinsean a bhaineann le scéim nó socrú eile ar aistrigh an duine chuig socruithe pinsean an Chomhlachta iad. Áirítear leo freisin sochair bhreise phinsean a d'fhabhraigh ball as blianta seirbhíse pinsean a cheannach sa scéim ar a gcostas féin. Ríomhtar CETV i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Scéimeanna Pinsean Gairme (Luachanna Aistrithe) (Leasú), 2008, agus ní chuirtear san áireamh aon laghdú iarbhír ná aon laghdú a d'fhéadfadh a bheith ar shochair mar thoradh ar an gCáin Liúntais Saolré a d'fhéadfadh a bheith dlite nuair a ghlactar le sochair phinsean.

Méadú saothraithe in CETV

Léiríonn sé seo an méadú ar CETV a mhaoiníonn an fostóir. Ní áirítear leis an méadú ar an bpinsean fabhraithe mar gheall ar bhoilsciú, ranníocaíochtaí a rinne an fostaí (lena n-áirítear luach sochar a aistrítear ó scéim nó socrú pinsean eile) agus úsáidtear gnáth-thosca luachála an mhargaidh le haghaidh thús agus dheireadh na tréimhse.

Cúiteamh as post a chailleadh

Le linn na bliana airgeadais reatha agus le linn na bliana airgeadais roimhe seo, ní raibh aon iomarcaíocht dheonach ná iomarcaíocht éigeantach sa Chomhlacht. Mar sin, níor thabhaigh an Comhlacht aon chostais agus ní dhearnadh aon íocaíochtaí cúitimh.

Bandaí tuarastail do na fostaithe uile

Líon na bhfostaithe a raibh an luach saothair a thuill siad sa 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2018 sna bandaí seo a leanas:

Bandaí Tuarastail €	2017 (líon na bhfostaithe)	2017 (líon na bhfostaithe)
Níos lú ná 40,000	189	209
40,000-49,999	113	89
50,000-59,999	28	39
60,000-69,999	22	22
70,000-79,999	7	4
80,000-89,999	2	1
90,000-99,999	3	3
100,000-109,999	0	0

Deimhniú na nArd-reachtairí Cuntas agus Ciste do Thionól Thuaisceart Éireann agus do Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na Cuntais

Deimhnímid go bhfuil iniúchadh déanta againn ar chuntais Uiscebhealaí Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 a cheanglaíonn orainn iniúchadh agus deimhniú a dhéanamh ar na cuntais a chuireann an Comhlacht chugainn, agus sin uile a dhéanamh i gcomhoibriú. Is éard atá sna cuntais:

- an Ráiteas Ioncaim;
- na Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach;
- an Ráiteas ar Staid an Airgeadais;
- an Ráiteas ar Shreafaí Airgid; agus
- an Ráiteas ar Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na cuntais seo faoi na beartais chuntasaíochta a leagadh amach laistigh díobh.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na cuntais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí Uiscebhealaí Éireann amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar ioncam agus caiteachas an Chomhlachta don bhliain a chríochnaigh an tráth céanna; agus
- gur ullmhaíodh na cuntais i gceart de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) agus an treoir chuntais san aguisín atá ag gabháil leis na cuntais.

Tuairim ar rialtacht

Is é ár dtuairim gur caitheadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais i ngach ponc ábhartha, mar ab áil le Tithe an Oireachtais agus le Tionól Thuaisceart Éireann, agus go gcloíonn na hidirbhearta airgeadais arna dtaifeadadh sna cuntais leis na húdaráis atá á rialú.

Basis of opinions

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna). Tugtar cur síos breise ar na freagrachtaí a bhí orainn sa rannóg dar teideal freagrachtaí an iniúchóra don iniúchadh ar na cuntais atá mar chuid den deimhniú seo. Táimid neamhspleách ar Uiscebhealaí Éireann de réir riachtanais eitice Chaighdeán Eitice Leasaithe 2016 na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais agus an Chóid Eitice arna eisiúint ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta agus tá ár bhfreagrachtaí eitice eile comhlíonta againn de réir na riachtanas sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte mar bhunús dár dtuairimí.

Faisnéis eile seachas na cuntais

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an gComhlacht chomh maith leis na cuntais. Is éard atá i gceist leis sin an tuarascáil bhliantúil, an réamhrá leis na cuntais, an ráiteas ar rialú inmheánach/an ráiteas ar rialachas agus an tuarascáil luach saothair. Ní áirítear an fhaisnéis eile lenár dtuairim ar na cuntais agus ní thugaimid tátal dearbhaithe de chineál ar bith ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na cuntais airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, fad a dhéanaimid é sin, machnamh a dhéanamh ar cibé a bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábhartha leis na cuntais nó leis an eolas a fuaireamar i rith an iniúchta nó a ndealraítear go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise a fuaireamar le linn an iniúchta nó ar shlí eile. Sa chás go gceapaimid, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fhíric sin a thuairisciú.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis sin.

Nithe a dtuairiscímid orthu trí eisceacht

Níl aon tuairisc le déanamh againn i ndáil leis na hábhair seo a leanas a dtuairiscímid más rud é, inár dtuairim:

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe faighte againn a theastaigh dár n-iniúchadh; nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach le go bhféadfaí na cuntais a iniúchadh go réidh agus i gceart; nó
- nach bhfuil na cuntais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta; nó
- nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach/an ráiteas ar rialachas gur cloíodh le treoir infheidhme ar rialachas corparáideach.

Freagrachtaí an Chomhlachta agus an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh i ndáil leis na cuntais

Mar a mhínítear níos mine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as ullmhúchán na gcuntas ar bhun na treorach ar na cuntais atá mar chuid den aguisín leis na cuntais agus as a bheith sásta go dtugann siad léiriú fíor agus cothrom. Tá an Príomhfheidhmeannach Gníomhach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as dleachtanas agus rialtacht a chinntiú i leith úsáid cistí poiblí.

Freagrachtaí na nIniúchóirí

Is é ár bhfreagracht iniúchadh agus deimhniú a dhéanamh ar na cuntais de réir fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999 agus an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus tuairisciú orthu chuig Thionól Thuaisceart Éireann agus chuig Tithe an Oireachtais.

Is é ár gcuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh againn dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé a bhfuil na cuntais saor ó mhíráiteas ábhartha tríd is tríd, cibé ar calaois nó earráid is cúis leis. Is dearbhú ardleibhéil é dearbhú réasúnta ach ní ráthaíocht é go dtiocfaidh iniúchadh a rinneadh de réir ISAnna ar mhíráiteas ábhartha i gcónaí, más ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad sa chás go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go n-imreoidís, ina n-aonar nó mar chomhiomlán, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí ar bhonn na gcuntas seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na ISAnna, tugaimid breithiúnas gairmiúil agus bíonn sceipteachas gairmiúil orainn agus an t-iniúchadh ar bun. Fad a dhéanaimid sin:

- Déanaimid na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha ar an gcuntas, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú; déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt dár dtuairim. Is airde an riosca nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.

- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh.
- Déanaimid meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne siad.
- Tugaimid breith ar a oiriúnaí a bhí sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu a bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar an gcumas atá ag an gComhlacht leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an tátal go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a dhíriú inár dtuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna cuntais nó, murar leor an nochtadh sin, ár dtuairim a mhodhnú. Bunaítear ár dtátail ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas go dtí dáta ár dtuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh an Comhlacht d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na gcuntas, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear sna cuntais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha ar bhealach a bhaineann amach cur i láthair cothrom.

Téimid i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithnímid le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, ceanglaítear orainn fianaise leordhóthanach a fháil a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta ann gur caitheadh an caiteachas agus an t-ioncam mar ab áil le Tithe an Oireachtais agus le Tionól Thuaisceart Éireann, agus go gcloíonn na hidirbhearta airgeadais arna dtaifeadadh sna cuntais leis na húdaráis atá á rialú.

Kieran Donnelly
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuaisceart Éireann
Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
106 Sráid na hOllscoile
Béal Feirste
BT7 1EU

5 Iúil 2019

Seamus McCarthy
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann
3A Sráid an Mhéara
Duga Spencer
Baile Átha Cliath
Éire
D01 PF72

10 Iúil 2019

45

Ráiteas Ioncaim

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
IONCAM					
Maoiniú Ioncaim ó Ranna	2	27,339	24,182	25,650	22,474
Fuascailt ón gCúlchiste Deontas Caipitil/Cúlchiste Tabhartas/Cúlchiste Deontas		11,271	9,970	9,134	8,003
Ioncam Oibriúcháin Eile	3	6,246	5,525	6,414	5,620
IONCAM IOMLÁN		44,856	39,677	41,198	36,097
CAITEACHAS					
Costais Foirne	4	22,440	19,850	21,434	18,780
Costais Chláir	5	7,405	6,550	4,952	4,339
Costais Oibriúcháin Eile	6	5,427	4,799	6,190	5,424
(Gnóthachain)/caillteanais airgeadra agus ús iníoctha		25	22	54	47
Dímheas	7.1,7.2	11,271	9,970	9,016	7,900
CAITEACHAS IOMLÁN		46,568	41,191	41,646	36,490
Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin don Bhliain		(1,712)	(1,514)	(448)	(393)
Brabús/(Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		16	14	4	4
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(1,696)	(1,500)	(444)	(389)

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		(1,696)	(1,500)	(444)	(389)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsean	17.2	4,691	4,208	10,985	9,747
Glanaistriú (isteach)/amach as an scéim	17.2	(3)	(3)	(9)	(8)
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsean		(4,688)	(4,205)	(10,976)	(9,739)
Barrachas/(easnamh) neamhréadaithe ar athluacháil Talún agus Foirgneamh	7.1, 7.2	(794)	(712)	82,117	72,863
Brabús/(caillteanas) iomlán aitheanta don bhliain		(2,490)	(2,212)	81,673	72,474

John McDonagh

An Príomhfheidhmeannach Gníomhach — John McDonagh
Dáta: 4 Iúil 2019

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 51 go 72.

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

ar an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	7.1	45,090	40,444	57,932	51,404
Sócmhainní Oibriúcháin agus Obair idir Lámha	7.2	740,483	664,170	734,130	651,402
Sócmhainní Reatha					
Infheistíocht Ghearrthéarma	8	3,000	2,691	1,000	887
Airgead sa bhanc agus ar láimh	9	3,278	2,940	5,907	5,241
Stoic	10	771	692	1,011	898
Féichiúnaithe/Réamhíocaíochtaí – suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	11	1,232	1,105	1,377	1,222
		8,281	7,428	9,295	8,248
Dliteanais Reatha					
Creidiúnaithe – suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	12	(3,426)	(3,073)	(2,547)	(2,260)
Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais Reatha)		4,855	4,355	6,748	5,988
Féichiúnaithe/Réamhíocaíochtaí – suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin	11	139	125	73	65
Creidiúnaithe – suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin	12	(100)	(90)	(104)	(92)
Maoiniú Iarchurtha Pinsean	17.4	112,443	100,855	111,703	99,115
Dliteanas Pinsean	17.5	(112,443)	(100,855)	(111,703)	(99,115)
Forálacha	14	(3,797)	(3,406)	(3,287)	(2,917)
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais		786,670	705,598	795,492	705,850
Arna mhaoiniú ag:					
Caipiteal agus Cúlchistí					
Cúlchiste Ioncaim		(1,357)	(1,217)	185	164
Cúlchiste Deontas Caipitil		771,562	692,047	779,766	691,896
Cúlchiste Tabhartas		14,754	13,233	10,209	9,059
Cúlchiste Deontas		1,711	1,535	5,332	4,731
		786,670	705,598	795,492	705,850

John McDonagh

An Príomhfheidhmeannach Gníomhach — John McDonagh
Dáta: 4 Iúil 2019

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 51 go 72.

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	15.1	(8)	(7)	131	114
Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta					
Taisce seasta gearrthéarma	8	(2,000)	(1,804)	2,697	2,286
Fáltas ó dhíolachán – gléasra, talamh, cearta maoine		170	150	151	132
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	7.1,7.2	(5,730)	(5,069)	(7,200)	(6,309)
Glan-eis-sreabhadh airgid roimh mhaoiniú		(7,568)	(6,730)	(4,221)	(3,777)
Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe					
Maoiniú caipitil a fuarthas		3,648	3,227	4,839	4,240
Tabhartas/Deontas a fuarthas		1,291	1,130	1,726	1,512
Difríocht san aistriú airgeadra		-	72	-	208
Méadú/(laghdú) glan ar airgead agus ar choibhéisí airgid	15.2	(2,629)	(2,301)	2,344	2,183
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana		5,907	5,241	3,563	3,058
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana	15.2	3,278	2,940	5,907	5,241

John McDonagh

An Príomhfheidhmeannach Gníomhach — John McDonagh
Dáta: 4 Iúil 2019

Is cuid de na cuntais seo na nótaí ar leathanaigh 51 go 72.

Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach na sócmhainní agus na ndliteanas reatha atá inchurtha i leith an athraithe sna rátaí malartaithe i rith na bliana.

Ráiteas ar athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

Cúlchiste Ioncaim	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir		185	164	600	515
Barrachas/(Easnamh) sa bhliain		(1,696)	(1,500)	(444)	(389)
Móide: Aistriú ón gCúlchiste Deontas Caipitil		154	136	29	25
Difríocht san aistriú airgeadra		-	(17)	-	13
Amhail an 31 Nollaig		(1,357)	(1,217)	185	164

Nótaí: Baineann an tAistriú ón gCúlchiste Deontais Caipitil le diúscairt cearta talún/réadmhaoine dar luach €154,000. De réir nóta 2.1, meastar gur costais chaipitil iad costais chlár ioncaim ar leith chun críocha maoiniú. Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach an Chúlchiste Ioncaim atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

Cúlchiste Deontas Caipitil	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir		779,766	691,896	701,546	602,133
Deontais Chaipitil a Fuarthas	2	3,648	3,227	4,839	4,240
Athluacháil	7.1, 7.2	(794)	(711)	82,117	72,864
Lúide: Aistriú go dtí Cúlchiste Ioncaim		(154)	(136)	(29)	(25)
Lúide: Amúchadh ar Dheontais Chaipitil		(10,904)	(9,645)	(8,707)	(7,629)
Difríocht san aistriú airgeadra	7.1, 7.2	-	7,416	-	20,313
Amhail an 31 Nollaig		771,562	692,047	779,766	691,896

Nótaí: Baineann an tAistriú ón gCúlchiste Ioncaim le diúscairt cearta talún/réadmhaoine dar luach €154,000. Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach an Chúlchiste Deontas Caipitil atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

Cúlchiste Tabhartas	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir		10,209	9,059	10,432	8,954
Deontais a Fuarthas		14	12	-	-
Lúide: Amúchadh ar Thabhartais		(263)	(233)	(223)	(195)
Móide: Athaicmiú ón gCúlchiste Deontais		4,794	4,241	-	-
Difríocht san aistriú airgeadra	7.1, 7.2	-	154	-	300
Amhail an 31 Nollaig		14,754	13,233	10,209	9,059

Nótaí: Tabhartais Sócmhainní ó thríú páirtithe i dteannta maoiniú chun oibreacha ar na huiscebhealaí a chríochnú. Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach an Chúlchiste Tabhartas atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

Cúlchiste Deontas	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir		5,332	4,731	3,810	3,270
Deontais a Fuarthas		1,277	1,130	1,726	1,512
Lúide: Amúchadh ar Dheontais		(104)	(92)	(204)	(179)
Lúide: Athaicmiú go Cúlchiste Tabhartas		(4,794)	(4,241)	-	-
Difríocht san aistriú airgeadra	7.1, 7.2	-	(131)	-	23
Difríocht san aistriú airgeadra		-	138	-	105
Amhail an 31 Nollaig		1,711	1,535	5,332	4,731

Nótaí: Deontais ó thríú páirtithe chun oibreacha ar na hUiscebhealaí a chur i gcrích. Rinneadh athanailísiú ar €4,794,000 mar thabhartais mar ní theastaíonn aon aisíocaíocht. Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach an Chúlchiste Deontas atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

John McDonagh.

An Príomhfheidhmeannach Gníomhach — John McDonagh
Dáta: 4 Iúil 2019

Nótaí leis na Cuntais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

1. Beartais Chuntasaíochta

1.1 Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Réitíodh na cuntais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil sócmhainní seasta a chur san áireamh.

Cloíonn na cuntais leis na riachtanais chuntasaíochta agus nochta a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais in 2018.

1.2 Ráiteas ar FRS 102 a Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Uiscebhealaí Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir na Treorach um Thuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla do Chomhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas (Iúil 2017) a rinne an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhar le hOifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in Éirinn.

1.3 Ioncam

Áirítear le hioncam na deontais airgid a fuarthas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón Roinn Bonneagair a mhaoinigh gníomhaíochtaí sa tréimhse reatha.

Bíonn Ioncam Oibriúcháin eile ar bhonn fabhraithe go príomha, mar sin féin, áirítear leis an ioncam oibriúcháin ioncam a thagann ó na huiscebhealaí a úsáid amhail ceadúnais, múráil don gheimhreadh, dolaí ar loic agus táillí do dhugaí tirime agus aithnítear ar bhonn fáltas iad.

1.4 Caiteachas

Baineann caiteachas le gníomhaíochtaí oibriúcháin Uiscebhealaí Éireann agus mínítear ar bhonn fabhraithe é.

1.5 Féichiúnaithe

Luaitear féichiúnaithe i ndiaidh foráil a dhéanamh do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha.

1.6 Ioncam Iarchurtha

Baineann ioncam iarchurtha le comhaontú le hUiscebhealaí Éireann a fhaigheann €135,000 as rochtain eisiach ar dhucht a bhfuil cuid de ar thalamh Uiscebhealaí Éireann. Tá an ducht seo atá ar mhaoin Uiscebhealaí Éireann 25,600 méadar ar fad. Baintear úsáid as an ducht chun cáblaí teileachumarsáide a choinneáil agus sin amháin, agus ní féidir cáblaí ar bith eile ó pháirtithe ar bith eile a úsáid sa ducht seo. Is do dhá théarma 35 bliain atá an léas agus níl aon chlásal scoir ann. Tá an €135,000 á eisiúint don Ráiteas Ioncaim thar 35 bliain, ag tosú in 2011. Tá 27 bliain fágtha. Scaoileadh €3,857 chuig ioncam in 2018.

1.7 Luacháil Sócmhainní Seasta

Catagóir Shócmhainní	Fochatagóir	Bonn na Luachála
Sócmhainní Barrachais		Seasann sócmhainní barrachais do na sócmhainní sin a mheasann an Comhlacht nach bhfuil straitéiseach agus atá ar fáil le díol. Tá luachálacha bunaithe ar luach margaidh inghnóthaithe ó thuarascálacha margaí inmheánacha agus seachtracha. Is iad seo a leanas na príomh-chomhpháirteanna. •Teach Tábhairne Haiste €45,000; €45,000, luacháil inmheánach a rinneadh in 2010 bunaithe ar fháltais chomhaontaithe ón díolachán. •Teach Loca Bhaile Átha Í €100,000; rinne Carey Robinson, BLE (Onór.) 2017, Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte luacháil inmheánach air in 2018. •Teach na Canála, Canáil na Páirce €20,000; Rinne Kieran Taggart, Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte luacháil inmheánach air in 2017. •Teach loic Hamilton €60,000; luacháil inmheánach a rinneadh in 2017 bunaithe ar fháltais chomhaontaithe ón díolachán. •Teach Loc na Farraige €280,000; rinne GVA Dónal Ó Buachalla, Baile Átha Cliath, luacháil sheachtrach air ag Luach Margaidh i bhFeabhra 2019. Is é “cur chuige an mhargaidh” an teicníc luachála a úsáideadh anseo, baintear leas as praghsanna agus faisnéis ábhartha eile a ghineann idirbhearta margaidh do na sócmhainní céanna nó do shócmhainní inchomparáide (cosúla). •Tighín an Mhuilinn €110,000; rinne Kieran Taggart, Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte, luacháil inmheánach air go hinmheánach in 2017. •Báirse €7,000; rinneadh luacháil inmheánach air bunaithe ar thairiscintí a fuarthas in 2013. •Diúscairtí réadmhaoine atá ar bun €1,810,000 a ndearnadh luacháil inmheánach orthu in 2018. •Portach ag Pollach €12,000; rinneadh luacháil air in 2017
Talamh agus Foirgnimh		Talamh €19,500,000; rinne GVA Dónal Ó Buachalla, Baile Átha Cliath, luacháil sheachtrach ag Luach Margaidh air i bhFeabhra 2019. Is é “cur chuige an mhargaidh” an teicníc luachála a úsáideadh anseo, baintear leas as praghsanna agus faisnéis ábhartha eile a ghineann idirbhearta margaidh do na sócmhainní céanna nó do shócmhainní inchomparáide (cosúla). Luacháiltear foirgnimh bunaithe ar chostas ionadaithe dímheasta. Baineann sé seo le meastachán a dhéanamh ar luach na talún ina húsáid reatha agus meastachán a dhéanamh ar chostas athsholáthair an fhoirgnimh le hasbhaintí cuí chun aois agus riocht reatha an fhoirgnimh a léiriú.
Gléasra, Feithiclí agus Innealra		Costas a tabhaíodh (Costas stairiúil dímheasta). Cuireadh athluacháil pumpaí ag €63,000, luacháil inmheánach, leis in 2018.
Ríomhairí, Troscán agus Feistis		Costas a tabhaíodh (Costas stairiúil dímheasta) mar thoradh ar an luacháil inmheánach.
Obair idir Lámha		Costas a tabhaíodh (Costas stairiúil dímheasta) mar thoradh ar an luacháil inmheánach.

Sócmhainní Oibriúcháin Luacháil a rinne Innealtóirí Cairte go hinmheánach	Struchtúr Canála Calafoirt Lamairní Céanna Dugaí Tirime Lamairní ar Snámh Rianlíne	Rinneadh sócmhainní a fuarthas roimh 2003 a luacháil go hinmheánach in 2003 ag baint úsáid as costas athsholáthair. Déantar sócmhainní a fuarthas ó bhí 2003 ann a thomhas ar dtús ag an gcostas a thabhaigh an Comhlacht chun an tsócmhainn a fháil. Tá luach na sócmhainní (beag beann ar an mbliain a bhfuarthas iad) innéacsaithe go hinmheánach ar aon dul leis an mboilsciú tógála gach bliain. In 2018, ba é 3.21% an t-innéacs Boilscithe Praghsanna i leith Tógála a cuireadh i bhfeidhm agus bhí glanbharrachas €11,231,000 mar thoradh ar an athluacháil. Tugtar na luachálacha cothrom le dáta go hinmheánach chomh maith chun faisnéis nua ó shuirbhéanna a chuimsiú, lena n-áirítear toisí cruinne. Rinneadh athluacháil ar dhuga tirim le linn 2017. Áirítear le costais chaighdeánacha bunghnéithe de struchtúir, fálú, mullaird, bualchomhlaí, etc. Seachas lamairní ar snámh, is é sin 25 bliain, meastar an tsaolré a bheith 500 bliain bunaithe ar dheisiúcháin agus ar chothabháil rialta agus aird ar a n-aois reatha. Déantar cosáin tarraingthe, carrchlóis, soilsiú, limistéir phábháilte agus struchtúir bheaga a chaipitliú sna cuntais nuair a léiríonn siad feabhsú ar shócmhainní a áirítear sa luacháil canála. Áirítear sna hollchostais tionscadail iad agus déantar iad a dhímheas thar shaolré an tionscadail. Tabharfar faoi athbhreithnithe eile ar bhonn céimneach agus léireofar aon leasuithe sa Chlár Sócmhainní. Meastar nach bhfuil aon luach ar struchtúir ar uiscebhealaí neamhoibríochtúla mar gheall nach bhfuil tairbhe gheilleagrach leo; ní chuirtear luach ach ar lorg talún.
	Seomraí Loic agus Geataí Loic	Rinne Capita, Sharon Dickenson, Innealtóir Struchtúr Cairte – BEng (Onór) CEng MIEI MIStructE AMICE, agus Rodney Hughes, Suirbhéir Cairte – BSc (Onór) MRICS, luacháil sheachtrach ar sheomraí loca agus ar gheataí loca in 2017 agus bhí barrachas glan mar thoradh ar an athluacháil. Tugadh sócmhainní geataí loic cothrom le dáta astu féin ó sheomraí loic a léirigh saol ionchais suas le 60 bliain agus is ionann saolré na seomraí loic agus 120 bliain. Bunaítear luachálacha ar chostais athsholáthair dímheasta; is í an tsaolré ionchais 120 bliain.
	Coraí	Rinne Capita, Sharon Dickenson, Innealtóir Struchtúr Cairte – BEng (Onór) CEng MIEI MIStructE AMICE, agus Rodney Hughes, Suirbhéir Cairte – BSc (Onór) MRICS, luacháil sheachtrach ar na coraí ar fad in 2017 agus bhí easnamh glan mar thoradh ar an athluacháil mar gheall go príomha gur athshonraíodh struchtúir chostáilte chaighdeánaithe leis an tsaolré agus leis na toisí cearta. Bunaítear luachálacha ar chostais athsholáthair dímheasta; is í an tsaolré ionchais 120 bliain.
	Droichid Uiscerianta Lintéir Mhóra	In 2017 Bridges Aqueducts and Major Culverts were externally valued by Capita, Sharon Dickenson, Chartered Structural Engineer - BEng (Hons) CEng MIEI MIStructE AMICE, and Rodney Hughes, Chartered Surveyor – BSc (Hons) MRICS resulting in a net surplus on revaluation, valuations are based on depreciated replacement cost, useful life is 120 years. In 2018 Bridge revised condition changes are reflected in a net deficit on revaluation of €6,000.
	Talamh	Déantar luacháil inmheánach ar thalamh trí leas a bhaint as luachanna talamh talmhaíochta. Mar gheall air sin, tháinig méadú ar luachanna talún in 2017. Tháinig méadú €63,000 ar luach inmheánach an talaimh chláraithe ar bhonn talamh talmhaíochta in 2018, rinne Rodney McVitty MRICS athbhreithniú inmheánach ar luachanna talamh fóillíochta agus méadaíodh an luach €946,000 mar thoradh ar an athbhreithniú sin.

	Iostaí agus Tithe Loic	Arna luacháil ag pé acu is airde de Luach Úsáide Reatha nó Luach Margaidh Inghnóthaithe i gcuntais 2011 toisc nach raibh costais athsholáthair ar fáil. Rinne Sarah Carney, BSc (Onór.), Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte agus Carey Robinson, BLE (Onór.), Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte, Uiscebhealaí Éireann na luachálacha inmheánacha in 2011. Rinne Carey Robinson BLE (Onór.), Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte, roinnt sócmhainní a luacháil go hinmheánach in 2014. Rinne Darac O'Neill, BSc (Onór.), MRICS MSCSI as O'Neill & Company Chartered Surveyors and Auctioneers Ltd. sampla de luachálacha sócmhainne a athbhreithniú go seachtrach in 2012. Rinne Carey Robinson BLE (Onór.), Comhalta den Institiúid Ríoga de Shuirbhéirí Cairte, Uiscebhealaí Éireann sampla de thithe loic a athbhreithniú go hinmheánach sa bhliain 2018, agus bhí laghdú €128,000 mar thoradh ar an luacháil sin.
	Bloic Sheirbhíse	Arna luacháil go hinmheánach ag costais athsholáthair i gcuntais 2011.

Dímheas

Tabhaítear dímheas go hiomlán ar shócmhainní sa bhliain a fuarthas iad agus ní ghearrtar aon dímheas i mbliain an diúscartha.

Rátaí dímheasa:

Catagóir Shócmhainní	Blianta
Sócmhainní Seasta Intadhaill	
Sócmhainní Barrachais	Níor Dímheasadh é
Foirgnimh	50
Gléasra, Feithiclí agus Innealra	
Báid	10 - 40
Tochaltóirí	10 - 20
Cúram Féir	20
Gléasra Ginearálta	6 - 20
Feithiclí	6 - 15
Ríomhairí, Troscán agus Feistis	
Troscán	10
Trealamh TF	5
Sócmhainní Oibriúcháin agus Obair idir Lámha	
Talamh	Níor Dímheasadh é
Sócmhainní Oibriúcháin	
Struchtúir Chanála, Loic, Múráil Sheasta	60 - 500
Tithe loic	50
Iostaí, Bloic Seirbhíse	50
Múrálacha ar Snámh	25
Droichid, Uiscerianta, Lintéir, Coraí	125 - 500

1.8 Maoiniú Iarchurtha Pinsean

De réir cleachtas cuntasaíochta do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála i bPoblacht na hÉireann, sonraíonn Uiscebhealaí Éireann sócmhainn a léiríonn acmhainní atá le cur ar fáil ag Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann le haghaidh an dliteanais iarchurtha neamhchistithe do phinsin ar bhonn imeachtaí áirithe san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm i dtaca le maoiniú phinsin na seirbhíse poiblí sa dá dhlínse, lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil ná d'urrús dá bharr sin i dtaca leis na méideanna faoi leith seo leis na comhlachtaí maoinithe, níl aon fhianaise ag Uiscebhealaí Éireann nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach diaidh ar ndiaidh mar is dual dó de réir an chleachtais reatha. Ní thagann an cur chuige seo le cleachtas cuntasaíochta do Chomhlachtaí Neamhroinne na Ríochta Aontaithe, áit nach sonraítear dliteanas maoinithe, de bharr easnamh urrús foirmeálta, go dtí go mbíonn an ceangaltas dlite.

1.9 Costais Phinsean

Bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsean Thuaidh/Theas le héifeacht ón 29 Aibreán 2005. Is scéim pinsean sochair shainithe í ina bhfuil struchtúir éagsúla sochair a mhaoinítear gach bliain ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' ó airgead a sholáthraíonn Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Tá an scéim riartha ag riarthóir seachtrach. Cuireann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú ar fáil ó Státchiste na hÉireann. Cuireann an Roinn Bonneagair suim na sochar ó Thuaisceart Éireann a íoctar i rith na bliana ar fáil.

Léiríonn costais phinsean na sochair phinsean a ghnóthaigh fostaithe le linn na tréimhse. Sonraítear suim ar ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé, sa todhchaí mar ioncam deontais nó mar mhaoiniú eile don riarthóir, inghnóthaithe agus seach-churtha ag íocaíochtaí pinsean a rinneadh sa bhliain.

Léirítear na gnóthachain agus na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ó Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Léiríonn na dliteanais phinsean luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsean todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i gceist le maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach ar acmhainní é a ghnóthófar amach anseo ó Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, sa tslí a léirítear thuas.

Sonraíonn an Ráiteas ar Staid an Airgeadais an dliteanas carnach do phinsin a thuill fostaithe amhail an 31 Nollaig 2018 chomh maith le sócmhainn chomhfhreagrach.

1.10 Sócmhainní Léasaithe

Muirearaítear cíosanna léas oibriúcháin chuig an Ráiteas Ioncaim de réir méid chothroim thar théarma an léasa.

1.11 Cáin Bhreisluacha

Cuirtear cáin bhreisluacha san áireamh mar chaiteachas nó, más cuí, déantar í a chaipitliú ar luach na sócmhainní seasta. Baineann aisíocaíochtaí leis na Coimisinéirí Ioncaim in Éirinn le hearraí agus le seirbhísí áirithe ón gcoigríoch agus ó éadálacha idirphobail. Shocraigh údaráis ioncaim i dTuaisceart Éireann nach bhfuil aon ghníomhaíocht ghnó i dTuaisceart Éireann ná dliteanais as cáin bhreisluacha.

1.12 Stoc

Tá na figiúirí stoic sna cuntais arna luacháil ag an luach is ísle den chostas agus den ghlanluach inréadaithe.

1.13 Forálacha agus Dliteanas Teagmhasach

Déantar foráil sna cuntais a léiríonn meastachán iontaofa i ndáil le socraíochtaí dóchúla do chásanna dlí i leith an Chomhlachta agus deisiúchán ar shócmhainní.

Tagann dliteanas teagmhasach aníos i gcúrsaí éilimh nuair a bhíonn oibleagáid fhéideartha, ach ní oibleagáid dhóchúil, ann maidir le socrú nó nuair nach féidir meastachán iontaofa airgeadaíochta a dhéanamh i leith na hoibleagáide. Bunaithe ar thaithí roimhe seo, socraítear an dliteanas teagmhasach i láthair na huaire ag 60% den mheastachán is fearr i gcomhair gach cáis. Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais ach nochtar iad i nóta leis na cuntais.

1.14 Aistriú Airgeadra

Cuirtear idirbhearta an Chomhlachta i gcrích in euro agus i steirling araon. Is é an Euro airgeadra oibriúcháin an Chomhlachta, agus déantar idirbhearta a thaifid san airgeadra sin ar dtús. Aistrítear idirbhearta in airgeadra eile go Euro ag meánráta malairte na míosa roimhe (úsáidtear é seo mar gharmheastachán). Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadraí eile go Euro de réir na rátaí malairte a bhí i réim an dáta a luaitear sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais (ráta druidte). Tugtar caillteanais agus gnóthachain réadaithe chuig an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Aistrítear na ráitis airgeadais go steirling ag deireadh na bliana. Úsáidtear an meánráta malairte don bhliain d'aistriú an Ráitis Ioncaim, agus aistrítear an Ráiteas ar Staid an Airgeadais de réir an ráta malairte dhruidte. Léirítear coigeartuithe airgeadra a eascraíonn ón aistriú sin ar na ráitis airgeadais i Sócmhainní Seasta (Nóta 7.1, 7.2), Ráiteas ar Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna lena n-áirítear an Cúlchiste Ioncaim, an Cúlchiste Deontas Caipitil, an Cúlchiste Tabhartas, an Cúlchiste Deontas, Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin (Nóta 15.1), Anailís ar Ghluaiseacht i nDliteanas Pinsean (Nóta 17.2), agus an Maoiniú Iarchurtha Pinsin (Nóta 17.4). Úsáidtear rátaí Bank of England.

1.15 An Cúlchiste Deontas Caipitil

Léiríonn an Cúlchiste Deontas Chaipitil luach na ndeontas ó ranna coimircíochta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach maille le luach na sócmhainní bonneagair aistrithe chuig Uiscebhealaí Éireann lena n-áirítear athluacháil ar bith ar tugadh fúthu. Déantar amúchadh ar an gCúlchiste Deontas Caipitil de réir dímheasa agus an Ráiteas Ioncaim creidiúnaithe chun tionchar an amúchta a sheach-chur.

1.16 Cúlchiste Tabhartas/Cúlchiste Deontas

The Donation Reserve and Grant Reserves arise from contributions of funding or assets to Waterways Ireland from third party bodies. Valuations, for non cash donated assets, reflects confirmed project costs incurred by the third party to establish Waterways Ireland assets. The Donation Reserve and Grant Reserve is amortised in line with depreciation with the Statement of Income credited to offset the impact of the amortisation.

2. Maoiniú ó Ranna

2.1 An Bhliain Airgeadais: 1 Eanáir 2018 – 31 Nollaig 2018

	DCHG	DCHG	DfI	DfI	IOMLÁN	IOMLÁN
	€'000	STG£'000	€'000	STG£'000	€'000	STG£'000
Maoiniú caite ar Ioncam	22,996	20,341	4,343	3,841	27,339	24,182
Maoiniú arna Chaipitliú	2,861	2,531	787	696	3,648	3,227
	25,857	22,872	5,130	4,537	30,987	27,409

2.2 An Bhliain Airgeadais: 1 Eanáir 2017 – 31 Nollaig 2017

	DCHG	DCHG	DfI	DfI	TOTAL	TOTAL
	€'000	STG£'000	€'000	STG£'000	€'000	STG£'000
Maoiniú caite ar Ioncam	22,287	19,528	3,363	2,946	25,650	22,474
Maoiniú arna Chaipitliú	3,747	3,283	1,092	957	4,839	4,240
	26,034	22,811	4,455	3,903	30,489	26,714

Léiríonn an tábla seo conas a cuireadh na cistí chun feidhme sna cuntais. Bunaítear é seo ar chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coiteann leo. Íocadh deontais leis an gComhlacht as airgead ar vótáil Tionól Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann dó in 2018 nuair a rinneadh socruithe eile mar gheall nach bhfuil Tionól Thuaisceart Éireann ina shuí. Mhol an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, le faomhadh na nAirí Airgeadais, go roinnfí na deontais ar bhonn 85:15 d'obair reatha idir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (85) agus an Roinn Bonneagair (15). Maoinítear oibreacha caipitiúla 100% sa dlínse ina mbíonn siad ar siúl. Tá difríocht idir an sainmhíniú ar mhaoiniú reatha agus caipitiúil agus an treoir chuntasaíochta a bhfuil glacadh léi.

Tráth ar faomhadh na cuntais seo, níor fhaomh na Ranna Coimircíochta, na Ranna Airgeadais ná an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Plean Gnó 2018 Uiscebhealaí Éireann go foirmiúil. Ní dócha go bhfaighfear faomhadh go dtí go mbeidh Tionól Thuaisceart Éireann ina shuí. Chuir an Roinn Bonneagair socruithe teagmhais i bhfeidhm, a shocraigh an Roinn Airgeadais ionas go bhféadfaí maoiniú a íoc leis an gComhlacht. Baineann siad sin le dréachtcháipéis na Pleanála Gnó a fhaomhadh ina leagtar amach gníomhaíochtaí beartaithe gearrthéarmacha an Chomhlachta, mar aon leis na tairbhí agus costais lena mbaineann.

3. Ioncam Oibriúcháin Eile

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Ceadúnais		158	140	115	101
Ioncam Réadmhaoine		364	322	308	270
Ioncam Oibriúcháin		249	220	181	159
Ús Infhaighte		2	2	14	12
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	17.3	5,428	4,801	5,645	4,946
Ioncam Eile		45	40	151	132
Iomlán		6,246	5,525	6,414	5,620

4. Costais Foirne

		2018	2017
4.1 Ba é seo a leanas an meánlíon seachtainiúil fostaithe buana (coibhéis lánaimseartha):		276	277
Catagóir Fostaíochta:	Riarachán	105	101
	Oibríochtaí	171	176

Ina theannta sin, fostaíodh 38 ball foirne sealadach le tacú le loingseoireachtaí, beirt bhall foirne gníomhaireachta agus triúr mac léinn d'fhonn oibriú in ionad baill foirne a bhí ar shaoire mháithreachais agus baill foirne eile a bhí as láthair.

4.2 Ba iad seo a leanas na costais a tabhaíodh i leith na bhfostaithe sin:

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Costais Foirne		13,059	11,552	12,874	11,280
Costais Ghníomhaireachta		154	137	208	182
Ranníocaíocht NIC/ÁSPC an Fhostóra		1,228	1,086	1,199	1,050
Costais phinsean eile:- Costais Seirbhíse agus Úis Reatha	17.3	8,228	7,278	7,853	6,881
		22,669	20,053	22,134	19,393
Lúide Costais Foirne agus Costais Ghníomhaireachta arna gCaipitliú		(229)	(203)	(700)	(613)
Iomlán		22,440	19,850	21,434	18,780

Nochtann Uiscebhealaí Éireann nach ndearnadh aon ranníocaíochtaí pinsean fostóirí le linn na bliana airgeadais.

Nochtar luach saothair agus sainleasanna pinsean na hArdbhainistíochta mar aon leis na bandaí tuarastail d'fhostaithe a thuilleann níos mó ná €40,000 sa tuarascáil luach saothair atá mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil 2018.

5. Costais Chláir

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Seirbhísí ar Conradh lena n-áirítear costais tógála		4,943	4,372	3,248	2,846
Breosla Feithiclí		545	482	489	428
Gléasra ar Cíos		438	387	211	185
Páirteanna agus Trealamh Meicniúil		775	686	1,003	879
Breosla agus Solas		86	76	83	73
Taisteal		207	183	194	170
Cúiteamh/Forálacha	14	-	-	(475)	(416)
Nithe ilghnéitheacha		411	364	199	174
Total		7,405	6,550	4,952	4,339
Anailís ar Chostais Chláir de réir Uiscebhealaigh					
Uiscebhealach na Sionainne		1,211	1,071	965	846
An Chanáil Ríoga		1,347	1,192	1,249	1,094
An Chanáil Mhór		1,957	1,731	1,790	1,568
Uiscebhealach na Bearú		646	571	483	423
Córas na hÉirne agus Íochtar na Banna		972	860	418	366
Foráil eisithe do Chora Carnroe		-	-	(475)	(416)
Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne		458	405	470	412
Canáil Uladh		814	720	52	46
Iomlán		7,405	6,550	4,952	4,339

Rinneadh Caiteachas Ilghnéitheach faoi 'Anailís ar Chostais Chláir de réir Uiscebhealaigh' a roinnt go cothrom idir an Chanáil Ríoga, an Chanáil Mhór agus Uiscebhealach na Bearú.

6. Costais Oibriúcháin Eile

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Taisteal - Éire		478	423	475	416
Costais Earcaíochta		42	37	42	37
Oiliúint agus Comhdhálacha		187	165	180	158
Seirbhísí ar Conradh		781	691	601	527
Cúiteamh/Forálacha	14	899	795	1,810	1,586
Costais Reatha Áitreabh, Fóntais san áireamh		680	601	706	618
Sláinte agus Sábháilteacht		22	19	28	25
Cumarsáid		143	126	135	118
Léas Oibriúcháin eile ar cíos		13	11	13	11
Clódóireacht agus Páipéarachas		98	87	114	100
Costais Reatha Ríomhairí		831	735	856	750
Cíos		271	240	271	237
Táille Iniúchóireachta - Féach Nóta		41	36	40	35
Margaíocht agus Cur chun Cinn		670	593	585	513
Árachas agus Táillí Dlí		116	103	156	137
Costais Riarthóir Pinsean		96	85	79	69
Caiteachas Ginearálta		59	52	99	87
Iomlán		5,427	4,799	6,190	5,424

Nóta: Is ionann an táille iniúchóireachta bhliantúil agus €42,000 (£37,000). Laghdaíonn athruithe €1,000 sa ráta malartaithe agus tabhaithe sa bhliain an táille chuig €41,000, agus nuair a thiontaítear é ag an meánráta malartaithe is ionann é agus £36,000.

Nochtadh Breise:

Taisteal agus Cothú	**€'000**
- Ar Oileán na hÉireann	680
- Lasmuigh d'Oileán na hÉireann	5
Fáilteachas agus Folláine Foirne	**€'000**
- Costais don Fholláine Foirne	21
Costais Sainchomhairleoireachta	**€'000**
- Sainchomhairleoireacht don Iniúchadh Inmheánach	13
- Sainchomhairleoireacht Airgeadais	8
- Sainchomhairleoireacht Sláinte agus Sábháilteachta	3
- Sainchomhairleoireacht Acmhainní Daonna	34
- Sainchomhairleoireacht Margaíochta	115
- Sainchomhairleoireacht/Tacaíocht Soláthair	29
- Comhairliúchán Cánach agus Airgeadais	21
- Sainchomhairleoireacht Comhshaoil	98
- Sainchomhairleoireacht Réadmhaoine	248
Costais Dlí	**€'000**
- Táillí Dlí - Idirbheart réadmhaoine	19
- Táillí Dlí lena mbaineann - Cásanna cúitimh	89
- Íocaíochtaí cúitimh	300

7.1 Sócmhainní Seasta – Sócmhainní Inláimhsithe

	Sócmhainní Barrachais	Talamh agus Foirgnimh	Gléasra, Feithiclí agus Innealra	Ríomhairí, Troscán agus Feistis	Iomlán
Costas nó Luacháil	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**	**€'000**
Amhail an 1 Eanáir 2018	35,062	19,424	23,792	7,875	86,153
Breiseanna	-	-	1,859	169	2,028
Athluacháil	(309)	(12,654)	211	-	(12,752)
Athaicmiú	(32,154)	32,154	-	-	-
Diúscairtí	(154)	-	(155)	(677)	(986)
Amhail an 31 Nollaig 2018	2,445	38,924	25,707	7,367	74,443
Dímheas					
Amhail an 1 Eanáir 2018	-	3,855	17,250	7,116	28,221
Soláthar don bhliain	-	380	1,124	312	1,816
Athluacháil	-	-	148	-	148
Diúscairtí	-	-	(155)	(677)	(832)
Amhail an 31 Nollaig 2018	-	4,235	18,367	6,751	29,353
Glanluach Leabhar €'000					
Amhail an 31 Nollaig 2018	2,445	34,689	7,340	616	45,090
Amhail an 31 Nollaig 2017	35,062	15,569	6,542	759	57,932
Glanluach Leabhar STG£'000					
Amhail an 31 Nollaig 2018	2,193	31,114	6,584	553	40,444
Coigeartú in Aistriú Airgeadra	(337)	(145)	60	(6)	(426)
Amhail an 31 Nollaig 2017	31,111	13,815	5,805	673	51,404

Nóta: Rinneadh roinnt sócmhainní a athluacháil i rith na bliana – féach an tábla thíos. Rinneadh Sócmhainní Barrachais a athshonrú le Bloc Cathrach 19 agus iad athrangaithe mar Thalamh agus Foirgneamh agus cuireadh luach níos lú de €19,500,000 orthu. Is ionann na glanghluaiseachtaí ar na hAthruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna agus laghdú €12,900,000 ar ghlanluach de réir na leabhar. Áirítear le Ríomhairí, Troscán agus Feistis sócmhainní doláimhsithe ar nós bogearraí dar luach €198,000. Meastar go bhfuil sé seo neamhábhartha agus nach bhfuil nóta nochta ar leith ag teastáil sna nótaí ina leith. Is ionann coigeartú ar aistriú airgeadra agus an difríocht idir an glanluach de réir na leabhar i leith sócmhainní seasta a ríomhadh trí leas a bhaint as rátaí malairte amhail deireadh na bliana agus an glanluach de réir na leabhar arna lua ag rátaí stairiúla malairte.

7.2 Sócmhainní Seasta – Sócmhainní Oibriúcháin agus Obair idir Lámha

	Obair idir Lámha	Sócmhainní Oibriúcháin	Iomlán
Costas nó Luacháil	**€'000**	**€'000**	**€'000**
Amhail an 1 Eanáir 2018	8,001	1,397,240	1,405,241
Breiseanna	2,848	1,904	4,752
Arna Chaitheamh ó Obair idir Lámha	(1,050)	-	(1,050)
Arna Chaipitliú ó Obair idir Lámha	(2,112)	2,112	-
Athluacháil	-	18,141	18,141
Amhail an 31 Nollaig 2018	7,687	1,419,397	1,427,084
Dímheas			
Amhail an 1 Eanáir 2018	-	671,111	671,111
Athluacháil	-	6,035	6,035
Soláthar don bhliain	-	9,455	9,455
Amhail an 31 Nollaig 2018	-	686,601	686,601
Glanluach Leabhar €'000			
Amhail an 31 Nollaig 2018	7,687	732,796	740,483
Amhail an 31 Nollaig 2017	8,001	726,129	734,130
Glanluach Leabhar STG£'000			
Amhail an 31 Nollaig 2018	6,895	657,275	664,170
Coigeartú in Aistriú Airgeadra	(113)	(6,899)	(7,012)
Amhail an 31 Nollaig 2017	7,099	644,303	651,402

Nóta: Áirítear le sócmhainní oibriúcháin sócmhainní oidhreachta agus sócmhainní nuathógtha. Áirítear leo seo sócmhainní de ghlanluach de réir na leabhar €19,529,000 a bhfuarthas páirt-tabhartas/deontas ina leith ó thríú páirtithe. Rinneadh roinnt sócmhainní oibriúcháin a athluacháil sa bhliain – féach thíos. Is é glantionchar na ngluaiseachtaí luachála sin ar an Ráiteas ar Athruithe ar an gCaipiteal Gnáthscaireanna méadú €12,106,000 ar an nglanluach de réir na leabhar. Is ionann coigeartú ar aistriú airgeadra agus an difríocht idir an glanluach de réir na leabhar i leith sócmhainní seasta a ríomhadh trí leas a bhaint as rátaí malairte amhail deireadh na bliana agus an glanluach de réir na leabhar arna lua ag rátaí stairiúla malairte.

Athluachálacha 2018

	Glanluach de réir na Leabhar an 01.01.2018	Athluacháil	Breiseanna Diúscairtí Gluaiseachtaí Eile 2018	Glanluach de réir na Leabhar an 31.12.2018
	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Barrachais	35,062	(309)	(32,308)	2,445
Talamh agus Foirgnimh	15,569	(12,654)	31,774	34,689
Gléasra, Feithiclí agus Innealra	6,542	63	735	7,340
Sócmhainní Oibriúcháin	726,129	12,106	(5,439)	732,796
	783,302	(794)	(5,238)	777,270

Caipitlítear sócmhainní a bunaíodh ó chomhoibreacha le tríú páirtithe ar thalamh Uiscebhealaí Éireann sna cuntais nuair a chríochnaítear na hoibreacha ag na costais tionscadail a thabhaigh tríú páirtithe agus Uiscebhealaí Éireann. Léirítear na sócmhainní seo sa chúlchiste tabhartas agus sa chúlchiste deontas.
Beartas de chuid Uiscebhealaí Éireann é caipitliú a dhéanamh ar earraí ag a bhfuil saolré gheilleagrach fhónta de bhreis ar bhliain amháin agus luach de bhreis ar €1,000. Rangaítear caiteachas ar TF, ar throscán agus ar fheistis mar shócmhainn ghrúpáilte agus déantar caipitliú orthu.
Sa chás go gcruthófar sócmhainní nua nó go ndéanfar athluacháil ar shócmhainní reatha oibriúcháin de bharr tionscadal nach bhfuil críochnaithe go fóill, cuireadh na costais ghaolmhara tionscadail san áireamh faoi 'obair idir lámha' i gcuntais 2018.
Tá nós imeachta bearnúcháin i bhfeidhm agus léirítear in athluachálacha 2018 é.

8. Infheistíocht Ghearrthéarma

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Euro ar Éarlais Téarma Sheasta	3,000	2,691	1,000	887
Iomlán	3,000	2,691	1,000	887

9. Airgead sa bhanc agus ar láimh

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Cuntas Bainc Steirling	563	504	3	2
Cuntas Bainc Euro	1,205	1,081	609	540
Cúlchiste Bainc Euro	1,508	1,353	5,293	4,697
Mionairgead	2	2	2	2
Iomlán	3,278	2,940	5,907	5,241

10. Stoic

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Crua-Earraí	164	147	238	211
Adhmad	452	406	575	511
Breosla agus Bealaí	17	15	21	19
Éadaí Cosanta	62	56	69	61
Páirteanna Spártha agus Scagairí	26	23	35	31
Cártaí Cliste	12	11	18	16
Foilseacháin	23	21	27	24
Nithe ilghnéitheacha	15	13	28	25
Iomlán	771	692	1,011	898

11. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin:				
Féichiúnaithe Trádála	174	156	175	155
Lúide: Soláthar do dhrochfhiacha	(24)	(22)	(36)	(32)
Féichiúnaithe Eile	383	344	50	44
Réamhíocaíochtaí	699	627	1,188	1,055
Iomlán	1,232	1,105	1,377	1,222
Suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin:				
Réamhíocaíochtaí	139	125	73	65
Iomlán	1,371	1,230	1,450	1,287

12. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin:				
Creidiúnaithe Trádála	77	69	55	49
Creidiúnaithe Eile	2,245	2,014	911	808
CBL	7	6	8	7
Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha	1,097	984	1,573	1,396
Iomlán	3,426	3,073	2,547	2,260
Suimeanna dlite i ndiaidh bliain amháin:				
Ioncam Iarchurtha	100	90	104	92
Iomlán	3,526	3,163	2,651	2,352

13. Léasanna Oibriúcháin Eile

Ar an 31 Nollaig 2018 - íocaíochtaí léasa amach anseo faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe le haghaidh gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:	€'000 2018	€'000 2018	€'000 2017 Athshon-raithe	€'000 2017 Athshon-raithe
Léasanna a éagann:	Talamh agus Foirgnimh	Eile	Talamh agus Foirgnimh	Eile
Laistigh de bhliain amháin	260	8	261	11
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	418	1	678	9
Níos mó ná cúig bliana	1	-	2	-
	679	9	941	21

	STG£'000 2018	STG£'000 2018	STG£'000 2017	STG£'000 2017
Léasanna a éagann:	Talamh agus Foirgnimh	Eile	Talamh agus Foirgnimh	Eile
Laistigh de bhliain amháin	230	7	229	10
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	370	1	594	8
Níos mó ná cúig bliana	1	-	2	-
	601	8	824	19

Nóta: Rinneadh figiúirí comparáideacha 2017 a athshonrú de réir FRS102.

14. Foráil Iomlán

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Foráil Iomlán amhail an 31 Nollaig	3,797	3,406	3,287	2,917

14.1 Foráil do Shocraíocht Éileamh

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir		3,287	2,917	1,671	1,434
Foráil arna húsáid sa bhliain		(389)	(344)	(194)	(170)
Foráil sa bhliain	6	899	795	1,810	1,586
Difríocht san aistriú airgeadra		-	38	-	67
Amhail an 31 Nollaig		3,797	3,406	3,287	2,917

Nóta: Léiríonn an fhoráil seo meastachán iontaofa i ndáil le socraíochtaí dóchúla de bharr cásanna dlí agus íocaíocht Cánach, Úis agus Pionós le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim in aghaidh an Chomhlachta.

14.2 Foráil do Chora Carnroe

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir		-	-	475	408
Foráil sa bhliain	5	-	-	(475)	(416)
Difríocht san aistriú airgeadra		-	-	-	8
Amhail an 31 Nollaig		-	-	-	-

Nóta: Áirítear i gcuntais 2017 aisiompú forála €475,000 a gearradh ar an Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sna blianta roimhe as deisiúchán na cora. Bearnaigh Uiscebhealaí Éireann an tsócmhainn seo in 2017 go €50,000. Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach na forála chun éilimh a shocrú atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

15. Nótaí leis an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

15.1 Réiteach idir toradh na bliana agus an t-airgead glan a gnóthaíodh trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin:

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Toradh na bliana	(1,696)	(1,500)	(444)	(389)
Dímheas	11,271	9,970	9,016	7,900
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil	(11,271)	(9,970)	(9,134)	(8,003)
(Brabús)/Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	(16)	(14)	(4)	(4)
Laghdú/(Méadú) ar stoc	240	215	(118)	(105)
Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe	79	71	571	507
(Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe	875	785	(897)	(796)
Forálacha	510	457	1,141	1,012
Difríocht san aistriú airgeadra	-	(21)	-	(8)
Airgead glan a gnóthaíodh trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(8)	(7)	131	114

Nóta: Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach na sócmhainní agus na ndliteanas reatha atá inchurtha i leith an athraithe sna rátaí malartaithe i rith na bliana.

15.2 Réiteach idir glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid agus gluaiseacht airgid agus coibhéisí airgid:

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Airgead agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir	5,907	5,241	3,563	3,058
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid	(2,629)	(2,301)	2,344	2,183
Airgead agus coibhéisí airgid an 31 Nollaig	3,278	2,940	5,907	5,241
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(8)	(7)	131	114
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí neamh-oibriúcháin	(2,621)	(2,294)	2,213	2,069
Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid	(2,629)	(2,301)	2,344	2,183

16. Ceangaltais Chaipitil

Ceangaltais Chaipitil an 31 Nollaig 2018 nár foráladh dóibh:

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Conraithe	1,185	1,063	1,941	1,722
Údaraithe ach gan bheith conraithe	9,739	8,735	8,181	7,259

Nóta: Ní bhfuarthas ceadú foirmiúil le haghaidh chlár caipitil 2018.

17. Pinsin

17.1 Socraíocht Cuntasaíochta

Ceanglaíonn FRS 102 go léireoidh ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn ó oibleagáidí fostóirí agus aon mhaoiniú lena mbaineann agus an costas a bhaineann le soláthar sochair aoisliúntais a aithint sa tréimhse cuntasaíochta ina saothraíonn fostaithe iad.

Is é éifeacht FRS 102 costais na bpinsean a saothraíodh a shonrú mar chaiteachas sa bhliain seachas na híocaíochtaí a dhéantar le pinsinéirí, agus suim chomhfhreagrach mhaoinithe. Ina theannta sin, sonraíonn an Clár Comhardaithe an dliteanas carnach do phinsin a shaothraigh fostaithe amhail an 31 Nollaig 2018 chomh maith le sócmhainn chomhfhreagrach.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe (Deloitte Total Reward and Benefits Limited) an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS102 an 31 Nollaig 2018. Rinneadh na torthaí a ullmhú i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime agus dálaí an mhargaidh agus sonraí na scéime amhail an 31 Nollaig 2018 á gcuimsiú.

Ba iad seo a leanas na toimhdí príomhshuime achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS 102:

Amhail an 31 Nollaig	**2018**	**2017**	**2016**	**2015**	**2014**
Ráta lascaine Thuaisceart Éireann	2.75%	2.50%	2.70%	3.70%	3.60%
Ráta lascaine Phoblacht na hÉireann	2.15%	2.10%	1.90%	2.65%	2.10%
Ráta méadaithe ar Phraghasinnéacs Tomhaltóirí Thuaisceart Éireann	2.15%	2.10%	2.30%	1.90%	2.00%
Ráta méadaithe ar Phraghasinnéacs Tomhaltóirí i bPoblacht na hÉireann	1.40%	1.65%	1.50%	2.00%	2.00%
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.15%	2.10%	2.30%	2.90%	3.00%
Meánráta méadaithe do phinsin i dTuaisceart Éireann de réir an Phraghasinnéacs Tomhaltóirí	2.15%	2.10%	2.30%	1.90%	2.00%
Meánráta méadaithe do phinsin i bPoblacht na hÉireann					
de réir méaduithe tuarastail	2.15%	3.00%	3.00%	2.90%	3.00%
de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí	1.40%	1.65%	1.50%	2.00%	2.00%
Meánfhad measta saoil ag aois 65 dóibh seo a leanas:					
Fir atá 65 bliain d'aois faoi láthair	21.9	22.1	22.2	21.9	22.1
Mná atá 65 bliain d'aois faoi láthair	23.8	23.9	24.2	23.8	24.3
Fir atá 45 bliain d'aois faoi láthair	23.3	23.5	23.9	23.1	23.5
Mná atá 45 bliain d'aois faoi láthair	25.4	25.4	26.1	25.3	25.8

17.2 Gluaiseachtaí i nGlandliteanas Pinsean i rith na bliana airgeadais:

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
(Easnamh) sa phlean ag tús na bliana	(111,703)	(99,115)	(117,043)	(100,457)
Sochair a íocadh le linn na bliana	2,800	2,477	2,217	1,943
Glanaistriú (isteach)/amach as an scéim	(3)	(3)	(9)	(8)
Costas reatha seirbhíse	(5,755)	(5,091)	(5,512)	(4,830)
Creidmheas seirbhíse roimhe seo	-	-	-	-
Ioncam/(muirear) eile airgeadais	(2,473)	(2,188)	(2,341)	(2,051)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	4,691	4,208	10,985	9,747
Difríocht san aistriú airgeadra	-	(1,143)	-	(3,459)
(Easnamh) sa phlean ag deireadh na bliana	(112,443)	(100,855)	(111,703)	(99,115)

					Athshonraithe
	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí	17.5	(3,074)	(2,757)	8,108	7,194
Caillteanas/(gnóthachan) mar gheall ar ghluaiseachtaí airgeadra		538	483	(2,553)	(2,265)
Gnóthachan/(caillteanas) ar athrú toimhdí airgeadais		7,227	6,482	5,430	4,818
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach		4,691	4,208	10,985	9,747

Baineann an phríomhghné maidir leis an ngnóthachan achtúireach €4,691,000 le hathruithe san fhoshuíomh achtúireach lena laghdaítear an luach a chuirtear ar dhliteanais. Mar thoradh ar athrú a tháinig ar rátaí lascaine agus ar rátaí boilscithe i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, laghdaítear de €6,512,000 an luach a chuirtear ar dhliteanais. Laghdaítear luach dliteanais le €715,000 arís de bharr an athraithe ar fhoshuíomh básmhaireachta. Ach, seach-chuireann caillteanas ar dhliteanais é seo go pointe áirithe, agus léiríonn sé seo gur tugadh faoi luacháil achtúireach iomlán agus go raibh an taithí le linn na bliana difriúil ó na toimhdí amhail deireadh na bliana roimhe sin. Fuarthas ranníocaíochtaí fostaithe arbh fhiú €614,000 iad (2017: €612,000) le linn na bliana a tugadh don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an Roinn Bonneagair ar bhonn 85:15.
Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach an Ghlandliteanais Pinsean atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

17.3 Anailís ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain airgeadais:

	Nótaí	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Costas reatha seirbhíse		5,755	5,091	5,512	4,830
Ioncam/(muirear) eile airgeadais		2,473	2,188	2,341	2,051
Sochair a íocadh le linn na bliana		(2,800)	(2,477)	(2,217)	(1,943)
Glanaistrithe amach as/(isteach sa) scéim		-	-	9	8
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	3	5,428	4,802	5,645	4,946

Nóta: Baineann glanaistriú amach as an Scéim in 2016 le scor.

Costas reatha seirbhíse		5,755	5,091	5,512	4,830
Ioncam/(muirear) eile airgeadais		2,473	2,188	2,341	2,051
Costais Reatha na Seirbhíse Pinsean	4	8,228	7,279	7,853	6,881

17.4 Maoiniú Iarchurtha Pinsean

	€'000 2018	STG£'000 2018	€'000 2017	STG£'000 2017
Amhail an 1 Eanáir	111,703	99,115	117,043	100,457
(Laghdú)/Méadú ar Mhaoiniú Iarchurtha na Sócmhainne Pinsean	740	655	(5,340)	(4,679)
Difríocht san aistriú airgeadra	-	1,085	-	3,337
Amhail an 31 Nollaig	112,443	100,855	111,703	99,115

Sonraíonn Uiscebhealaí Éireann sócmhainn a léiríonn acmhainní atá le cur ar fáil ag Státchistí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann le haghaidh an dliteanais iarchurtha neamhchistithe do phinsin ar bhonn teagmhais áirithe san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an tacaíocht reachtúil do na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm i dtaca le maoiniú phinsin na seirbhíse poiblí sa dá dhlínse, lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil ná d'urrús dá bharr sin i dtaca leis na méideanna faoi leith seo leis na comhlachtaí maoinithe, níl aon fhianaise ag Uiscebhealaí Éireann nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach diaidh ar ndiaidh mar is dual dó de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ar an 31 Nollaig 2018 agus €112 milliún (2017 €111 milliún).

Léiríonn an coigeartú san aistriú airgeadra méid na ngluaiseachtaí i luach an Mhaoinithe Pinsean Iarchurtha atá inchurtha i leith an athraithe sa ráta malartaithe i rith na bliana.

17.5 Stair Dliteanais Sochair Shainithe

	Nótaí	€'000 2018	€'000 2017	€'000 2016	€'000 2015	€'000 2014
Barrachas/(easnamh) amhail an 31 Nollaig		(112,443)	(111,703)	(117,043)	(96,180)	(107,623)
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí	17.2	(3,074)	8,108	(7,648)	(481)	1,289
Céatadán de na Dliteanais Scéime		2.70%	7.3%	-6.5%	-0.5%	1.2%
	Nótaí	**STG£'000 2018**	**STG£'000 2017**	**STG£'000 2016**	**STG£'000 2015**	**STG£'000 2014**
Barrachas/(easnamh) amhail an 31 Nollaig		(100,855)	(99,115)	(100,457)	(70,695)	(83,812)
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí	17.2	(2,757)	7,194	(6,252)	(354)	1,004
Céatadán de na Dliteanais Scéime		2.70%	7.3%	-6.2%	-0.5%	1.2%

17.6 Fostaithe Nua

I gcás baill foirne nua a thosaíonn in Uiscebhealaí Éireann a raibh seirbhís tugtha acu roimhe sin in earnáil phoiblí Thuaisceart Éireann, i gcás scéimeanna maoinithe/neamh-mhaoinithe ríomhfaidh Riarthóir Pinsean Uiscebhealaí Éireann luach aistrithe agus cuirfear ar aghaidh é chuig an Roinn Bonneagair. Maidir le foireann as Deisceart Éireann a raibh seirbhís tugtha acu san earnáil phoiblí roimhe sin agus scéim mhaoinithe acu, ríomhfaidh Riarthóir Pinsean Uiscebhealaí Éireann an luach aistrithe agus cuirfear ar aghaidh é chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. I gcás scéim pinsean neamh-mhaoinithe de chuid na seirbhíse poiblí, fanann an dliteanas as seirbhís phoiblí na hÉireann roimhe sin le státchiste na hÉireann go dtí go ndéantar é a urscaoileadh.

Déanfaidh an Riarthóir Pinsean luachanna aistrithe scéimeanna maoinithe nach bhfuil sa tseirbhís phoiblí a roinnt agus a chionroinnt agus cuirfear an luach aistrithe tríd an gComhlacht chuig an dá Roinn. Bhí aistriú amháin de €11,000 sa scéim sa bhliain.

17.7 Fostaithe ag imeacht

Má fhágann fostaithe Uiscebhealaí Éireann déantar an tseirbhís in Uiscebhealaí Éireann a mhaoiniú tríd an Roinn Bonneagair ag 15% agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag 85% den tsuim atá le haistriú. Má tá seirbhís de chuid na hearnála poiblí i gceist roimhe sin mar a luaitear thuas maoineofar an luach aistrithe de réir an dlínse ábhartha ina iomlán (seachas scéim pinsean neamh-mhaoinithe de chuid na seirbhíse poiblí in Éirinn). Rinneadh aistriú amháin de €8,000 amach as an scéim sa bhliain.

17.8 Socruithe Pinsean – Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Cuimsítear líon codanna sa scéim pinsean ina bhfuil struchtúir éagsúla sochair. Is iad na codanna sin:

An Phríomhchuid Tuarastail Deiridh – socrú pinsin tuarastail deiridh is ea é seo ina bhfuil sochair atá bunaithe ar chuid Chlasaiceach Phríomhscéim Pinsin na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuime (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí faoin scéim. Ardaíodh an Ghnáthaois Scoir de réir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Airgeadais, agus ón 26 Nollaig 2018 ar aghaidh, ardófar an aois scoir éigeantaigh go 70 bliain d'aois, agus beidh feidhm leis, ar bhonn riaracháin, de réir mar a leagtar amach i mBille um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018. Déantar pinsin mar íocaíocht (agus iarchur) a mhéadú ar aon dul leis an ngnáthbhoilsciú praghsanna.

An Phríomhchuid Alpha – socrú pinsean um athluacháil meántuilleamh gairme nó scéim CARE is ea é seo ina bhfuil sochair atá bunaithe ar chuid Alpha de Phríomhscéim Pinsean na Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraítear pinsean atá bunaithe ar chéatadán (2.32%) pá inphinsin in aghaidh gach bliana de bhallraíocht ghníomhach (méadaítear/laghdaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim ar aon dul leis an ngnáthbhoilsciú praghsanna) agus pinsin céilí agus leanaí faoin scéim. Is í an Ghnáthaois Scoir Aois Pinsean Stáit baill sa dlínse ábhartha, arb é sin 67, 68 nó idir 67 agus 68 bliain d'aois faoi láthair sa Ríocht Aontaithe agus 68 bliain d'aois in Éirinn. Déantar pinsin mar íocaíocht (agus iarchur) a mhéadú ar aon dul leis an ngnáthbhoilsciú praghsanna.

Reserved Rights Sections – is iad sin roinnt codanna den scéim atá bunaithe ar scéimeanna pinsin sheirbhís phoiblí na hÉireann dá raibh fostaithe na gComhlachtaí Thuaidh/Theas ina mball ag an bpointe ar ainmníodh iad agus ar aistríodh iad nuair a bunaíodh na Comhlachtaí. Is socruithe pinsean tuarastail deiridh le sochair iad na scéimeanna sin atá mar an gcéanna le scéim ábhartha earnáil phoiblí na hÉireann e.g. an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe. Faoi na scéimeanna sin soláthraítear pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse do bhaill neamh-chomhtháite ach á chéadú in aghaidh na bliana seirbhíse ar thuarastal suas le 3.333 uair níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach agus ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse ar thuarastal os cionn 3.333 uair níos mó ná an Pinsean Seanaoise Ranníocach do bhaill chomhtháite), aisce nó cnapshuime (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) chomh maith le pinsin céilí agus leanaí. I mí na Nollag 2018, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais Comhaltaí ar an eolas go gcaithfidh siad an aois scoir éigeantaigh, a ardaíodh go 70 bliain d'aois, a chur i bhfeidhm ar bhonn riaracháin, de réir mar a leagtar amach i mBille um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018. Déantar pinsin mar íocaíocht (agus iarchur) a mhéadú ar aon dul le gnáthbhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí. Is ionann an Scéim um Chosaint ar Chearta le haghaidh Uiscebhealaí Éireann is infheidhme sa Deisceart agus an Scéim Pinsean Neamh-Ranníocach d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe agus an Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bhunaithe. Is ionann an scéim ábhartha i dTuaisceart Éireann agus Príomhscéim Pinsean na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann. Tá sochair ag formhór bhaill na Príomhchoda sna codanna Tuarastail Deiridh agus Alpha agus beidh baill nua a rachaidh isteach sa Scéim i ndiaidh an 1 Aibreán 2015, i bhformhór na gcásanna, ina mbaill den Phríomhchuid Alpha.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe (Deloitte) an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS 102 an 31 Nollaig 2018. Rinneadh na torthaí a ullmhú i mbliana trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime agus dálaí an mhargaidh agus sonraí na scéime amhail an 31 Nollaig 2018 á gcuimsiú.

18. Dliteanais Theagmhasacha

Tls é dliteanas teagmhasach Uiscebhealaí Éireann amhail an 31 Nollaig 2018 €210,000, (2017 €210,000) agus é bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ríomhtar é ag 60% den mheastachán is fearr atá socraithe i leith gach cáis.

Bhí Uiscebhealaí Éireann i láthair ag an gCúirt Oibreachais ar an 18 Meitheamh 2019 le freagra a thabhairt ar chás a bhaineann le híocaíocht airgead tíre nár íocadh le baill foirne. Chuir Uiscebhealaí Éireann agus an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil a n-aighneachtaí i láthair, agus i ndiaidh raon ceisteanna ón gCathaoirleach agus ón bpainéal, chuaigh siad amach lena moladh a bhreithniú. Cinnfidh toradh an cháis má tá na baill foirne i dteideal cúitimh. Níor chuirfear aon luach san áireamh sna cuntais go dtí go dtarlaíonn sé seo.

19. Feidhmíocht in aghaidh Príomhspriocanna Airgeadais

Cuirtear pleananna bliantúla gníomhaíochta faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus formheastar iad. Is iad na spriocanna airgeadais atá leagtha síos d'Uiscebhealaí Éireann ag na Ranna Coimircíochta agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais go bhfuil an caiteachas le coinneáil laistigh de theorainneacha buiséid. Baineadh amach an sprioc seo. Leagadh amach spriocanna neamhairgeadais freisin agus rinneadh tuairisc orthu i gCuid 1 den Tuarascáil Bhliantúil.

Tráth ar faomhadh na cuntais seo, níor fhaomh na Ranna Coimircíochta, na Ranna Airgeadais ná an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas Plean Gnó 2018 Uiscebhealaí Éireann go foirmiúil. Ní dócha go bhfaighfear faomhadh go dtí go mbeidh

Tionól Thuaisceart Éireann ina shuí.

Chuir an Roinn Bonneagair socruithe teagmhais i bhfeidhm, a shocraigh an Roinn Airgeadais ionas go bhféadfaí maoiniú a íoc leis an gComhlacht.

20. Idirbhearta Páirtí Ghaolmhair

Is comhlacht forfheidhmithe trasteorann é Uiscebhealaí Éireann faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus na Roinne Bonneagair. Déileáiltear leis na ranna seo mar pháirtithe gaolmhara, agus le linn na bliana, ba iad na ranna seo go príomha a mhaoinigh Uiscebhealaí Éireann agus bhí idirbhearta éagsúla ar siúl eatarthu. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Uiscebhealaí Éireann chun coimhlintí leasa a bhainistiú agus cuireadh iad seo i dtoll a chéile sa tréimhse faoi athbhreithniú.

Ní dhearna duine ar bith de chuid phríomhfhoireann bainistíochta Uiscebhealaí Éireann ná a bpáirtithe gaolmhara idirbhearta ábhartha le hUiscebhealaí Éireann sa bhliain airgeadais, mar atá, an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018.

21. Clár Caillteanas

Coimeádann Uiscebhealaí Éireann Clár Caillteanas. Bhí caillteanas €158,000 (2017 €378,000) ann le linn na bliana agus cuirtear an figiúr sin san áireamh sna cuntais seo sa chás go mbaineann an costas leis an mbliain airgeadais seo. Baineann €104,000 (2017 €140,000) le héilimh dhliteanais phoiblí, baineann €0 (2017 €100,000) le héilimh foirne, baineann €9,000 (2017 €6,000) le fiacha trádála nár íocadh in am agus baineann €45,000 (2017 €132,000) le héilimh eile.

22. Ionstraimí Airgeadais, Leachtacht, Ráta Úis agus Riosca Airgeadra Eachtraigh

22.1 Ionstraimí Airgeadais, Leachtacht, Ráta Úis agus Riosca Airgeadra Eachtraigh

De bharr shaghas neamhthrádála a ngníomhaíochtaí agus an bealach a ndéantar an Comhlacht a mhaoiniú, níl aon bhaol chomh mór sin ann don Chomhlacht i leith riosca airgeadais ar chuma na rioscaí a bhíonn i gceist le haonáin ghnó. Ceadaíonn an Meamram Airgeadais don Chomhlacht iasachtaí a thógáil faoi réir réamhcheadú na Ranna Coimircíochta agus na Ranna Airgeadais, nach bhfuil an Comhlacht tar éis a lorg. Cruthaítear na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais trí ghníomhaíochtaí oibriúcháin ó lá go lá agus ní bhíonn siad á gcoimeád d'fhonn na rioscaí a mhaolú a bhíonn ann i leith an Chomhlachta agus a gcuid gníomhaíochtaí ar bun acu. Is éard atá in ionstraimí airgeadais an Chomhlachta, go príomha, airgead, féichiúnaithe trádála agus creidiúnaithe trádála.

22.2 Leachtacht, Ráta Úis agus Riosca Airgeadra Coigríche

Déantar riachtanais acmhainní glanioncaim an Chomhlachta a mhaoiniú le hacmhainní a gcaitheann Tionól Thuaisceart Éireann agus Dáil Éireann vóta ina dtaobh ar bhonn bliantúil. Is amhlaidh an scéal don chaiteachas caipitil. Ní bhíonn baol suntasach leachtachta ann don Chomhlacht dá bharr.

Ní úsáideann an Comhlacht cistí ó fhoinsí tráchtála agus mar thoradh air sin, ní baol dóibh ó thaobh riosca suntasach ráta úis.

Cuirtear idirbhearta an Chomhlachta i bhfeidhm in airgeadraí de gach cuid d'Éirinn, agus na gnóthachain agus na caillteanais a cuireadh i dtaifead á n-aistriú go dtí an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus go dtí an Ráiteas Ioncaim. Tá neamhchinnteacht shuntasach roimh an gComhlacht i dtaobh an ráta malairte.

23. Imeachtaí tar éis na tréimhse Tuairiscithe

Níl aon tuairisc le tabhairt maidir le himeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe.

D'údaraigh an tOifigeach Cuntasaíochta an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 le heisiúint ar an 4 Iúil 2019.

Aguisín 1

Treoir Chuntas
Uiscebhealaí Éireann

AN TREOIR CHUNTAS ARNA TABHAIRT AG AN ROINN INFREASTRUCHTÚIR I dTUAISCEART ÉIREANN, AN ROINN CULTÚIR, OIDHREACHTA AGUS GAELTACHTA I bPOBLACHT NA hÉIREANN LE FORMHEAS NA RANNA AIRGEADAIS, DE RÉIR AN ORDAITHE UM CHOMHOIBRIÚ THUAIDH/THEAS (COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE) (TUAISCEART ÉIREANN), 1999 AGUS AN ACHTA UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA hÉIREANN, 1999.

Tabharfaidh na cuntais bhliantúla léargas fírinneach cóir ar an ioncam agus caiteachas agus ar na sreafaí airgid don bhliain airgeadais, agus ar staid na ngnóthaí amhail deireadh na bliana. Faoi réir an cheanglais seo, réiteoidh an comhlacht cuntais don tréimhse airgeadais an 31 Nollaig 2017 agus do bhlianta airgeadais ina dhiaidh sin de réir an mhéid seo a leanas:

a. An Treoir do Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla ó na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas;

b. Treoir eile a d'fhéadfadh Ranna Airgeadais a eisiúint ó thráth go chéile i leith cuntas a gceanglaítear léargas fírinneach cóir a thabhairt iontu;

c. Aon nochtadh sonrach eile a cheanglaítear ó Ranna Coimircíochta;

ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt le Ranna Airgeadais, agus sa chás sin, déanfar cur síos ar an eisceacht sna nótaí leis na cuntais.

Sínithe le húdarás Na Roinne Infreastruchtúr



Ainm: Peter May

29 Meitheamh 2018

Sínithe le húdarás na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ainm: Katherine Licken (Secretary General)

28 Meitheamh 2018